



IRISH RESEARCH COUNCIL
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn

COALESCÉ Ciste Taighde

Comhaontais Chomhoibríocha ar son
Dhúshláin Shochaíocha

Téarmaí agus Coinníollacha
2018



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland





An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills



<u>Seoladh an ghlaio</u>	1 Meitheamh 2018
<u>Sprioc-am do ráitis spéise</u>	28 Meitheamh 2018
Oscailt OLS	2 Iúil 2018
Sprioc-am do cheisteanna coitianta	20 Lúnasa 2018
SPRIOC-AM D'IARRATASÓIRÍ	3 Meán Fómhair 2018
Sprioc-am d'fhormhuiniú na hOifige Taighde	11 Meán Fómhair 2018
Toradh na scéime	Nollaig 2018
Síniú conarthaí/tús an tionscadail	Roimh dheireadh 2018

SPRIOC-AMANNA TÁBHACHTACHA DON GHLAO SEO

Leagan an doiciméad seo amach go mionsonrach eolas faoin nGlaio um Mhaoiniú Taighde 2018 COALESCE . Áirítear anseo Téarmaí agus Coinníollacha an iarratais, an próiseas iarratais, na critéir mheasúnaithe, agus na riachtanais tar éis bhronnadh na dámhachtana. Tá gach iarracht déanta ag an gComhairle le cinntiú go bhfuil an doiciméad seo cruinn, ach forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun an doiciméad a leasú



Clár Ábhair

RANNÁN 1: Cúlra an Ghlaio	6
1.1 Faoín gComhairle um Thaighde in Éirinn	6
1.2 Comhthéacs an Ghlaio COALESCE.....	6
1.3 Innovation2020.....	7
RANNÁN 2: Achoimre ar an gClár	8
2.1 Spriocanna an ghlaio seo	8
2.2 Achoimre ar na snáitheanna maoinithe faoin nglao seo	8
2.3 Snáithe 1 COALESCE	9
2.4 Cuspóirí Snáithe 1	9
2.5 Snáithe 2 COALESCE	10
2.6 Cuspóirí Shnáithe 2A.....	10
2.7 Cuspóirí Shraith 2B.....	11
2.8 An Creat um Dhúshlán Náisiúnta: Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta na hÉireann	11
2.9 Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta 1-6.....	13
2.10 Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta 7-10.....	14
2.11 An creat um Dhúshlán Domhanda : na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFlanna).....	15
2.12 Ag giniúint tionchar idirearnála agus polasaí feabhsaithe	16
RANNÁN 3: Cáilitheacht.....	16
3.1 Cáilitheacht do Shnáth 1	16
3.2 Cáilitheacht do Shnáithe 2A.....	16
3.3 Incháilitheacht do Shnáithe 2B	17
3.4 Coinníollacha Iarratais Ginearálta.....	18
3.5 Eolas tábhachtach maidir le hiarratais Shnáithe 2A (idirdisciplíneach).....	18
RANNÁN 4: Míreanna Incháilithe Caiteachais / Costais	19
4.1 Coinníollacha Ginearálta	19
4.2 Snáithe 1 agus 2A - Soláthar foirne agus costais incháilithe eile	19
4.3 Costais Taighde Incháilithe do Shnáithe 1 agus 2A.....	20
4.4 SNÁITHE 2B – SOLÁTHAR FOIRNE AGUS COSTAIS INCHÁILITHE EILE.....	21
RANNÁN 5: Togra a Ullmhú	24
5.1: Pleananna bainistíochta sonraí.....	24
5.2: Próiseas na n-iarratas.....	24
5.3 Foirm um Léiriú Spéise.....	25
5.4 CCanna	26

RANNÁN 6: Eolas do shealbhóirí dámhachtainí a d'éirigh leo	26
6.1 Freagrachtaí ginearálta Phríomhthaighdeoirí.....	26
6.2 Cuntasacht Airgeadais.....	26
6.3 Athbhreithniú ar Dhul Chun Cinn.....	27
6.4 Riachtanais tuairiscithe táscach:.....	28
Nóta: D'fhéadfadh riachtanais tuairiscithe táscach éagsúil ó na riachtanais thuasluaite a bheith ag snáithe 1B-1I. Féach an bhileog eolais maidir le snáitheanna chun an t-eolas iomlán a fháil.....	28
6.5 Iarchur dhámhachtain.....	28
6.6 Dámhachtain a fhoirceannadh.....	28
6.7 Admháil na Comhairle.....	28
6.8 Faomhadh Eiticiúil.....	29
6.9 Ionracas Taighde	30
6.10 An Ghné Ghnéis/Inscne	30
6.11 Maoín Intleachtúil/Aistriú Eolais.....	30
6.12 Polasaí Rochtain Oscailte	31
6.13 Dámhachtainí Breise	32
6.14 Freagrachtaí na nÓsteagraíochtaí (IAOanna/EDTanna).....	33
6.15 Dínit i Stiúradh na Taighde.....	33
6.16 Coinníollacha Ginearálta na Dámhachtana.....	33
AGUISÍN 1.....	35
Snáithe 1B: Athbhreithniú ar an Modheolaíochta a Úsáidtear chun Costas Tithíochta a Mheas i Staidrimh Oifigiúla.....	35
Snáithe 1C: Feasacht agus Éagsúlacht Idirchultúrtha in Éirinn	39
Snáithe 1D: Cearta Socheacnamaíochta in Éirinn a chur chun cinn.....	42
Snáithe 1E: An Dámhachtain Taighde um Shláinte Ghnéis agus Thoirchis Ghéarchéime	45
Snáithe 1 F: Bealaí chun páirt a ghlacadh in iompraíocht fhrithshóisialta i measc daoine óga a thuiscint: Tosca riosca agus cosanta agus deiseanna i gcomhair idirghabháil luath agus cosaint a aithint	47
Snáithe 1G: Dámhachtain um Thaighde i bPolasaí Maoinithe Bhithéagsúlacht II: Riachtanais Airgeadais agus Pleanáil Straitéiseach.....	55
Snáithe 1H: Oideachas agus cumarsáid geo-eolaíochta	58
Snáithe 1I: Luach oidhreacht geolaíochta don tsochaí agus don eacnamaíocht a mheas agus a chur in iúl.....	61
AGUISÍN 2.....	64
Snáithe 2B: Glao ó Chúnamh Éireann ar Thograí Taighde	64

AGUISÍN 3.....	67
Nósanna Imeachta agus Critéir Mheasúnaithe.....	67
AGUISÍN 4.....	71
Treoir maidir leis an Diminsean Gnéis-Inscne in Inneachar Taighde	71
AGUISÍN 5.....	74
Clár Oibre ar Fhorbairt Inbhuanaithe na NA.....	74
AGUISÍN 6.....	78
Acmhainní ar Phleananna Bainistíochta Sonraí agus ar Phrionsabail FAIR	78

RANNÁN 1: Cúlra an Ghlaio

1.1 Faoin gComhairle um Thaighde in Éirinn

Is é misean na Comhairle um Thaighde in Éirinn ná pobal taighde beomhar a chumasú agus a chothabháil in Éirinn. Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle cur leis an stór faisnéise agus saineolais atá ar fáil agus, trí thaighde agus taighdeoirí den chéad scoth a mhaoiniú, an stór a dhéanamh inrochtana do riachtanais reatha agus todhchaí na hÉireann, cibé an ar mhaithe le riachtanais shochaíocha, chultúrtha nó eacnamaíocha é. Chun an chuid seo dá mandáid a chomhlíonadh, tá cuspóir straitéiseach ag an gComhairle dul i gcomhar le páirtithe leasmhara sochaíocha, lena n-áirítear fiontair, ag díriú isteach ar an rialtas agus ar an tsochaí shibhialta chun a gcuid riachtanais a chomhlíonadh. Áirítear le cláir na comhairle a phléann leis na grúpaí sin an clár Taighde ar Pholasaí agus an tSochaí agus an clár New Foundations.

Cuireann an clár Innovation 2020 (an straitéis náisiúnta do thaighde agus forbairt) béim ar an riachtanas atá ann taighde a bheith ann a thugann aghaidh ar dhúshláin shochaíocha atá os comhair na hÉireann, ag an leibhéal náisiúnta agus domhanda: “Sna deich nó fiche bliain atá le teacht, beidh dúshláin mhóra romhainn, agus beidh an nuálaíocht agus an taighde mar chuid lárnach dár bhfreagraí náisiúnta”. Glacann an straitéis go bhfuil sé ríthábhachtach acmhainn taighde leathan a chothabháil chun cuspóirí polasaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a thacú. Tugadh roinnt gníomhaíochtaí don Chomhairle sa chlár Innovation 2020 chun caidreamh leis na heintitis phoiblí agus leis an tsochaí shibhialta maidir le polasaí poiblí agus taighde shochaíoch dúshlán-bhunaithe a mhéadú, rud a dhéanfaidh polasaithe poiblí agus a dtionchar ar an tsochaí a threisiú. Is riachtanas idirnáisiúnta agus náisiúnta é forbairt na hacmhainne agus an chórais taighde a thacú chun freagairt do dhúshláin shochaíocha. Mar sin, tá cláir na Comhairle dírithe níos mó agus níos mó ar chreata níos leithne, ar nós Horizon2020 Dúshlán Shochaíocha (Glaio New Horizons) agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (Glaio Chomhchistithe CAROLINE MSCA).

Mar chuid dá mandáid ghinearálta, agus chun cuspóirí an chlár Innovation 2020 a chomhlíonadh, tá an Chomhairle ag déanamh tuilleadh forbartha ar an gclár Taighde ar Pholasaí agus ar an tSochaí, agus ar chlár New Horizons trí na cláir seo a nascadh le chéile i dtionscnamh nua amháin, dá ngairtear COALESCE: Comhaontuithe Comhoibríocha do Dhúshláin Shochaíocha.

1.2 Comhthéacs an Ghlaio COALESCE

Tá dúshláin shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíoch os comhair na hÉireann. Baineann cuid de na dúshláin seo le hÉirinn amháin, ach baineann cuid eile le náisiúin Eorpacha eile agus go domhanda. Tá na dúshláin éagsúla atá againn mar náisiúin ráite go maith, ach go háirithe i bhfoirm an Chláir Oibre ar Fhorbairt Inbhuanaithe 2030, a bhfuil 17 sprioc aige. Chomhtháthaigh Horizon2020 dúshláin shochaíocha mar chuid lárnach den chreat, agus táthar ag súil leis go leanfaidh FP9 ar aghaidh ag baint úsáide as an gcur chuige seo.

Chomhtháthaigh Éire cur chuige dúshlán-bhunaithe idir-rialtais le déanaí, le foilsiú an Chreat Pleanála Náisiúnta (*Éire 2040*) agus an Phlean Forbartha Náisiúnta atá gaolmhar leis. Leagan an creat seo amach deich dToradh Straitéiseach Náisiúnta (TSNanna), a mbraitheann rathúnas, comhionannas, todhchaí inbhuanaithe agus cosaint ár gcomhshaol nádúrtha ar a gcomhlíonadh. Mar atá luaite sa chreat, tá ailíniú láidir idir na torthaí straitéiseacha náisiúnta agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe; tá gaol láidir freisin idir na TSNanna agus dúshlán shochaíocha Horizon2020.

Beidh baint amach na spriocanna náisiúnta agus domhanda dúshlánach iontu féin agus beidh leibhéal comhoibrithe agus comhordaithe gan fasach ag teastáil laistigh den Stát agus ar bhonn idirdhlínse. De bharr an iliomaid ghníomhaireachtaí a bheidh ag plé go díreach le cur i bhfeidhm an Phlean Forbartha Náisiúnta, beidh deiseanna móra le fáil do thaighdeoirí naisc nua a chruthú, go réigiúnach agus go háitiúil, rud a léireoidh luach chóras taighde na hÉireann mar acmhainn náisiúnta.

Tá ról lárnach ag taighde den scoth thar na disciplíní ar fad chun eolas agus fianaise nua a fhorbairt ar féidir le lucht déanta polasaithe agus cinnteoirí agus fiú amháin cleachtóirí a úsáid chun gníomhartha agus idirghníomaíochtaí a threorú chun go mbainfidh amach na ndúshlán shochaíocha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Chun rannpháirtíocht an chórais taighde a mhéadú i dtaca leis seo ní mór béim a chur ar mheicníochtaí láidre a thógáil chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas agus an fhianaise á aistriú agus á chomhtháthú i bpolasaí agus sa timpeallacht chleachtaithe, lena n-áirítear na caidrimh riachtanacha a dhéantar leis an earnáil phoiblí, an tsochaí shibhialta, nó eile, chun tacú leis an bpróiseas seo.

Cuireann an ghlaó nua seo leis agus nascann sé le chéile dhá iarchlár mhaoinithe taighde de chuid na Comhairle, sé sin *Taighde ar an bPolasaí agus ar an tSochaí*, agus an *Glaó um Thaighde Idirghisciplíneach New Horizons*. Tá sé de chuspóir ag an nglao nua taighde den scoth a mhaoiniú a thugann aghaidh ar dhúshlán náisiúnta agus Eorpaigh/Dhomhanda mar atá leagtha amach sna creata dúshlán atá i bhfeidhm faoi láthair. Tá an Glaó á rith i gcomhar le roinnt ranna agus ghníomhaireachtaí rialtais a chistíonn nó a chomhchistíonn sraitheanna áirithe.

Beidh an Chomhairle ag lorg maoinithe chun an clár a leathnú amach sna blianta amach romhainn trí chomhoibriú le ranna agus le ghníomhaireachtaí stáit.

1.3 Innovation2020

Mar straitéis na hÉireann don eolaíocht, don teicneolaíocht, don taighde agus don fhorbairt, díríonn Innovation2020 isteach ar cur chuige nua atá tiomanta ag dúshlán shochaíocha náisiúnta agus dhomhanda (Gníomh 4.2), agus cuirtear béim ar chaidreamh le gníomhaithe seachtracha sa phróiseas seo,.

Díríonn Gníomh 4.4 ar an bpolasaí poiblí agus tionchar sochaíoch a threisiú trí thacaíochtaí chun díriú isteach ar 'thaighde idirghisciplíneach a chothabháil; agus rannpháirtíocht eintiteas poiblí agus an tsochaí shibhialta i bpolasaí poiblí agus i dtaighde dúshlán-bhunaithe shochaíoch a mhéadú'. Éilíonn Gníomh 2.8 ar

mhaoinitheoirí taighde a chinntiú go ndreasaíonn siad agus go gcúitíonn siad comhoibriú idirdhisciplíneach’.

Is freagra an glao seo ar an gclár oibre náisiúnta ar thaighde agus cuireann sí deiseanna ar fáil do thaighdeoirí thar na disciplíní ar fad chun tionscadail thaighde den scoth a mholadh a fheabhsaíonn ár gcumas comhchoiteann dúshlán náisiúnta a bhaint amach agus oibriú i dtreo todhchaí inbhuanaithe domhanda.

RANNÁN 2: Achoimre ar an gClár

2.1 Spriocanna an ghlaio seo

Is í aidhm ghinearálta an ghlaio seo ná eolas, fianaise, comhoibrithe agus naisc nua a chothú a fheabhsaíonn ról agus tionchar phobal taighde na hÉireann chun dúshlán náisiúnta agus spriocanna domhanda níos leithne a bhaint amach. Déanfaidh COALESCE cáilíocht bhunús taighde na hÉireann a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán shochoaíocha. Tiománfaidh an glao comhoibriú gníomhaíoch idir iad siúd a tháirgeann eolas nua agus iad siúd a úsáideann é.

2.2 Achoimre ar na snáitheanna maoinithe faoin nglao seo

Snáithe	Arna mhaoiniú ag/i gcomhar le	Cur Síos	Fad an tionscadail	Teorainn mhaoinithe de réir tionscadail*
1A	An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	Glaio oscailte do thaighde a phléann le Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta (TSNanna)	24 mhí	€120,000
1B	An Phríomh-Oifig Staidrimh	Taighde a phléann le tithíocht úinéirí-áitithe agus le cóiríocht phríobháideach ar cíós	18 mhí	€100,000
1C	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (comhaoinithe le CTÉ)	Feasacht agus Éagsúlacht Idirchultúrtha in Éirinn	15 mhí	€100,000
1D	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (comhaoinithe le CTÉ)	Cearta Socheacnamaíocha in Éirinn a chur chun cinn	15 mhí	€100,000
1E	Clár Thoirchis Ghéarchéime an FSS	An Dámhachtain Taighde um Shláinte Ghnéis agus Thoirchis Ghéarchéime	15 mhí	€100,000

1F	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	Bealaí chun páirt a ghlacadh in iompraíocht fhrithshóisialta i measc daoine óga a thuiscint: Gnéithe riosca agus cosanta a aithint, agus na deiseanna atá ann chun idirghníomhaíochtaí agus cosc luath éifeachtach a chur i bhfeidhm	12 mhí	€90,000
1G	An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra	Dámhachtain um Thaighde i bPolasaí Maoinithe Bhithéagsúlacht II: Riachtanais Airgeadais agus Pleanáil Straitéiseach	24 mhí	€100,000
1H	Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann	Oideachas agus cumarsáid geo-eolaíochta	24 mhí	€100,000
1I	Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann	Luach oidhreacht geolaíochta don tsochaí agus don eacnamaíocht a mheas agus a chur in iúl	24 mhí	€100,000
2A	An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	Glaos oscailte do thaighde idirdhisciplíneach a phléann le dúshlán shochoaíoch náisiúnta agus dhomhanda arna threorú ag Phríomhscrúdaitheoir AHSS agus le leas-Phríomhscrúdaitheoir STEM	24 mhí (15 mhí ar a laghad)	€220,000
2B	Cúnamh Éireann	Taighde comhoibríoch le tíortha comhpháirtíochta chun forbairt polasaí a chur chun cinn agus chun acmhainneacht a thógáil	36 mhí	€350,000

*lena n-áirítear forchostais suas go dtí uasmhéid 25%

2.3 Snáithe 1 COALESCE

Tá sé de chuspóir ag Snáithe 1 COALESCE leas a bhaint as acmhainní agus saineolas chóras taighde na hÉireann chun deich sprioc náisiúnta na hÉireann mar atá leagtha amach i dTionscadal Éireann 2040 a bhaint amach. Ar a bharr sin, tabharfaidh an snáithe seo aghaidh ar ábhair thaighde sainiúla mar atá leagtha amach ag páirtnéirí maoinithe straitéiseacha an Ghlaos seo.

2.4 Cuspóirí Snáithe 1

Is iad seo a leanas cuspóirí Snáithe 1:

- Taighde den scoth a chothú mar bhunús d'fhorbairt i dtreo ceann amháin nó níos mó de Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta na hÉireann (TSNanna)

- Taighde den scoth a shaothrú i réimsí ar leith faoi na comhpháirtíochtaí cistithe straitéiseacha mar atá leagtha amach i Snáitheanna 1B-1I
- Chun comhoibriú idir thaighdeoirí agus an earnáil phoiblí a fheabhsú chun tacaíocht a thabhairt do cheapadh polasaithe agus cinnithe ar bhonn fianaise maith
- Deiseanna nua a chur ar fáil do thaighdeoirí luathghairme, faoi threoir an Phríomhscrúdaitheora (iarratasóir) chun scileanna agus taithí a fhorbairt i gcomhoibriú taighde idirearnála
- Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na hacmhainneachta sa chóras taighde chun oibriú laistigh den chur chuige dúshlán-bhunaithe náisiúnta.

Nóta: do **Shnáitheanna 1B-1I** tá sé i gceist ag an gComhairle dámhachtain amháin a dhéanamh in aghaidh na snáithe.

2.5 Snáithe 2 COALESCE

Dearadh Snáithe 2 chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt chomhoibrithe/acmhainneacht idirdhisciplíneach agus idirearnála i gcomhthéacs na ndúshlán domhanda agus idirnáisiúnta. Leathnóidh dámhachtaithe a ngníomhaíochtaí taighde amach agus cuirfidh siad le cumas inbhuanaitheachta a gcláir taighde tríd iomaíochas níos fearr a bhaint amach chun go n-éireoidh leo i gcláir chistithe Eorpacha agus idirnáisiúnta comhoibríocha, lena n-áirítear Horizon2020 agus FP9. Cuimsíonn an tsnáithe (i) Glao oscailte laistigh de chreat na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus (ii) snáithe ar leith arna mhaoiniú ag Cúnamh Éireann a phléann le comhoibriú taighde agus tógáil acmhainneacht idir Éire agus tíortha an domhain theas spriocdhírthe.

Tabharfaidh Snáithe 2 tacaíocht do thaighdeoirí chun naisc nua a chruthú agus chun líonraí eolais náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhfuil ann cheana a dhaingniú mar chuid de chur chuige dúshlán-bhunaithe. D'fhéadfadh go mbeadh forbairt scileanna taighde nó cur chuige modheolaíochta nua a bheith ag teastáil má ghlactar treonna nua taighde. Baileoidh cur chuige dúshlán-bunaithe le chéile acmhainní agus eolas thar réimsí, teicneolaíochtaí agus disciplíní éagsúla, lena n-áirítear na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí, agus go deimhin lasmuigh den saol acadúil, isteach in earnálacha nua.

Is iad na príomhiarratasóirí a bheidh ann do Shnáithe 2A ná taighdeoirí AHSS, le ETIM mar chomhiarratasóir.

2.6 Cuspóirí Shnáithe 2A

Is iad seo a leanas cuspóirí sainsiúla Shnáithe 2A

- Taighde idirdhisciplíneach de scoth a thugann aghaidh ar dhúshláin shochoaíocha dhomhanda a shaothrú
- Comhoibriú idir thaighdeoirí in Éirinn agus lucht déanta polasaithe agus/nó an tsochaí shibhialta, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a fheabhsú
- Tacaíocht a thabhairt d'acmhainneacht an chórais taighde maidir le comhoibriú idirdhisciplíneach agus dúshlán-bhunaithe

- Trí acmhainneacht a thógáil, ráta ratha taighdeoirí Éireannacha a chuireann iarratas isteach do chlár Horizon2020 do dhúshlán shochaíocha agus cholú(i)n eile laistigh den FP9 a fheabhsú
- Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt cheannaireacht taighde AHSS laistigh de chomhthéacs idirdhisciplíneach
- Deiseanna nua a chur ar fáil do thaighdeoirí luathghairme, faoi threoir an Phríomhscrúdaitheora (iarratasóir) chun scileanna agus taithí a fhorbairt i gcomhoibriú taighde idirearnála.

2.7 Cuspóirí Shraith 2B

Féadfaidh iarratasóirí ar Shnáithe 2B a bhaint as aon disciplín.

Tá snáithe 2B maoinithe ag Cúnamh Éireann, clár an Rialtais maidir le comhoibriú forbartha thar lear, arna riar ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Tá Cúnamh Éireann ag cur i bhfeidhm straitéis taighde do 2015-2019 faoi láthair. Tugann an straitéis tacaíocht d'fhorbairt fhianaise agus eolas nua, do thionchar polasaí níos fearr, agus d'acmhainneacht níos mó maidir le comhoibriú taighde le tíortha comhpháirtíochta. Is iad seo a leanas cuspóirí Shnáithe 2B:

- Chun deiseanna a chur ar fáil do chomhoibríochtaí nua idir thaighdeoirí in Éirinn agus taighdeoirí i dtíortha comhpháirtíochta incháilithe, bunaithe timpeall ar thionscadail taighde den scoth ailínithe laistigh de cheann amháin nó níos mó de na réimsí téamacha sainiúla (féach Aguisín 2)
- Chun forbairt na hacmhainne taighde comhoibríoch sna tíortha domhan theas a chumasú trí chomhpháirtíochtaí a chruthú le taighdeoirí Éireannacha, agus an acmhainn seo a úsáid chun a bheith rathúil i mbliain dheiridh Horizon2020 agus/nó FP9.
- Tionchar ar bheartas forbartha domhanda a ghiniúint, go háirithe laistigh de phobal beartais na tíre comhpháirtíochta
- Rannpháirtíocht an chóras taighde Éireannach don Chlár Oibre um Fhorbairt Inbhuanaithe 2030 a fheabhsú
- Cur chuige dúshlán-bunaithe maidir le taighde a chur chun cinn, ag tógáil ar an dóigh seo acmhainn thrasnáisiúnta agus chomhoibríoch, le torthaí dá bharr do spriocghrúpaí bochta agus leochaileacha.

Tugann Aguisín 2 treoir eolais iomlán d'iarratasóirí ar na comhthéacsanna agus na riachtanais do Shnáithe 2B.

2.8 An Creat um Dhúshlán Náisiúnta: Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta na hÉireann

Cuimsíonn Snáithe 1A glao oscailte ag lorg tograí do thaighde den scoth a phléann le ceann amháin nó níos mó de na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta mar atá leagtha amach i gclár Éire 2040.

Déanann an Rialtas cur síos ar an gCreat Pleanála Náisiúnta (CPN) mar a 'plean straitéiseach ardleibhéil chun fás agus forbairt ár dtír amach go dtí an bhliain 2040 a mhúnlú. Is creat é seo chun infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a threorú, chun deiseanna a chruthú agus a chur chun cinn dár ndaoine, agus chun ár

dtimpeallacht a chosaint agus a fheabhsú - ó shráidbhailte go cathracha, agus gach rud idir eatarthu.¹

“Is ionann an CPN agus Creat fadtéarmach a leagan amach conas ar féidir le hÉireann bogadh ar aghaidh ón bpatrún forbartha ‘gnó mar is gnách’”²

Tá Éire 2040 bunaithe ar ‘sraith spriocanna coiteanna do gach pobal ar fud na tíre. Déantar na spriocanna seo a chur in iúl sa Chreat mar Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta (TSNanna)³. Glacann an ciste taighde COALESCE leis an tsraith Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta mar bhunús leis an gcur chuige dúshlán-bunaithe náisiúnta.

Is iad seo a leanas na TSNanna:

1. Fás Dlúth
2. Inrochtaineacht
3. Eacnamaíochtaí Tuaithe agus Pobail Neartaithe
4. Soghluaiseacht Inbhuanaithe
5. Geilleagar Láidir
6. Nascacht Idirnáisiúnta Ardchaighdeán
7. Áis agus Oidhreacht Fheabhsaithe
8. Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin atá Seasmhach ó Thaobh na hAeráide de
9. Bainistíocht Inbhuanaithe ar Uisce, Dramhaíl agus Acmhainní Comhshaoil eile
10. Rochtain ar Chúram Leanaí, Oideachas agus Seirbhísí Sláinte Ardchaighdeán

Ar chúl an leathanaigh tugtar ráiteas comhthéacsúil, ón gCreat Pleanála Náisiúnta, faoi gach ceann de na TSNanna. Ba cheart d'iarratasóirí breathnú ar *Éire2040* agus ar an bPlean Forbartha Náisiúnta chun tuilleadh eolais a fháil ar gach ceann de na TSNanna.

¹ ‘Creat Pleanála Náisiúnta. Tionscadal Éireann 2040: Ag Tógáil Todhchaí na hÉireann’ (2018), 5.

² ‘Tionscadal Éireann’, 21.

³ ‘Tionscadal Éireann’, 13.



2.9 Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta 1-6



Fás Dlúth

Má dhéantar bainistíocht chúramach ar fhás inbhuanaithe chathracha, bailte agus sráidbhailte dlútha cuirfear luach leo agus cruthófar áiteanna níos mealltaí inar féidir le daoine maireachtáil agus a bheith ag obair. Tá go leor áiteanna forbartha poitéinsíúla inár lonnaithe uirbeacha, ceantair lánacha atá faoi úinéireacht phríobháideach go minic, atá oiriúnach agus a d'fhéadfaí iad a úsáid chun tithíocht, postanna, taitneamhachtaí agus seirbhísí a chur ar fáil, ach a chaithfear cur chuige sruthlínithe agus comhordaithe a úsáid chun iad a fhorbairt, le hinfheistíocht chun infreastruktúr a thógáil agus taitneamhachtaí a thacú, ionas gur féidir leo a bpoitéinsíúil a bhaint amach. Is príomhthosaíocht í na ceantair straitéiseacha seo a chur i ngníomh agus dlús agus comhdhlúthú éifeachtúil a bhaint amach, seachas tuilleadh forbartha sraoilleála uirbigh a chothú.



Inrochtaineacht Réigiúnach Fheabhsaithe

Tosaíocht eile ná inrochtaineacht idir phríomhionaid dhaoine uirbeacha agus a réigiún a fheabhsú. Ciallaíonn sé seo cinntiú go mbíonn inrochtaineacht mhaith ag gach réigiún agus ceantar uirbeach ar Bhaile Átha Cliath, agus ar a chéile freisin. Ní gá do gach bealach a aghaidh a chasadh i dtreo an oirthir, mar sin tá inrochtaineacht agus nascacht idir áiteanna ar nós Gaillimh agus Luimneach, chun sampla amháin a thabhairt, agus trí Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh chomh maith le rochtain ar an Iar-Thuaisceart rithabhachtach freisin.



Eacnamaíochtaí Tuaithe agus Pobail Neartaithe

Tá ról mór ag ceantair tuaithe i sainiú ár n-aitheantas, i dtiomáint ár ngeilleagar agus ár dtimpeallacht ardchaighdeán agus ní mór dóibh a bheith ina gcuid lánach don phlean forbartha straitéiseach go dtí 2040. Chomh maith leis an bpoitéinseal atá acu ó thaobh acmhainní nádúrtha agus na heamála bia atá ina gcolúin thraidisiúnta den gheilleagar tuaithe, tá nascacht feabhsaithe, leathanbhanda agus forbairt eacnamaíoch na tuaithe ag teacht chun cinn a chuireann ar fáil poitéinseal chun a chinntiú go gcaomhnaítear agus go ndéantar níos láidre ár gceantair tuaithe mar phobal maireachtála agus oibre.



Nascacht Idirnáisiúnta Ardchaighdeán

Tá sé seo rithabhachtach dár n-iomaíochas idirnáisiúnta go ginearálta agus chun aghaidh a thabhairt ar dheiseanna agus ar dhúshláin ó Brexit go hinfheistíocht inár gcalafoirt agus inár n-aerfoirt i gcomhréir le tosaíochtaí eanála a shainítear cheana féin tríd an bPolasaí Náisiúnta Calafort agus an Polasaí Náisiúnta Eitlíochta agus tionscadal aitheantais eile ar nós an dara rúdbhealach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Athfhorbairt Chalafoirt Chorcaí - Rinn an Scidigh.



Soghluaiseacht Inbhuanaithe

I gcomhréir le plean mhaolaithe na hÉireann maidir leis an Athrú Aeráide, ní mór dúinn ár gcórais luaineachta a leictriú diaidh ar ndiaidh ag aistriú ó chórais thiomána truaillitheacha ar mó a lorg carbóin go teicneolaíochtaí nua ar nós fheithiclí leictreacha agus tabhairt isteach córas greama leictreach agus hibride do fhléanna iompair phoiblí, sa chaoi go mbeidh timpeallacht níos glaine, níos ciúine inár gcathracha agus bailte roimh 2040 saor ó chórais iompair tiomanta ag innill dhóchaine.



Geilleagar Láidir, arna thacú ag Fiontar, Nuálaíochta agus Scileanna

Braithfidh sé seo ar áiteanna a chruthú ina shaothraítear fiontar agus nuálaíocht agus ar infheistíocht agus tallann a mhealladh. Féadfar é a bhaint amach trí thiománaithe eacnamaíoch réigiúnacha a thógáil agus trí thacaíocht a thabhairt do dheiseanna chun an geilleagar tuaithe a éagsúlú agus a láidirú, agus chun poitéinseal na n-áiteanna seo a fhuascailt. Chun an toradh seo a bhaint amach beidh gá le comhordú fais agus áiteanna a chruthú tríd infheistíocht a dhéanamh in infreastruktúr den chéad scoth, lena n-áirítear nascacht dhigiteach, agus i scileanna agus tallann chun tacaíocht a thabhairt d'iomaíochas eacnamaíoch agus fás fiontraíochta.



Tionscadal Éireann 2040

Ag Tógáil Todhchaí na hÉireann

Tionscadal Éireann 2040



2.10 Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta 7-10



Taitneamhachtaí agus Oidhreacht Feabhsaithe

Cinnteoídh sé seo go bhfuil ár gcathracha, ár mbailte agus ár sráidbhailte mealltach agus go bhfuil an caighdeán saoil atá ar fáil iontu go maith. Beidh infheistíocht i riocht phoiblí dea-dhearthra ag teastáil, infheistíocht a chuimsíonn spásanna poiblí, páirceanna agus sráideanna, chomh maith le hinfreastruchtúr fóillíochta. Cuimsíonn sé freisin taitneamhachtaí i gceantair tuaithe, ar nós páirceanna náisiúnta agus foraoise, turasóireacht gníomh-bhunaithe agus cosáin ar nós na glasbhealaí, na gormbhealaí agus na móinbhealaí. Tá sé seo nasctha agus is gá dó comhtháthú lenár n-oidhreacht thógtha, chultúrtha agus nádúrtha, a bhfuil luach ann féin aige maidir le saineú charachtar cheantar uirbeach agus tuaithe agus cur lena mealltach agus lena saineúlacht.



Bainistíocht Inbhuanaithe ar Uisce, Dramhaíl agus Acmhainní Comhshaoil eile

Tá acmhainní nádúrtha agus comhshaoil fairsing ag Éirinn ar nós na hacmhainní uisce atá ríthábhachtach dár bhfolláine timpeallachta agus eacnamaíoch sa todhchaí. Beidh tábhacht níos mó ná riamh ag caomhnú agus feabhsú cháilíocht na n-acmhainní seo i ndomhan níos dlúth ó thaobh daonra de agus níos iomaíoch, agus beidh tábhacht freisin lenár gcumas leas a bhaint as táirgí a ceapadh roimhe seo a bheith mar dhramhaíl, chun leasanna sa gheilleagar ciorclach a chruthú.



Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin atá Seasmhach ó Thaobh na hAeráide de

Leagan an Seasamh Polasaí maidir leis an Aeráid Náisiúnta síos an cuspóir náisiúnta chun an t-athrú a dhéanamh go dtí geilleagar iomaíoch, ísealcharbóin, láidir ó thaobh na haeráide de agus inbhuanaitheach ó thaobh an chomhshaoil de roimh 2050. Treoróidh an cuspóir seo roghanna infheistíocht sna deich nó fiche bliain atá romhainn i gcomhréir leis an bPlean Mhaolaithe Náisiúnta agus an gCreat Oiriúnaithe Náisiúnta. Nua beidh gá le córais fuinnimh agus le heangaí tarchurtha nua chun córas giniúna fuinnimh atá dírithe ar fhuinneamh inathnuaite a bhaint amach, ag baint leasa as poitéinseal ar an gcladach agus san fharraige amuigh ó fhoinsí fuinnimh ar nós na gaoithe, na dtionnta agus na gréine ag nascadh na foinsí is saibhre den fhuinneamh sin leis na foinsí is mó a éilíonn fuinneamh.



Rochtain ar Chúram Leanaí, Oideachas agus seirbhísí Sláinte Ardchaighdeáin

Is gné shainiúil d'áiteanna mealltacha, rathúla agus iomaíocha rochtain mhaith ar réimse leathan seirbhísí oideachais agus sláinte, i gcomhréir le scála réigiúin, chathair, bhaile, chomharsanacht nó pobal. Cuirfidh fás dlúth, cliste i gceantair uirbeacha agus fás pobail láidre agus buansheasmhacha tuaithe ar ár gcumas réimse seirbhísí inrochtana agus éifeachtúla a chur ar fáil.

2.11 An creat um Dhúshlán Domhanda: na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFlanna)

Cuimsíonn Snáithe 2A gairm oscailte ag lorg tograí do thaighde idirdhisciplíneach den scoth a phléann ceann amháin nó níos mó de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Glaonn na SFlanna ar gach tír, bocht, saibhir agus meán-ioncam, gníomhú ar son rathúnais agus ag an am céanna an domhan a chosaint. Aithníonn siad gur gá straitéisí a chruthaíonn fás eacnamaíoch agus a thugann aghaidh ar réimse riachtanas sóisialta lena n-áirítear oideachas, sláinte, cosaint shóisialta, agus deiseanna fostaíochta, a chur i bhfeidhm chun bochtanas a chealú, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus ar chosaint an chomhshaoil. Cé nach bhfuil na [SFSanna](#) ina ceangail de réir dlí, bítear ag súil leis go nglacfaidh rialtais freagracht astu agus go mbunódh siad creatanna ar mhaithe leis na 17 Sprioc a bhaint amach.⁴

Is creat domhanda iad na SFPanna do phríomhdhúsláin na linne seo. Glactar leis an ailíniú idir TSNanna Éireann agus na SFSanna in *Éire2040*, agus soláthraíonn tuarascálacha a ullmháíodh don Choimisiún Eorpach aithinteas láidir do na SFSanna mar phointe tagartha domhanda, cé gur ceann an-leathan é, do dhúshlán/mhisin do nuálaíocht agus taighde faoi thionchar Eoraip.⁵



⁴ 'UNDP: Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe' (2015) <https://sustainabledevelopment.un.org/?menu=1300>

⁵ 'LAB-FAB-APP: Ag Infheistiú sa Todhchaí atá Uainn (2017), 15.

2.12 Ag giniúint tionchar idirearnála agus polasaí feabhsaithe

Cistíonn nó comhchistíonn roinn/gníomhaireacht rialtas snáithe 1B-1I agus 2B, agus mar sin beidh comhpháirtíocht pholasaí láidir i bhfeidhm i rith na taighde agus i rith scaipthe na dtorthaí.

Is príomhriachtanas é seo freisin do snáithe 1A agus 2, agus taispeánfaidh tionscadail chistithe comhtháthú lucht déanta polasaithe agus/nó cleachtaithe ina dtograí, lena n-áirítear an pobal sibhialta. Léirítear an bhéim ar na gnéithe seo sna critéir mheastúcháin don na snáithe atá leagtha amach in Aguisín 3.

Bítear ag súil leis go gcomhtháfaidh iarratasóirí comhpháirtíochtaí idirearnálacha thar saolré an tionscadail ón gcéim deartha go dtí an chéim scaipthe, agus spreagtar smaointe nuálaíoch ina leith seo, lena n-áirítear fiontar. Éileoidh meastachán na Comhairle samplaí d'fhianaise nithiúil maidir le cé chomh láidir is atá an chomhpháirtíocht. D'fhéadfadh comhchistiú de thionscadail bheartaithe ag comhpháirtithe idirearnálacha a bheith i gceist leis seo.

Ba cheart d'iarratasóirí cloí leis an dea-chleachtas agus leis na hacmhainní atá ar fáil. Áirítear leis seo tuarascáil ar Taighde atá Déanta ag Campus Engage, agus atá cistithe ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn.

RANNÁN 3: Cáilitheacht

3.1 Cáilitheacht do Shnáth 1

Beidh iarratas rathúil, seolta isteach ar spriocdháta an ghlaio (3 Meán Fómhair 2018) ag:

Go ndéanann PI a bhfuil conradh atá sách fada aige le IAO nó EDT incháilithe aige an taighde ó dháta tosaigh an tionscadail go dtí an dáta deiridh.

Féach liosta de na hinstitiúidí incháilithe ag <http://research.ie/about-us/policies/>

Ní mór do Phríomhscrúdaitheoir rathúil:

- A gcéimeanna dochtúireachta a bheith bronnta orthu tráth nach déanaí ná 1 Samhain 2016. Don choinníoll seo, ba cheart dáta arna bronnadh na gcéimeanna a bheith curtha san áireamh.
- Nach bhfuiltear ag fáil aon chistiú eile ón gComhairle ag an dáta tosaigh beartaithe, seachas más dámhachtain New Foundation agus/nó dámhachtain Ulysses atá i gceist.

3.2 Cáilitheacht do Shnáithe 2A

Féadfaidh iarratasóirí ó aon disciplín AHSS (féach Aguisín A ina bhfuil doiciméadú gairme) iarratas a dhéanamh ar chistiú in éineacht le hiarratasóir ainmnithe ó aon disciplín STEM (féach Aguisín B).

Féadfaidh iad seo a leanas iarratas idirdhisciplíneach, ar dháta deiridh na gairme (3 Meán Fómhair 2018) a chur isteach:

Príomhscrúdaitheoir AHSS a bhfuil conradh sách fada aige cheana le IAO nó le EDT incháilithe chun an taighde beartaithe a dhéanamh ó dháta tosaigh go dtí dáta deiridh an tionscadail

IN ÉINEACHT LE

Leas-Phríomhscrúdaitheoir STEM (comhiarratasóir) **éigeantach agus ainmnithe** a bhfuil conradh sách fada aige le IAO nó EDT incháilithe chun an taighde beartaithe a dhéanamh ó dháta tosaigh go dtí dáta deiridh an tionscadail.

Ní mór don phríomhthaighdeoir AHSS agus don Leas-Phríomhscrúdaitheoir STEM:

- A gcéimeanna dochtúireachta a bheith bronnta orthu tráth nach déanaí ná 1 Samhain 2016. Don choinníoll seo, ba cheart dáta arna bronnadh na gcéimeanna a bheith curtha san áireamh.

Nach bhfuiltear ag fáil aon chistiú eile ón gComhairle ag an dáta tosaigh beartaithe, seachas más dámhachtain New Foundation agus/nó dámhachtain Ulysses atá i gceist.

3.3 Incháilitheacht do Shnáithe 2B

Beidh iarratas rathúil, seolta isteach ar spriocdháta an ghlaio (3 Meán Fómhair 2018) ag:

Príomhthaighdeoir ceannais a bhfuil conradh sách fada aige le IAO nó EDT incháilithe chun an taighde beartaithe a dhéanamh ó dháta tosaigh go dtí dáta deiridh an tionscadail.

Féach liosta de na hinstitiúidí incháilithe ag <http://research.ie/about-us/policies/>

IN ÉINEACHT LE

Leas-Phríomhscrúdaitheoir (comhiarratasóir) **éigeantach agus ainmnithe** atá fostaithe in eagraíocht déanta taighde (EDT) i gceann de thíortha comhpháirtíochta Chúnamh Éireann agus a bheidh in ann an taighde beartaithe a dhéanamh ó dháta tosaigh go dtí dáta deiridh an tionscadail. Féadfaidh EDT i dtír chomhpháirtíochta a bheith ina institiúid ardleibhéil phoiblí nó seachbhrabúsach nó ina institiúid taighde. Caithfidh an acmhainn agus an t-infreastruchtúr a bheith ag an EDT an taighde a dhéanamh.

Beidh na cáilíochtaí seo a leanas ag an bpríomhiarratasóir:

- Go mbeadh Dochtúireacht bainte amach aige le cúig bliana nó níos mó
- Go mbeadh ar a laghad dhá bhliain taithí aige mar Phríomhscrúdaitheoir
- Go mbeadh taithí aige a bheith ag obair laistigh de chuibhreannais taighde agus/nó ar thionscadail taighde idirnáisiúnta
- In ann a léiriú go bhfuil taighde déanta aige faoi cheann amháin nó níos mó de théamaí Chúnamh Éireann don snáithe seo

Beidh na cáilíochtaí seo a leanas, ar a laghad, ag an gcomhiarratasóir:

- Go mbeadh Dochtúireacht bainte amach aige le cúig bliana nó níos mó anuas (nó go mbeadh cáilíochtaí/taithí taighde comhionanna aige)
- Go mbeadh taithí aige a bheith ag comhoibriú ar thaighde idirnáisiúnta

- In ann a léiriú go bhfuil taighde déanta aige faoi cheann amháin nó níos mó de théamaí Chúnamh Éireann don snáithe seo

3.4 Coinníollacha Iarratais Ginearálta

Ní mór go mbeadh an príomhiarratasóir agus aon leas-phríomhthaighdeoir in ann a dhóthain ama a thabhairt do bhainistíocht agus do chur i gcrích an tionscadail. Moltar do na Príomhthaighdeoirí, agus iad ag cur isteach iarratais ina ainm féin, go bhfuil sé de dhualgas orthu an tionscadal a fhorbairt, ag tabhairt na hairdw agus an ama is gá dó agus gan an tionscadal a ligean ar fochonradh do aon pháirtí nó páirtithe eile. Ina theannta sin, is cuid de Théarmaí agus Coinníollacha ginearálta na scéime seo na riachtanais atá leagtha amach ag Comhpháirtithe Straitéiseacha na scéime seo.

Féadfaidh iarratasóirí **iarratas comhthráthacha** dhéanamh ar dhámhachtain Shnáth 1 agus ar dhámhachtain Shnáth 2. Má tharlaíonn sé go n-éiríonn le hiarratasóir l níos mó ná snáth amháin den ghairm seo, ní mór don iarratasóir straitéis bhainistíochta ama a léiriú agus ceadú a fháil ón gComhairle um Thaighde in Éirinn chun go ligfí dó glacadh leis an dá dhámhachtain

3.5 Eolas tábhachtach maidir le hiarratais Shnáithe 2A (idirdhisciplíneach)

Is iad seo a leanas na huas/íoscostais foirne don dá chatagóir dhisciplíneach:

Costais Phearsanta (Forchostas 25% san áireamh)	
EDES	ETIM
Íosmhéid 30% - Uasmhéid 70%	Íosmhéid 30% - Uasmhéid 70%

Ní cheadaítear ach iarratas amháin do gach príomhiarratasóir AHSS faoi Shnáth 2A.

Ní cheadaítear ach an Leas-Phríomhscrúdaitheoir STEM a ainmniú ach ar dhá iarratas ar a mhéid. Má tharlaíonn sé go n-éiríonn le níos mó ná iarratas amháin, ní mór don iarratasóir straitéis bhainistíochta ama a léiriú ag an bpointe a dhéantar an dámhachtain a thairiscint, chun a thaispeáint gur féidir leis/léi spriocanna an dá tionscadal a chomhlíonadh.

RANNÁN 4: Míreanna Incháilithe Caiteachais / Costais

4.1 Coinníollacha Ginearálta

Caithfear gach costas a lorgáítear faoi iarratas a shonrú agus údar maith leo a thabhairt. Caithfidh iarratasóirí léiriú go soiléir go bhfuil aon chostais atá a lorg riachtanach chun an clár taighde beartaithe a thabhairt chun críche agus nach bhfuil a leithéid de shaoráidí ar fáil don (do na) taighdeoir(i) ar bhealach ar bith eile. Is gné thábhachtach den phróiseas meastóireachta agus measúnachta é cumas an iarratasóra luach ar airgead a léiriú. Ba chóir d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuil ríomh a mbuiséid déanta i gceart agus iad ag cloí leis na costais incháilithe atá leagtha amach thíos.

Ní mór an próiseas earcaithe foirne (e.g. cúntóirí taighde, taighdeoirí iardhochtúireachta, mic léinn iarchéime) a dhéanamh ar bhealach oscailte, trí fhógra poiblí. Caithfear foireann a earcú le haghaidh an tionscadail agus an ábhair bhronnta ar leith amháin. Féadfaidh earcú foirne tosnú roimh dháta tosaigh an tionscadail agus is féidir na costais earcaithe a ghearradh ar an tionscadal (taobh amuigh den dáta tosaigh oifigiúil) le ceadú roimh ré ón gComhairle.

Rinneadh Creat Rialála Fostaíochta (CRF) don earnáil oideachais ardleibhéil a eisiúint don earnáil ar an 11 Márta 2011. Táthar ag súil leis go gcuirfear críoch leis na pléití leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir leis an gComhaontas Smachtbhannaí Tarmligthe a bhfuil á chur in áit an ECF. Idir an dá linn, caithfidh institiúidí leanúint de chloí le prionsabail an CRF.

Féadfaidh foráil do bhallraíocht foirne taighdeoirí ó institiúidí agus ó eagraíochtaí taobh amuigh d'institiúidí incháilithe, lena n-áirítear rannpháirtíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta a bheith san áireamh in iarratais Shnáth 1 agus 2A. Ach ní ceadmhach ach costais chomhoibrithe (seachas costais phearsanta) a leithdháileadh ar a leithéid d'institiúidí/eagraíochtaí, agus caithfear luach breise a leithéid de chostais a léiriú **go ríshoiléir**. Maidir le hiarratais do Shnáithe 2A, ní gá ach na Príomhscrúdaitheoirí AHSS agus na Leas-Príomhscrúdaitheoirí STEM a ainmniú go sonrach.

4.2 Snáithe 1 agus 2A - Soláthar foirne agus costais incháilithe eile

Féadfar costais athsholáthair foirne a éascaíonn rannpháirtíocht sa tionscadal a chur san áireamh sna costais, ach caithfear an bonn cirt atá leo a léiriú go soiléir.

Costais Foirne	Uaschostas le haghaidh 1 bhliain féilire	Uaschostas le haghaidh leath bliana féilire
Athsholáthairtí Acadúla	€24,353 (le ÁSPC 10.85% agus Ranníocaíocht Phinsean an Fhostóra 20% san áireamh)	€12,177 (le ÁSPC 10.85% agus Ranníocaíocht Phinsean an Fhostóra 20% san áireamh)

Cúntóir Taighde (d'fhéadfadh pá pro rata a bheith i gceist)	Ba cheart d'Údaráis um Ard-Oideachas úsáid a bhaint as an scála tuarastail an taighdeora institiúide i leith cúntóirí taighde agus i leith taighdeoirí iardhochtúireachta. Ní mór údar a thabhairt do na costais seo go soiléir san fhoirm iarratais. Ní mór forálacha do ÁSPC 10.85% & Rannaíocht Phinsean an Fhostóra 20% a bheith san áireamh leis an tuarastal iarrtha. Mar chuid de phróiseas ghlacadh an dámhachtana, ní mór don oifig taighde a dheimhniú go bhfuil an tuarastal iarrtha i gcomhréir le scála tuarastail an taighdeora institiúide agus fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil.
Taighdeoir Iardhochtúireachta (d'fhéadfadh pá pro rata a bheith i gceist)	

4.3 Costais Taighde Incháilithe do Shnáithe 1 agus 2A

Ní mór gach costáil a dhlisteanú go soiléir. Ní bheidh ach na costais a thabhaítear le linn saol na dámhachtana incháilithe.

Costas agus treoir	Snáithe 1	Snáithe 2A
Costais Foirne Féach thuas	Tá	Tá
Costais Taistil Is féidir costais le haghaidh taistil, maireachtála agus lóistín a iarraidh. Ba cheart sonraí maidir le líon na dturas, an suíomh agus an cuspóir agus fad na dturas a chur ar fáil agus na baill foirne atá i gceist. Ba cheart go mbeadh iarratais ar thaisteal agus ar lóistín i gcomhréir le rátaí institiúideacha agus noirm a bhaineann le taisteal agus lóistín. Ní costas incháilithe é taisteal sa ghrád gnó.	Tá	Tá
Comhoibriú Costais chun tacaíocht a thabhairt do chomhtháthú lucht déanta polasaithe agus comhpháirtithe eile (náisiúnta nó idirnáisiúnta) sa tionscadal taighde beartaithe	Uasmhéid de 10% de chostais iomlána an tionscadail	Uasmhéid de 10% de chostais iomlána an tionscadail
Tomhaltáin Is féidir trealamh seachas trealamh TF a bhfuil luach nach lú ná €1 mhíle aige a chur san áireamh anseo	Uasmhéid incheadaithe: €1,000	Uasmhéid incheadaithe: €2,000
Rochtain ar bhonneagar taighde Infreastruchtúr taighde taobh amuigh den institiúid óstach amháin atá bailí do chostais	Tá	Tá
Foilseacháin agus aschuir thaighde, lena n-áirítear Costais i dtaobh bainistíochta sonraí, cartlannú, digitiú agus stóráil rochtana oscailte	Tá	Tá

Scaipeadh agus Malartú Eolais Costais a bhaineann le scaipeadh an taighde, freastal ar sheimineár/ar chomhdháil (cuir sonraí ar fáil faoi ainm agus suíomh nuair is féidir) agus bealaí eile scaipthe agus ábhair m.sh. tuarascálacha, suíomh gréasáin, srl. agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le malartú eolais.	Tá	Tá
Comhairleacht Ní mór dó a bheith ábhartha agus bailí	Suas le huasmhéid €5,000	Suas le huasmhéid €10,000
Forchostais Baineann forchostas le gach costas díreach seachas costais trealaimh. Tá forchostais ar fáil maidir le costais dhíriú a tabhadh in institiúidí bunaithe in Éirinn agus in institiúidí comhphárteacha.	Uasmhéid 25%	Uasmhéid 25%
Trealamh Cuir sonraí ar fáil le do thoil maidir le haon earraí trealaimh atá á iarraidh agus an bonn cirt a bhaineann leo. Díreoidh an Chomhairle go háirithe ar aon trealamh a iarrtar (m.sh. ríomhairí glúine, taifeadáin gutha, srl). Beidh réasúnaíocht láidir ag teastáil maidir le hiarratais dá leithéid chomh maith le cur síos ar na fáthanna nach bhféadfaí earraí dá leithéid a chur ar fáil don iarratasóir ó fhoinsí eile ar bith.	Tá	Tá

4.4 SNÁITHE 2B – SOLÁTHAR FOIRNE AGUS COSTAIS INCHÁILITHE EILE

Féadfar costais athsholáthair foirne a éascaíonn rannpháirtíocht sa tionscadal a chur san áireamh sna costais, ach caithfear an bonn cirt atá leo a léiriú go soiléir. Tá an Príomhscrúdaitheoir/Institiúid in Éirinn freagrach as comhordú ginearálta an tionscadail, lena n-áirítear an tír comhphárteach, agus ó thaobh aistriú cistithe agus monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas.

Costais Foirne - Éire	Uaschostas le haghaidh 1 bhliain féilire	Uaschostas le haghaidh leath bliana féilire
Athsholáthairí Acadúla (Príomhscrúdaitheoir bunaithe in Éirinn amháin)	€24,353 (le ÁSPC 10.85% agus Ranníocaíocht Phinsean an Fhostóra 20% san áireamh)	€12,177 (le ÁSPC 10.85% agus Ranníocaíocht Phinsean an Fhostóra 20% san áireamh)
Cúntóir Taighde (d'fhéadfadh pá pro rata a bheith i gceist)	Ba cheart d'Údaráis um Ard-Oideachas úsáid a bhaint as an scála tuarastail an taighdeora institiúide i leith cúntóirí taighde agus i leith taighdeoirí iardhochtúireachta. Ní mór údar a thabhairt do na costais seo go soiléir san fhoirm iarratais.	

Taighdeoir lardhochtúireachta (d'fhéadfadh pá pro rata a bheith i gceist)	Ní mór forálacha do ÁSPC 10.85% & Rannaíocht Phinsean an Fhostóra 20% a bheith san áireamh leis an tuarastal iarrtha. Mar chuid de phróiseas ghlacadh an dámhachtana, ní mór don oifig taighde a dheimhniú go bhfuil an tuarastal iarrtha i gcomhréir le scála tuarastail an taighdeora institiúide agus fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil.
---	---

Costais Foirne – Tír Chomhpháirteach	Costais Foirne
Costais fostaíochta an leas-Phríomhthaighdeora	Féadfaidh suas go dtí 50% de chostais foirne an leas-Phríomhthaighdeora a lorg ón tír chomhpháirteach. Ní féidir na costais seo a éileamh do Leas-Phríomhscrúdaitheoir atá fostaite go buan ag a n-óstinstitiúid, nó má tá, ag spriocdháta na gairme, conradh lánaimseartha fostaíochta ag an Leas-Phríomhscrúdaitheoir leis an óstinstitiúid. Ní mór na costais a éilítear do Leas-Phríomhscrúdaitheoirí a bheith ag teacht le scálaí tuarastail áitiúla cuí atá infheidhme do chéim ghairme an Leas-Phríomhscrúdaitheora. Ba chóir go mbeadh na costais a éilítear do Leas-Phríomhscrúdaitheoir ag teacht le scálaí tuarastail áitiúla cuí atá infheidhme do chéim ghairme an Leas-Phríomhscrúdaitheora.
Cúntóir Taighde (d'fhéadfadh pá pro rata a bheith i gceist) Taighdeoir lardhochtúireachta (d'fhéadfadh íocaíocht pro rata a bheith i gceist)	Féadfaidh EDTanna i dtíortha comhpháirtíochta a scála tuarastail taighdeora institiúideach féin a úsáid do chúntóirí taighde agus do thaighdeoirí iardhochtúireachta. Ní mór údar a thabhairt do na costais seo go soiléir san fhoirm iarratais.

4.4 Snáithe 2B maidir le Costais Taighde Incháilithe

D'fhéadfadh go gcuimseodh iarratais ar shnáth 2B foráil a dhéanamh do bhallraíocht foirne thaighdeoirí ó institiúidí agus eagraíochtaí nach mbaineann le hinstitiúidí an Phríomhscrúdaitheora agus an Leas-Phríomhscrúdaitheora. Ach ní ceadmhach ach costais chomhoibrithe (seachas costais phearsanta) a leithdháileadh ar a leithéid d'institiúidí/eagraíochtaí, agus caithfear luach breise a leithéid de chostais a léiriú go ríshoiléir. Ní bheidh ach na costais a thabhaítear le linn saol na dámhachtana incháilithe.

Costas agus treoir	Snáithe 2B
Costais Foirne Féach thuas.	Tá
Costais Taistil Is féidir costais le haghaidh taistil, maireachtála agus lóistín a iarraidh. Ba cheart sonraí maidir le líon na dturas, an suíomh agus an cuspóir agus fad na dturas a chur ar fáil agus na baill foirne atá i gceist. Ba cheart go mbeadh iarratais ar thaisteal agus ar lóistín i gcomhréir le rátaí institiúideacha agus noirm a bhaineann le taisteal agus lóistín. Ní costas incháilithe é taisteal sa ghrád gnó.	Tá
Comhoibriú Costais chun tacaíocht a thabhairt do chomhtháthú lucht déanta polasaithe, na sochaí sibhialta agus comhpháirtithe eile sa tionscadal taighde beartaithe, ach go háirithe i dtír nó i dtíortha comhpháirteachta.	Tá Uasmhéid de 10% de chostais iomlána an tionscadail
Tomhaltáin Is féidir trealamh seachas trealamh TF a bhfuil luach nach lú ná €1 mhíle aige a chur san áireamh anseo.	Uasmhéid incheadaithe: €5,000
Rochtain ar bhonneagar taighde Infreastruchtúr taighde taobh amuigh den institiúid óstach amháin atá bailí do chostais.	Tá
Foilseacháin agus aschuir thaighde, lena n-áirítear Costais i dtaobh bainistíochta sonraí, cartlannú, digitiú agus stóráil rochtana oscailte.	Tá
Scaipeadh agus Malartú Eolais Costais a bhaineann le scaipeadh an taighde, freastal ar sheimineár/ar chomhdháil (cuir sonraí ar fáil faoi ainm agus suíomh nuair is féidir) agus bealaí eile scaipthe agus ábhair m.sh. tuarascálacha, suíomh gréasáin, srl. agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le malartú eolais.	Tá
Comhairleacht Ní mór dó a bheith ábhartha agus bailí.	Suas le huasmhéid €10,000
Forchostais Baineann forchostas le gach costas díreach seachas costais trealaimh. Baineann forchostas le hinstitiúidí an Phríomhscrúdaitheora in Éirinn agus leis an Leas-Phríomhscrúdaitheora sa tír a bhfuil comhpháirtíocht aici le Cúnamh Éireann.	Uasmhéid 25%
Trealamh Cuir sonraí ar fáil le do thoil maidir le haon earraí trealaimh atá á iarraidh agus an bonn cirt a bhaineann leo. Díreoidh an Chomhairle go háirithe ar aon trealamh a iarrtar (m.sh. ríomhairí glúine, taifeadáin gutha, srl). Beidh réasúnaíocht láidir ag teastáil maidir le hiarratais dá leithéid chomh maith le cur síos ar na fáthanna nach bhféadfaí earraí dá leithéid a chur ar fáil don iarratasóir ó fhoinse eile ar bith.	Tá

RANNÁN 5: Togra a Ullmhú

5.1: Pleananna bainistíochta sonraí

I 2016, ghlac an Coimisiún Eorpach le trí sprioc maidir le polasaí taighde agus nuálaíochta an AE: eolaíocht oscailte, nuálaíocht oscailte agus oscailte don domhan⁶. Gné thábhachtach den eolaíocht oscailte ná an t-athrú i dtreo rochtain oscailte ar thorthaí taighde a mhaoinítear le hairgead poiblí. Trí rochtain ar na torthaí sin a éascú, spreagtar athúsáid na táirgeachta taighde. Bhí an eolaíocht agus an taighde i gcónaí oscailte, ach ní raibh cuid de na próisis a bhaintear úsáid astu i dtáirgeadh taighde agus i scaipeadh a thorthaí i gcónaí oscailte. Aithnítear anois go forleathan go gcruthaíonn inrochtaineacht thorthaí taighde do na gníomhaithe sochaíocha ar fad eolaíocht níos fearr agus níos éifeachtaí, agus go dtarlaíonn níos mó nuálaíochta sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha dá bharr.

Ní mór d'iarratasóirí aghaidh a thabhairt ar riachtanais bhainistíochta sonraí a dtionscadail taighde. Mar chuid den iarratas, cuirfidh iarratasóirí ar fáil Plean Bainistíochta Sonraí (PBS) atá oiriúnach dá dtionscadal agus, má éiríonn leis, déanfar PBS mionsonraithe a chur faoi bhráid na Comhairle laistigh de shé mhí de dháta tosaigh na dámhachtana. Mura bhfuil PBS ag teastáil, ní mór d'iarratasóirí údar a thabhairt leis seo.

Is **príomhghné** de bhainistíocht sonraí mhaith é PBS. Déanann PBS cur síos ar shaolré bainistíochta sonraí do na sonraí atá le bailiú, le próiseáil agus/nó le giniúint sa phíosa taighde. Mar chuid den phróiseas sonraí taighde a dhéanamh *infhaighte, inrochtana, idiroibríoch agus inathúsáidte* (FAIR), **ba cheart do PBS eolas a chur ar fáil** faoi:

- láimhseáil sonraí taighde i rith agus tar éis dheireadh an tionscadail;
- cén sonraí a bhaileofar, a phróiseálfar agus/nó a ghinfear;
- cén modheolaíocht agus caighdeán a chuirfear i bhfeidhm;
- cibé an roinnfear/a chuirfear ar fáil go hoscailte na sonraí nó a mhalairt. Murar féidir na sonraí a chur ar fáil, cén fáth;
- conas a dhéanfar na sonraí a choimeád agus a chaomhnú (lena n-áirítear tar éis dheireadh an tionscadail).

Tá tuilleadh eolais faoi **Pholasaí Rochtain Oscailte** na Comhairle le fáil thíos.

Ní mór d'iarratasóirí a bheith feasach faoi na [Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí \(GDPR\)](#) agus ba cheart do thograí maoinithe na caighdeáin riachtanacha ina leith a chomhlíonadh. Tá naisc d'acmhainní breise ar fáil in Aguisín 6 faoi PBSanna agus prionsabail FAIR.

5.2: Próiseas na n-iarratas

Déanfaidh an Príomhscrúdaitheoir iarratas a chur isteach ag baint úsáide as tairseach iarratais na Comhairle um Thaighde in Éirinn (*Cliste Simplí*). Mura bhfuil próifíl úsáideora ag an iarratasóir cheana, caithfidh sé/sí é a chruthú sular féidir

⁶ An Coimisiún Eorpach (2016), [Nuálaíocht Oscailte, Eolaíocht Oscailte, Oscailte don Domhan: fíis don Eoraip](#), leathanaigh 6-7.

leis/léi iarratas a sheoladh isteach. Déan tagairt le do thoil don **Treoir d'Iarratasóirí** ar líne atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

Ní mór d'iarratasóirí a chur in iúl don oifig taighde (nó d'oifig ábhartha eile) ina n-institiúid go bhfuil sé i gceist acu iarratas a chur isteach don scéim. Má dhéanann an t-iarratasóir **stocaireacht** nó má dhéantar ar a s(h)on í, beidh an t-iarratas neamh-incháilithe go huathoibríoch. Nuair a tharlaíonn sé seo, ní rachaidh an t-iarratas níos faide ar aghaidh sa chomórtas.

Glactar le hiarratais faoi Shnáithe B i mBéarla amháin. Glactar le hiarratais faoi Shnáithe 1 agus 2A i nGaeilge nó i mBéarla amháin. Chun meastóireacht an Bhoird Idirnáisiúnta Measúnaithe as Béarla a éascú, tugtar cuireadh d'iarratasóirí atá ag cur iarratais isteach as Gaeilge, aistriúchán Béarla den iarratas a chur isteach. Mura gcuireann an t-iarratasóir aistriúchán Béarla ar fáil, cuirfidh an Chomhairle aistriúchán ar fáil don Bhord Idirnáisiúnta Measúnaithe.

Molann an Chomhairle go láidir d'iarratasóirí go gcuirfidís an t-iarratas isteach tríd an gcóras ar líne tamall maith roimh dháta deiridh an chomórtais ar an lá a thagann deireadh leis an nglao. Is dócha go mbeidh trácht trom ar an bhfreastalaí, rud a d'fhéadfadh moill a chur ar thaisceadh do thogra. Chun fadhbanna le trácht trom ar an bhfreastalaí a sheachaint, ná fan go dtí lá deiridh na gairme chun d'iarratas a thaisceadh. Má theastaíonn uait d'iarratas a uaslódáil ar an lá deiridh, tabhair le do thoil **ar a laghad 6 n-uaire** roimh an sprioc-am ag 4pm (GMT) ar an 3 Meán Fómhair 2018 chun go mbeadh an t-uaslódáil críochnaithe go hiomlán.

5.3 Foirm um Léiriú Spéise

Ní mór do gach iarratasóir 'Teimpléad um Léiriú Spéise' chomh maith le teimpléad 'Ainmniú Athbhreithneora' (foirmeacha TLS agus ainmnithe le fáil ar leathanach COALESCE ar [shuíomh gréasáin na Comhairle](#)) roimh **4pm am na hÉireann, 28 Meitheamh 2018** go projects@research.ie ag úsáid an líne ábhair 'EOI COLAESCE 2018 STRAND X' ag cur isteach an uimhir snáithe ábhartha in ionad an X. Ní mór teimpléad um Léiriú Spéise agus teimpléad 'Ainmniú Athbhreithneora' ar leith a chur isteach le gach iarratas. Cuirfidh an Chomhairle in iúl go bhfuarthas gach foirm um Léiriú Spéise a cuireadh isteach tríd an r-phost. Moltar d'iarratasóirí gan glaoch a chur ar an oifig ag lorg deimhnithe go bhfuarthas a 'bhfoirm um Léiriú Spéise'.

Is é cuspóir na 'foirme um Léiriú Spéise' ná an Chomhairle a chumasú chun athbhreithneoirí piaraí a roghnú don phróiseas meastacháin. Iarrfar ar iarratasóirí cur síos gearr (50 focal ar a mhéid) agus eochairfhocail (10 gcinn ar a mhéid) a thabhairt lena togra agus cúig athbhreithneoir poitéinsiúil a ainmniú a bhfuil baint acu leis an réimse agus trí athbhreithneoir arbh fhearr leis an iarratasóir go gcoinneodh an Chomhairle iad amach ó phróiseas athbhreithnithe a dtogra. **Tá sé éigeantach 'foirm um Léiriú Spéise' a chur isteach: mura gcuirtear isteach foirm um Léiriú Spéise, cuirfear ar ceall aon iarratas eile a dhéantar.**

5.4 CCanna

Má tá aon cheist agat maidir leis na téarmaí agus coinníollacha seo, nó faoi fheidhmiú na scéime seo go ginearálta, ní mór iad a chur faoi bhráid an Oifig/Oifigeach Taighde IAO nó EDT cuí i dtús báire. Ar mhaithe le trédhearcacht agus cothroime do na hiarratasóirí ar fad, ní phléifidh Feidhmeannach na Comhairle ceisteanna ar an nguthán

Ba cheart don Oifigeach Taighde ainmnithe laistigh d'institiúidí incháilithe liosta de na ceisteanna ar fad nár réitigh an Oifig Taighde a sheoladh mar bhaisc chuig projects@research.ie Déanfar an leathanach CCanna ar shuíomh gréasáin na Comhairle um Thaighde in Éirinn a thabhairt suas chun dáta ar bhonn seachtainiúil (Aoine) suas go dtí Déardaoin 23 Lúnasa 2018.

Chun mionsonraí a fháil faoi na nósanna imeachta agus na critéir mheastóireachta do COALESCE féach le do thoil Aguisín 3

RANNÁN 6: Eolas do shealbhóirí dámhachtainí a d'éirigh leo

6.1 Freagrachtaí ginearálta Phríomhthaighdeoirí

Tá sealbhóirí dámhachtainí faoi cheangal ag Téarmaí agus Coinníollacha na Comhairle, ag an litir thairisceana agus an litir ghlactha, lena n-áirítear riachtanais shonracha na gcomhlachtaí maoiniúcháin comhpháirtíochta, nósanna imeachta monatóireachta deontas agus earcaíochta, agus rialála airgeadais. Más rud é go sáraíonn sealbhóirí dámhachtana Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime, coinníollacha na litreach tairisceana, an fhoirm ghlactha, nósanna imeachta monatóireachta deontas nó rialaithe airgeadais, ansin d'fhéadfaí cosc a chur ar an deontas ainmnithe iarratas a dhéanamh ar dhámhachtainí eile na Comhairle um Thaighde in Éirinn amach anseo. Oibreoidh an Chomhairle leis an bPríomhimschrúdaitheoir aonair ainmnithe maidir le bainistíocht tionscadail agus tuairisciú.

6.2 Cuntasacht Airgeadais

Is í an IO/EDT Éireannach a bheidh freagrach as úsáid cheart an Mhaoinithe Dámhachtana agus cuntasach aisti. Coimeádann an Chomhairle an ceart aige féin daingniú a éileamh ó Iníúcháirí Eachtracha de chuid an IAO/EDT de na rudaí seo a leanas:

- go bhfuil cuntais bhliantúla an IAO/EDT suas chun dáta agus gur faomhaigh na hIníúcháirí iad gan choinníoll.
- Nár tharraing an litir bhainistíochta ó na hIníúcháirí aníos aon cheist a raibh nó a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar riar na ndámhachtainí a bhronn an Chomhairle.
- gur úsáideadh an t-airgead a fuarthas faoin dámhachtain chun na críocha ar ceapadh chucu í.

Coimeádann an Chomhairle freisin an ceart iniúchtaí den IAO/EDT Éireannach a choimisiniú ar mhaithe le comhlíonadh airgeadais agus eile. Cuireann an IAO/EDT Éireannach roimhe a bheith ina héascaitheoir ar na hathbhreithnithe seo.

Ní ghlacann an Chomhairle le freagracht airgeadais ná le haon fhreagracht eile as caiteachas ná as dlíteanais a eascraíonn as obair a gcuirtear maoiniú ar fáil di faoin gcomhaltacht agus ní mór don IAO/EDT Éireannach an Chomhairle a shlánú go hiomlán in aghaidh an chaiteachais agus na ndlíteanas uile den chineál sin, agus in aghaidh aon chaingne, imeachtaí, chostais, damáiste, nó éilimh a eascraíonn astu, lena n-áirítear, go háirithe, ach gan teorainn, in aghaidh aon éilimh ar chúiteamh a bhféadfadh an IAO/EDT Éireannach a bheith faoina dhlíteanas mar fhostóir nó ar bhealach eile, nó in aghaidh aon éilimh a dhéanann aon duine maidir le haon mhaoin intleachtúil. Tabharfaidh an IAO/EDT Éireannach ar ais aon mhaoiniú nár caitheadh don Chomhairle ag deireadh na tréimhse maoinithe.

Tá gach dámhachtain faoin scéim seo faoi réir cistiú a bheith á fháil ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Má chuirtear deireadh lena leithéid de chistiú nó má laghdaítear é, ní bheidh an Roinn ná an Chomhairle um Thaighde in Éirinn faoi dhlíteanas ar bith cistiú a chur ar fáil ná cúiteamh a dhéanamh le dámhachtaí ná le (h)óstinstitiúid as aon laghdú ná aon stad ar an gcistiú sin. Déantar gach suim atá iníoctha i leith na dámhachtana a íoc go díreach leis an óstinstitiúid a dhéanann comhordú ar na híocaíochtaí faoin dámhachtain. Is de réir ghnáthchleachtas na hinstitiúide agus threoirlínte na Roinne Airgeadais a dhéanfaidh óstinstitiúid gach íocaíocht amach faoin scéim seo.

6.3 Athbhreithniú ar Dhul Chun Cinn

Leagann an Chomhairle tábhacht shuntasach ar nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar an scéim seo. Beidh an maoiniú ag brath ar léiriú i dtuarascálacha scríofa rialta go bhfuil dul chun cinn leordhóthanach á dhéanamh. Is é an príomhimscrúdaitheoir amháin atá freagrach as a áirithiú go dtaisctear na tuarascálacha seo faoi na dátaí dlite. Muna dtaisctear na tuarascálacha seo faoi na dátaí a cheanglaítear nó má chuirtear isteach tuarascáil mhíshásúil, d'fhéadfadh an Chomhairle deontas a chalcadh agus/nó a chealú dá bharr. Nuair a chealaítear deontas, beidh cead ag an gComhairle aisghabháil an airgid a dhámhadh faoin Scéim seo a lorg. Ar aon nós, coinneofar siar céatadán áirithe den Dámhachtain chun a chinntiú gur cuireadh an tionscadal i gcríoch mar ar bhealach sásúil.

D'fhéadfadh gach tionscadal bheith faoi réir iniúchadh seachtrach taighde agus airgeadais. Tá sé mar eochairaidhm ag an iniúchadh seo bunaidhmeanna an tionscadail a fhíorú agus fáil amach an ndearnadh dul chun cinn mar a sonraíodh. Féadann an t-iniúchadh taighde athbhreithniú piaraí, cuairt ar shuíomh agus cur i láthair tionscadail a chuimsiú i rith an tionscadail agus i ndiaidh críochnaithe an tionscadail. Beidh ar an bpríomhimscrúdaitheoir taifead iomlán taighde agus admhálacha deimhnithe caiteachais a choinneáil.

6.4 Riachtanais tuairiscithe táscach:

Cineál na Dámhachtana	Riachtanais tuairiscithe
Gach dámhachtain COALESCE	Tuairisciú ar Dhul Chun Cinn: An chéad tuairisc 6 mhí tar éis tosaithe & go leathbhliantúil ina dhiaidh sin (ag brath ar fhad na dámhachtana). Tuairisc dheiridh nuair a chríochnófar é.

Nóta: D'fhéadfadh riachtanais tuairiscithe táscach éagsúil ó na riachtanais thuasluaite a bheith ag snáithe 1B-1I. Féach an bhileog eolais maidir le snáitheanna chun an t-eolas iomlán a fháil.

6.5 Iarchur dhámhachtain

Ní ceadmhach dámhachtainí a iarchur, ach amháin i gcás sosanna gairme cáilithe (m.sh. saoire mháithreachais nó tuismitheora) nó i gcásanna eisceachtúla (m.sh. breoiteacht). Tá an cinneadh seo faoi rogha na Comhairle agus is ag an Chomhairle atá an cinneadh deiridh. Sa chás go n-aontaítear an Dámhachtain a chur ar fionraí, féadfaidh an Chomhairle iarratais ó dhámhachtaithe ar shíntí ar an Téarma Maoiniúcháin a bhreithniú mura bhfuil costais bhreise i gceist leo.

6.6 Dámhachtain a fhoirceannadh

Sa chás nach féidir le dámhachtaí a t(h)ionscadal a dhéanamh de réir na dTearmaí agus na gCoinníollacha seo ar chúis ar bith (cúiseanna sláinte san áireamh), ní foláir dó/di an Chomhairle agus an oifig taighde nó a comhionann san IA/EDT Éireannach a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir. Ní mór don dámhachtaí é seo a dhéanamh taobh istigh de thráth nach déanaí ná 2 sheachtain tar éis dá leithéid de chás a bheith curtha ar a shúile dó/di. Sna cásanna sin, beidh aird ag an gComhairle do ghnáthchleachtaí AOI/EDT Éireannach an dámhachtaí. I bhfianaise an bhoinn ar a mbronntar na dámhachtainí, áfach, forchoimeádann an Chomhairle an ceart an dámhachtain a tharraingt siar nó a chur ar fionraí.

Coimeádann an Chomhairle an ceart an dámhachtain a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh agus/nó aisíocaíocht a éileamh ón IOA/EDT Éireannach, atá ina fhaighteoir den chiste dámhachtana, de chuid de na híocaíochtaí nó na híocaíochtaí ar fad a rinneadh cheana féin don dámhachtaí, más amhlaidh i dtuairim na Comhairle go raibh sárú ábharthach de na Téarmaí agus Coinníollacha mar atá leagtha amach sa doiciméad seo.

6.7 Admháil na Comhairle

Is riachtanas sainráite é gur gá do dhámhachtaithe rathúla an maoiniú atá faighte acu ón gComhairle um Thaighde in Éirinn a aithint. Ní mór d'aon phoiblíocht, lena n-áirítear léachtaí, agallaimh, sínithe r-phoist, cinn litreach, comharthaí oifige, foilsiúcháin, monagraif, ábhair chlóbhuailte, ábhair ar líne, preasráitis, fógraí teilifíse agus raidió, suíomhanna gréasáin, scannáin, taifeadtaí físeáin agus fuaime bainteach le nó

a eascraíonn as taighde a rinne na dámhachtainí fad agus a bhí sé ag fáil dámhachtain ón gComhairle, ní mór dó admháil go bhfuair sé cistiú ón **‘gComhairle um Thaighde in Éirinn’**. Sa chás seo, úsáidfí an dámhachtaí an teideal dámhachtana COALESCE Chomhairle um Thaighde in Éirinn agus é ag déanamh cumarsáide faoin tionscadal is cuma cén fhormáid a úsáideann sé. I gcás inar féidir, ní mór lógó(nna) na Comhairle a chur san áireamh in aon admháil den chineál sin agus is féidir an lógó a íoslódáil ó [shuíomh gréasáin na Comhairle](#)).

Ní mór do dhámhachtaí teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle ag (communications@research.ie) roimh dóibh páirt a ghlacadh in aon imeachtaí suntasacha, mar shampla, má tá siad ag fáil dámhachtana nó má tá siad ag glacadh páirt in imeachtaí a bhfuil spéis nó tionchar náisiúnta aige agus más rud é go bhfuil baint aige seo leis an taighde atá á dhéanamh acu agus atá á mhaoiniú ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn.

Do shnáitheanna 1B – 1I, áit a bhfuil snáithe á mhaoiniú go hiomlán ag comhpháirtí nó gníomhaireacht rialtais, ní mór go n-aithneodh an tionscadal an maoiniú seo. Áit a bhfuil snáithe á comh-mhaoiniú ag an gComhairle agus ag roinn nó gníomhaireacht rialtais, ní mór an maoiniú dúbailte seo a admháil.

6.8 Faomhadh Eiticiúil

Tá an Chomhairle tiomanta d’ardchaighdeáin a choimeád i dtaobh eitice sa taighde a mhaoiníonn sí. Ní mór don Eagraíocht Óstach treoirínite eiticiúla soiléire agus nósanna imeachta ráthaíochta atá deartha chun taighde a bhainistiú faoina threoir a chur i bhfeidhm. Ceanglaítear ar gach dámhachtaí dianmhachnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna eiticiúla a d’fhéadfadh teacht aníos le linn a c(h)uid taighde.

Má thagann saincheisteanna eiticiúla aníos ina gcuid taighde, beidh ar dhámhachtaithe ráiteas i scríbhinn a chur faoi bhráid na Comhairle le rá go ndearnadh machnamh críochnúil ar impleachtaí eiticiúla an togra thaighde. Ní foláir don ráiteas seo léiriú níos mionsonraithe a thabhairt ar an réiteach atá ar intinn ag an dámhachtaí maidir leis an tsaincheist eiticiúil atá tagtha aníos. Áit ar gá faomhadh a fháil ón gCoiste um Eitice san Ollscoil, nó ó chomhlacht chomhionann ina Eagraíocht Óstach, do thogra taighde an dámhachtaí, caithfear fianaise scríofa den fhaomhadh eiticiúil sin a chur faoi bhráid na Comhairle sula dtagann an dámhachtain i bhfeidhm.

Ba chóir do Dhámhachtaithe cloí leis na cleachtais eiticiúla agus leis na bunphrionsabail eiticiúla aitheanta a bhfuil glacadh leo ina ndisciplín(i), agus leis na caighdeáin eiticiúla arna leagan síos sna Cóid Eitice éagsúla náisiúnta, eanála nó institiúideacha. Ní foláir don Ósteagraíocht agus don Dámhachtaí a chinntiú go gcomhlíonann an taighde na riachtanais rialála náisiúnta agus idirnáisiúnta uile a rialaíonn úsáid ábhar nó próiseas íogair, mar shampla na nithe seo a leanas (agus ní liosta uileghabhálach é seo): iseatóip radaighníomhacha, radaíocht ianúcháin, ainmhithe saotharlainne nó ainmhithe eile, orgánaigh phataigineacha, orgánaigh ghéinmhodhnaithe, substaintí tocsaineacha agus guaiseacha, agus taighde ar dhaoine agus ar shuthanna daonna.

Má bhíonn teacht ar ábhar cartlainne atá i gcoimeád príobháideach, nó ar ábhar cartlainne ar a bhfuil teacht teoranta ag teastáil le haghaidh an tionscadail, beidh gá le fianaise scríofa ar chead cuí breathnú ar an ábhar seo a chur ar fáil don Chomhairle.

6.9 Ionracas Taighde

Ní mór don Ósteagraíocht a áirithiú go gcoimeádtar an leibhéal is airde d'iompar taighde. Ní mór don Ósteagraíocht a chinntiú go bhfuil córais i bhfeidhm chun mí-iompar taighde a bhainistiú (m.sh. bradaíl, falsú sonraí, roghnú míchuí sonraí). Ní mór na córais a phoiblíú go soiléir, mar aon le nósanna imeachta comhaontaithe chun líomhaintí de mhí-iompar taighde a fhiosrú. Ní mór do na córais ailíniú leis na bunphrionsabail atá mar bhunús ag an ionracas agus deachleachtas taighde mar atá leagtha amach sa ráiteas polasaí ar '[Ionracas Taighde a Chinntiú in Éirinn](#)' agus sa '[Chód Iompair Eorpach maidir leis an tSláine Taighde](#)'.

6.10 An Ghné Ghnéis/Inscne

Ní mór do gach dámhachtaí machnamh go cúramach ar an bpoitéinsiúil go bhféadfadh gné ghnéis/inscne teacht aníos i rith a dtionscadal, agus tá tuilleadh eolais/treoirlínte faoi seo le fáil in Aguisín 4. Nuair atá dámhachtaí páirteach in eagrú painéil comhdhála, líonraithe nó scaipthe a bhaineann le taighde atá maoinithe ag an CTÉ, ba chóir an aird chuí a thabhairt ar chothroime ghnéis ina leithéid de phainéal. Tá Plean Straitéiseach & Gnímh na Comhairle maidir le hInscne 2013-2020 le fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

6.11 Maoin Intleachtúil/Aistriú Eolais

Ní mhaíonn an Chomhairle go bhfuil cearta aige maidir le maoin intleachtúil a eascraíonn ón dámhachtain. Más gá, spreagann an Chomhairle tráchtálú an aschur taighde mar atá leagtha amach sna cáipéis '[Inspiring Partnership - the national IP Protocol 2016](#)' agus '[Putting public research to work for Ireland: Policies and procedures to help industry make good use of Ireland's public research institutions \(2012\)](#)'. Ar an mbonn sin, do thionscadail atá maoinithe faoin scéim seo, beidh úinéireacht ag an IOA ar an mhaoin intleachtúil thulrach. Éilíonn an Chomhairle go mbeadh MI chúlra gafa go soiléir sula gcuirtear tús leis an tionscadal agus go bhfuil sé soiléir cé aige a bhfuil teacht ar MI chúlra agus go bhfuil dearbhuithe déanta ar an mbonn sin. Caithfear cloí le dea-chleachtas trí leabhair nótaí agus taifid a choinneáil. Féadfar téarmaí fabhracha a chaibidliú má tá an Institiúid Ard-Oideachais den tuairim go bhfuil sé seo ar mhaithe le leas an Stáit. Caithfidh an Eagraíocht/na hEagraíochtaí rialacha agus nósanna imeachta a bhunú chun aon mhaoin intleachtúil a eascraíonn as an dámhachtain a chosaint agus a bhainistiú. Ní mór do na rialacha agus na nósanna imeachta seo a bheith i gcomhréir leis na treoirlínte náisiúnta.

I gcás taighde comhoibríoch nuair atá níos mó ná Ósteagraíocht amháin i gceist, ní mór comhaontú taighde (lena n-áirítear tagairt do chearta maoine intleachtúla agus rúndacht) a bheith curtha i bhfeidhm sular féidir tús a chur leis an Dámhachtain. Níor chóir do théarmaí aon chomhaontas den chineál sin bheith ag teacht salach orthu

sin atá leagtha amach sa doiciméad seo. Ní mór cóip d'aon chomhaontú taighde a bunaíodh maidir leis na tionscadail bhronnta faoin scéim a chur ar fáil don Chomhairle.

6.12 Polasaí Rochtain Oscailte

Tá an polasaí seo a leanas maidir le foilseacháin agus aschuir taighde a chur ar fáil i dTaisclanna Rochtana Oscailte bunaithe ag an gComhairle agus cuirfidh sí chun cinn é. (Glactar leis go mbeidh áisc aitheanta i gceist nach mbeadh an méid seo a leanas féideartha ina leith; Ina leithéid de chás, ba chóir don Phríomhscrúdaitheoir teagmháil a dhéanamh lena Oifig Taighde nó a comhionann, pé áit ar bainteach, chun comhairle a fháil):

- Ní mór do gach Príomhscrúdaitheoir a bhfoilseacháin agus a n-iarchurtha eile, atá mar thoradh go hiomlán nó go páirteach ar thaighde maoinithe ag an gComhairle, a thaisceadh i dtaisclann Rochtain Oscailte agus ba cheart go mbeadh na foilsíúcháin sin infhaighte go poiblí, go mbeadh teacht orthu go héasca agus go hoscailte agus gur féidir iad a athúsáid chomh luath agus is féidir;
- Ba cheart gach alt irisleabhair agus gach foilseachán comhdhála a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu a thaisceadh chomh luath agus is féidir: go hídéalach, ag an am céanna a ghlacann irisleabhar/comhdháil leis agus ní nach déanaí ná dáta an fhoilseacháin fhoirmeálta;
- Ba cheart iarchurtha taighde eile ar nós monograif, leabhair, caibidil leabhair, tráchtas agus tuarascálacha taighde a thaisceadh i gcás inar féidir ;
- Ba cheart go mbeadh an taisclann ina taisclann institiúideach áitiúil más féidir agus ba chóir na cearta cuí a bhronnadh uirthi macasamhlú chuig taisclanna eile. Is ionann taisclanna cuí idir áitiúil agus eile, áfach agus iadsan a chuireann rochtain phoiblí saor in aisce ar fáil agus a dhéanann foráil do chaomhnú fadtéarmach cinntí taighde foilsithe.

Ba chóir do thaisclanna na meiteashonraí a scaoileadh láithreach i ndiaidh an taiscthe. Ba cheart Rochtain Oscailte a chur ar fáil don pháipéar téacs iomlán i ndiaidh taiscthe nó chomh luath agus a bheidh srianta rochtana, faoi mar a éilíonn foilsitheoirí áirithe, as feidhm.

Ba cheart do thaighdeoirí téarmaí taisce a chomhaontú le foilsitheoirí. Ba cheart soiléire a éileamh faoi bheartas cóipchirt, ceadúnaithe agus lánchoisc agus caithfear beartais chomhaontaithe le foilsitheoirí a chomhlíonadh. Féadfar srianta teachta ar ailt téacs iomlána a fheidhmiú de réir mar a éileoidh foilsitheoirí áirithe; é sin ráite, de ghnáth níor chóir do na srianta seo dul thar 6 mhí tar éis a bhfoilsíú i gcás foilsíúcháin eolaíochta, teicniúla agus eolaíochta sláinte agus 12 mhí i gcás iarchurtha taighde sna healaíona, sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta. É sin ráite, aithníonn an Chomhairle nach rogha indéanta é seo i ngach cás, agus i gcásanna den chineál seo, féadfar lánchos suas go dtí 24 mhí a cheadú sna healaíona, sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta, ach tá sé seo faoi réir athbhreithnithe leanúnaigh.

Tá tuilleadh eolais faoi [Pholasaí Rochtain Oscailte](#) na Comhairle le fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

Cibé uair ar gá sonraí a bhailiú le tacaíocht dámhachtain a bhronn an Chomhairle agus/nó a comhpháirtithe, ní mór do na hiarratasóirí na modhanna ina gcuirfear na sonraí sin ar fáil mar leas poiblí a shonrú le haghaidh úsáide taighdeoirí eile, cartlanna sonraí náisiúnta, taisclanna institiúideacha agus cainéil chuí eile.

Tá sé de cheart ag dámhachtaí na Comhairle um Thaighde in Éirinn an taisclann ar mhaith leo a bhfoilseacháin a thaisceadh inti a roghnú. É sin ráite, molann an Chomhairle go n-úsáidfí taisclanna sainiúil don ábhar d'fhoilseacháin, áit a bhfuil a leithéid de thaisclanna ann. De rogha air sin, is féidir le dámhachtaí taisclanna ilchuspóireacha ar nós [Zenodo](#) a úsáid.

D'fhoilseacháin sa réimse Eolaíochtaí Beatha, is í an taisclanna mholtar ná [Europe PubMed Central](#), agus d'fhoilseacháin sna hEolaíochtaí Fisiciúla agus Innealtóireachta, moltar [arXiv](#) a úsáid. D'fhoilseacháin ó na hEolaíochtaí Sóisialta agus na Daonnachtaí, moltar [Irish Social Science Data Archive \(ISSDA\)](#) a úsáid agus [Digital Repository Ireland \(DRI\)](#) faoi seach.

Is í an taisclann a mholtar do mhonograif, do chaibidil leabhair agus d'fhoilseacháin téacsanna fada eile ná Leabharlann [OAPEN](#).

6.13 Dámhachtainí Breise

Ní bhíonn sé i gceist dámhachtain COALESCE a chur in áit nó a chur le cistiú atá le fáil faoi ghníomhaíochtaí taighde cláir (lena n-áirítear i dtíortha comhpháirtíochta do Shnáithe 2B). Féadfai é a shealbhú i gcomhar le sparántachtaí taistil, deontais trealaimh nó dámhachtainí eile atá maoinithe go seachtrach ar an gcoinníoll go:

- luadh an dámhachtaí mar chuid dá n-iarratas (fiú mura n-éilítear é seo) go bhfuil dámhachtain COALESCE acu, dá mba rud é go bhfuil an dámhachtaí ag déanamh iarratais ar mhaoiniú eile ó fhoinsí eile, agus go gcuirfear é seo in iúl don Chomhairle sula gcuirtear isteach an t-iarratas.
- nach bhfuil luach maoiniúcháin eile níos mó ná €100,000 ina aon bhliain ar leith i rith thréimhse na dámhachtana. Tuigeann an Chomhairle, áfach, go bhfuil seans ann go mbronnfar dámhachtainí ó am go ham, ar fiú níos mó ná an teorainn seo iad, ar dhámhachtaí go neamhspleách le linn théarma na dámhachtana, le haitheantas a thabhairt d'fhíorfhiúntas an dámhachtaí sin. Ina leithéid de chásanna, moltar do dhámhachtaithe go bhfuil cead acu, i gcásanna eisceachtúla, agus ar bhonn cás ar chás amháin, a leithéid de mhórdhámhachtainí pearsanta a bheith acu in éineacht leis an maoiniú atá curtha ar fáil ag an gComhairle. Caithfear cead na Comhairle a fháil roimh ré sula nglactar lena leithéid de dhámhachtainí breise.
- ní mór do dhámhachtaí a bhfuil foinsí maoinithe eile acu (seachas iad siúd a íoctar trí fhostaíocht) ar nós deontais taistil, srl., na hoifigí cuí in IOA/EDT Éireannach agus an Chomhairle a chur ar an eolas i scríbhinn faoi mhéid agus faoi fhoinsí an mhaoinithe. Caithfear an t-eolas seo a bhreacadh síos sna tuairiscí ar an dul chun cinn is riachtanach freisin. Baineann sé seo le maoiniú taighde a fhaightear roimh, nó i rith thréimhse na Comhaltachta.

- go n-aontaíonn an maoinitheoir/na maoinitheoirí eile gur ceadmhach an dámhachtain COALESCE ón gComhairle a shealbhú ag an am céanna lena ndámhachtain féin. Ní bheidh baint ná páirt ag an gComhairle sna cinntí a dhéanann eagraíochtaí maoiniúcháin eile/údaráis áitiúla ina leith sin.

Is é an dámhachtaí féin, agus ní an Chomhairle ná an IO/EDT Éireannach, a bheidh freagrach as saincheisteanna ó thaobh cánach de a eascraíonn de dhroim sparánachtaí nó dámhachtainí dá leithéid.

6.14 Freagrachtaí na nÓsteagraíochtaí (IAOanna/EDTanna)

Ní mór don Ósteagraíocht na ceadanna riachtanacha agus reachtúla go léir a fháil agus cloí leo faoi mar atá leagtha síos ag na húdaráis áitiúla agus náisiúnta maidir le cosaint an chomhshaoil, truailliú a bhac agus cosaint níos leithne ar shláinte agus ar shábháilteacht na sochaí a áirithiú.

Beidh ar iarratais a bheith formhuinithe tríd an bhfeidhmchlár tairsí Cliste Simplí ar líne ag an Ósteagraíocht taobh istigh de sheachtain ó spriocdháta an ghlaio.

Tá an IAO/EDT freagrach as na háiseanna agus rochtain ar threalamh atá ag teastáil ón dámhachtaí le linn dó a thaighde a dhéanamh a chur ar fáil, ag cinntiú go ndéantar cothabháil cheart ar an trealamh agus na hábhair ar fad a chuirtear ar fáil leis an dámhachtain.

6.15 Dínit i Stiúradh na Taighde

Tacaíonn an Chomhairle le córas taighde ina gcuirtear ar a gcumas do thaighdeoirí lán a n-acmhainneachta a bhaint amach ag gach céim dá ngairm. Tá scoláirí agus a gcuid maoirseoirí i dteideal a gcuid taighde a chur i gcrích gan aon chineál ciaptha, íosparta ná bulaíochta a bheith á dhéanamh orthu. Tá an fhreagracht ar institiúidí ardoideachais timpeallacht chuí oibre a áirithiú agus déileáil go tapa le gearán nó fadhb ar bith, i gcomhréir leis na gnáthaimh chasaoide atá comhaontaithe. Tá ráiteas iomlán na Comhairle ar dhínit i mbun taighde [anseo](#).

Tá foireann go léir na Comhairle i dteideal go gcaithfí leo go múinte measúil i gcónaí agus, dá réir sin, spreagtar iad chun tuairisc a thabhairt don lucht bainistíochta ar chás sáraithe ar bith. I gcásanna ina dtéann iompar maslach nó iompar míchuí i bhfeidhm ar bhaill foirne, coimeádann an Chomhairle aici féin an ceart chun tuairisc a thabhairt ar an iompar sin do na daoine cuí san institiúid ardoideachais só san eagraíocht eile lena mbaineann an duine.

6.16 Coinníollacha Ginearálta na Dámhachtana

Beidh na Téarmaí agus na Coinníollacha seo faoi rialú dhlí na hÉireann agus forléireofar dá réir sin iad, agus géillfidh gach páirtí do dhlínse Chúirteanna na hÉireann go sainráite agus go neamhinchúlghairthe.

Agus polasaithe Rialtas na hÉireann maidir le forbairt Sochaí Faisnéise á leanúint, caithfear le cumarsáid leictreonach atá fíordheimhnithe go cuí a bheith ar aon dul dlíthiúil le seoladh isteach páipéir. Ní mór don Chomhairle agus don Institiúid

Ardoideachais/Eagraíocht Déanta Taighde dea-chleachtas a chomhlíonadh maidir le cosaint, bainistiú agus slándáil sonraí. Ní bheidh an Chomhairle faoi aon dliteanas dlíthiúil de dheasca cur isteach arna dhéanamh ag tríú páirtí.

Tá sé mar choinníoll má ghlactar le dámhachtain go dtugann dámachtaí cead don Chomhairle sonraí a roinnt faoin iarratas le ranna rialtais agus gníomhaireachtaí maoinithe náisiúnta eile chun críocha staitisticiúla agus polasaithe.

Coimeádann an Chomhairle an ceart Téarmaí agus Coinníollacha na dámhachtana a athleasú am ar bith is mian léi. Cuirtear aon athleasú den chineál sin in iúl do IAOanna/EDTanna rannpháirteacha agus foilseofar iad ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

AGUISÍN 1

Snáithe 1B: Athbhreithniú ar an Modheolaíochta a Úsáidtear chun Costas Tithíochta a Mheas i Staidrimh Oifigiúla

Arna dtacú ag: An Phríomh-Oifig Staidrimh

Réamhrá

Tá údarás an POS bunaithe ar an Acht Staitistíochta 1993 agus cuimsíonn sé bailiúchán, tiomsú, asbhaint agus scaipeadh eolas a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíochta, sóisialta agus ginearálta in Éirinn chun críocha staitisticiúil. Tá na sonraí seo mar bhunús ag cinnteoireacht agus cuntasacht. Tosnaíonn polasaithe maithe le sonraí maithe. Is é an ról atá againn ná faisnéis agus eolas neamhspleách a chur ar fáil le gur féidir le díospóireacht agus cinnteoireacht éifeachtúil tarlú sa Rialtas, sa ghnó agus sa tsochaí.

Ní mór do thograí a dhéantar mar fhreagra ar an nglao seo feasacht a léiriú maidir le taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann cheana sa réimse seo. Chun forbairt a dhéanamh ar an taighde atá ann, ba cheart do thograí achoimre a dhéanamh ar an gcaoi a gcomhlíonfar na cuspóirí taighde.

Coinneofar aon fhaisnéis a chuirtear ar fáil don POS go hiomlán faoi rún agus ní úsáidtear é ach chun críocha staidrimh amháin. Deimhnítear é seo sa dlí faoi Alt 32 agus Alt 33 d'Acht Staidrimh 1993 agus deimhnítear é freisin i reachtaíocht staidrimh AE. Ní mór do na tograí tuiscint iomlán a léiriú ar rialacha rúndachta faoi réir a fheidhmíonn an POS. Éileofar ar an dámhachtaí (dámhachtaithe) rathúil (rathúla) a bheith ina n-Oifigigh Staidrimh⁷ faoi Acht Staidrimh 1993 agus beidh orthu cloí leis na ceanglais dhlíthiúla go léir maidir le rochtain ar mhicríochmhaid taighde. Ní mór don POS aontú le haon fhoilseachán agus/nó scaipeadh na dtorthaí ón taighde.

Beifear ag súil go n-oibreoidh dámhachtaí (dámhachtaithe) rathúil (rathúla) i ndlúthchomhar leis an POS.

Chuide seo:

- Ainmneoidh an POS duine teagmhála sonraithe
- Ba chóir cuireadh a thabhairt don POS páirt a ghlacadh i, nó ainmnitheach a sholáthar d'aon struchtúr stiúrtha nó comhairleach atá á thionól chun tacú leis an tionscadal taighde.
- Chun comhoibriú a fheabhsú, ba cheart don dámhachtaí (dámhachtaithe) rathúil (rathúla) aontú le cuid den tréimhse taighde ar a laghad a chaitheamh in oifigí an POS i gCorcaigh.

⁷ <http://www.cso.ie/en/aboutus/lgdp/csodatapolicies/dataforresearchers/>

Cur síos/scóip an ábhair

Ba mhaith leis an POS tograí a fhuascailt ón bpobal taighde ar mhaithe lenár modheolaíocht maidir le costas tithíochta a mheas i staidrimh oifigiúla a fheabhsú, le tagairt shainiúil don Phraghasinnéacs Tomhaltóirí (CPI). Is í an POS an tomhas oifigiúil ar bhoilsciú in Éirinn agus déanann sé tomhais ar mheánathrú i bpraghas earraí agus seirbhísí tomhaltóirí a cheannaíonn teaghlaigh phríobháideacha.

Tá dhá phríomhghné a bhaineann le tomhais costas tithíochta sna staidrimh oifigiúla, sé sin tithíocht úinéirí-áitithe agus cóiríocht phríobháideach ar cíós. Ba cheart don taighde aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhodheolaíochta atá ann don dá ghné sin ag tagairt do riachtanais na húsáideoirí lena n-áirítear Cuntais Náisiúnta POS, modhanna atá forbartha cheana féin ag an POS, na cleachtaí a úsáidtear in Institiúidí Staitisticiúla Náisiúnta (ISNanna) eile agus do thaighde acadúil sa réimse seo.

Go sainiúil, ba cheart don taighde seo aghaidh a thabhairt, ar a laghad, ar:

1. Thithíocht úinéirí-áitithe:

- a. Athbhreithniú a dhéanamh ar na trí phríomh-mhodh atá ann chun athruithe i gcostas thithíocht úinéirí-áitithe a thomhas - íocaíochtaí, glanfháltais agus coibhneas cíosa.
- b. Praghasinnéacs míosúil a chur le chéile do gach ceann de na modhanna seo ag úsáid foinsí sonraí atá ann cheana nó foinsí nua. Úsáideann an POS cur chuige íocaíochtaí faoi láthair chun tomhais a dhéanamh ar thithíocht úinéirí-áitithe sa Phraghasinnéasc Tomhaltóirí ⁸. Ba chóir don taighde feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh don mhodh seo a chur san áireamh. Ní mór don chur chuige a roghnaítear i ngach cás a bheith ag dul le tráthúlacht agus srianta acmhainne laistigh den suirbhé Phraghasinnéacs Tomhaltóirí. Ba chóir go mbeadh sraith ama aisbhreathnaitheach mar chuid de na hinnéacs ag dul siar trí bliana.
- c. Ag baint úsáide as na hinnéacsanna ríomhtha ó (b) thuas, déan anailís ar láidreachtaí agus laigí gach ceann de na trí mhodhanna ag déanamh tagairt dá n-oiriúnacht maidir len iad a chuimsiú sa bPraghasinnéacs Tomhaltóirí.

2. Cóiríocht Phríobháideach ar Cíós

- a. Athbhreithniú a dhéanamh ar an mhodheolaíocht a úsáidtear faoi láthair sa bPraghasinnéacs Tomhaltóirí chun tomhais a dhéanamh ar an athrú i gcostas chóiríocht phríobháideach ar cíós. Déanfaidh an POS an mhodheolaíocht reatha a chur ar fáil don dámhachtaí rathúil/do na dámhachtaithe rathúla.

⁸ <http://www.cso.ie/en/media/csoie/methods/consumerpriceindex/Mortintmethod1.pdf>

Moltaí a dhéanamh maidir le feabhsuithe modheolaíochta sa bpraghasinnéacs ag úsáid foinsí atá ann cheana nó foinsí nua. Ní mór do na moltaí seo a bheith ag dul le tráthúlacht agus leis na srianta acmhainne atá laistigh den suirbhé Phraghasinnéacs Tomhaltóirí. Ba chóir don dámhachtaí rathúil/do na dámachtaíthe rathúla na moltaí a ullmhú trí thaighde mhionsonraithe.

Riachtanais

Ní mór do thograí a dhéantar mar fhreagra ar an nglao seo feasacht a léiriú maidir le taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann cheana sa réimse seo. Chun forbairt a dhéanamh ar an taighde atá ann, ba cheart do thograí achoimre a dhéanamh ar an gcaoi a gcomhlíonfar na cuspóirí taighde.

Coinneofar aon fhaisnéis a chuirtear ar fáil don POS go hiomlán faoi rún agus ní úsáidtear é ach chun críocha staidrimh amháin. Deimhnítear é seo sa dlí faoi Alt 32 agus Alt 33 d'Acht Staidrimh 1993 agus deimhnítear é freisin i reachtaíocht staidrimh AE. Ní mór do na tograí tuiscint iomlán a léiriú ar rialacha rúndachta faoi réir a fheidhmíonn an POS. Éileofar ar an dámhachtaí (dámhachtaíthe) rathúil (rathúla) a bheith ina n-Oifigigh Staidrimh⁹ faoi Acht Staidrimh 1993 agus beidh orthu cloí leis na ceanglais dhlíthiúla go léir maidir le rochtain ar mhicrichomhaid taighde. Ní mór don POS aontú le haon fhoilseachán agus/nó scaipeadh na dtorthaí ón taighde.

Beifear ag súil go n-oibreoidh dámhachtaí (dámhachtaíthe) rathúil (rathúla) i ndlúthchomhar leis an POS.

Chuirge seo:

- Ainmneoidh an POS duine teagmhála sonraithe
- Ba chóir cuireadh a thabhairt don POS páirt a ghlacadh i, nó ainmnitheach a sholáthar d'aon struchtúr stiúrtha nó comhairleach atá á thionól chun tacú leis an tionscadal taighde.
- Chun comhoibriú a fheabhsú, ba cheart don dámhachtaí (dámhachtaíthe) rathúil (rathúla) aontú le cuid den tréimhse taighde ar a laghad a chaitheamh in oifigí an POS i gCorcaigh.

Aschuir

Le linn na taighde cuirfidh an POS anailís chuimsitheach ar fáil don dámhachtaí rathúil ar riachtanais úsáideoirí an Phraghasinnéacs Tomhaltóirí.

Mar a luaitear thuas, úsáideann an POS an cur chuige íocaíochtaí faoi láthair chun tomhais a dhéanamh ar thithíocht úinéirí-áitithe sa Phraghasinnéacs Tomhaltóirí. Cuireann an POS, go neamhspleách ón bPraghasinnéacs Tomhaltóirí, innéacs ráithiúil do thithíocht úinéirí-áitithe ar fáil ag úsáid an cur chuige glanfháltais. Éilítear an t-innéacs seo faoi Rialachán AE 2016/792¹⁰ agus foilsítear é ar shuíomh gréasáin Eurostat. Mar chuid den reachtaíocht seo, tá sé de cheangail ar an gCoimisiún

⁹ <http://www.cso.ie/en/aboutus/lgdp/csodatapolicies/dataforresearchers/>

¹⁰ <http://ec.europa.eu/eurostat/web/hicp/legislation>

Eorpach (Eurostat) tuairisc a fhoilsiú roimh dheireadh 2018 ar oiriúnacht an phraghasinnéacs do thithíocht úinéirí-áitithe (cur chuige glanfháltais) chun é a chomhtháthú faoin Innéacs Comhchuibhithe ar Phraghsanna Tomhaltóirí (HICP). Is ionann an HICP agus an tomhais a dhéantar ar bhoilsciú ar féidir é a úsáid le haghaidh comparáidí trastíre agus deimhnítear é trí rialacha sainiúla atá leagtha amach i Rialachán AE 2016/792 agus Rialacháin infheidhme eile a leanúint.

Dhá dhoiciméad eile atá ábharach don taighde ná 1) moltaí ón Tuairisc Ghrúpa um Athbhreithniú Phraghasinnéacs Tomhaltóirí Náisiúnta in Éirinn 2010¹¹ agus 2) tuairisc chuimsitheach sna Staidrimh um Phraghasinnéacs Tomhaltóirí sa RA le Paul Johnson¹².

Déanfar athbhreithniú ar na tuairiscí deiridh faoi Théarmaí agus Coinníollacha na dámhachtana. Cuimsíonn sé seo athbhreithniú ag píaraí seachtracha agus athbhreithniú ag an ngníomhaireacht atá mar urraitheoir.

Aon fhaisnéis eile

Achar ama:	18 mhí ó thús an tionscadail
Teorainn mhaoinithe in aghaidh an tionscadail:	Uasmhéid €100,000 (lena n-airítear forchostais ag 25%)

¹¹ <http://www.cso.ie/en/media/csoie/methods/consumerpriceindex/reviewgroupreportmarch10.pdf>

¹² <https://www.statisticsauthority.gov.uk/archive/reports---correspondence/current-reviews/uk-consumer-price-statistics---a-review.pdf>

Snáithe 1C: Feasacht agus Éagsúlacht Idirchultúrtha in Éirinn

Arna dtacú ag: Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (Comhaoinithe leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn)

Réamhrá

Is é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ná institiúid náisiúnta na hÉireann um chearta an duine agus comhionannas. Is é an cuspóir atá againn ná cearta daonna agus comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn agus cultúr measa a thógáil maidir le cearta daonna, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha sa Stát. Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ar an 1 Samhain 2014, mar chomhlacht poiblí le sainordú faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014¹³. Tugann an tAcht réimse de chumhachtaí reachtúla don Choimisiún chun cearta daonna agus comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn. Tá feidhmeanna reachtúla ar leith aige maidir le hidirchultúrthachas, agus maidir le taighde.

Agus é ag cur i gcrích a mhandáid, tá sé de dhualgas ar an gCoimisiún de réir ailt 10(3) den Acht a fheidhmeanna a chur i bhfeidhm ar mhaithe le forbairt sochaí ina bhfuil na gnéithe seo a leanas aici a spreagadh agus a thacú:

- go bhfuil meas ann agus cosaint do chearta gach duine,
- go bhfuil meas ar dhínit agus luach gach duine,
- nach bhfuil cumas an duine a phoitéinsiúil a bhaint amach teoranta de bharr chlaontachta, leithcheala, neamairt nó iompair choiscthe,
- go bhfuil deis chothrom agus chomhionann ag gach duine páirt a ghlacadh i saol eacnamaíoch, polaitiúil, sóisialta agus cultúrtha an Stáit, agus
- go bhfuil meas ag daoine ar a chéile, lena n-áirítear cineálacha daoine, bunaithe ar comhthuiscint ar an luach atá ag an éagsúlacht laistigh den tsochaí agus ar bhonn cóimheasa don chomhionannas agus do chearta an duine.

Ó thaobh na hidirchultúrthachta de, tá údarás ag an gCoimisiún faoi ailt 10(1)(b) agus (d):

- forbairt chultúr ar bhonn mheasa do chearta an duine, don chomhionannas, agus do thuiscint idirchultúrtha sa Stát a spreagadh;
- dea-chleachtas i gcaidrimh idirchultúrtha a spreagadh, chun caoinfhulaingt agus glacadh le héagsúlacht sa Stát a chur chun cinn chomh maith le meas a bheith ann do shaoirse agus do dhínit gach duine.

Rannpháirtíocht CÉCDC i gciste taighde COALESCE 2018

Mar chuid dá chuspóir chun bonn fianaise a thógáil a bhaineann go díreach le cearta an duine agus le comhionannas, déanann an Coimisiún iarracht leas a bhaint as tacaíocht a thabhairt do dhámhachtain taighde chiste taighde COALESCE 2018.

¹³ <https://www.ihrec.ie/about/ihrec-act-2014/>

Ní mór do thograí tagairt dhíreach a dhéanamh do mhandáid an Choimisiúin maidir le hidirchultúrachas, cearta an duine agus comhionannas.

Go sainiúil, déanann an Coimisiún iarracht tograí a fhuascailt ón bpobal taighde maidir le staidéir ar thuiscint idirchultúrtha agus éagsúlachta in Éirinn a:

- (a) úsáideann tuairimí nua agus forbairtí idirdhisciplíneacha i réimsí acadúla a bhfuil baint acu le hidirchultúrachas, le comhionannas agus le cearta an duine;
- (b) cur le forbairt na nuálaíochta trasdisciplíneach trí bhearnaí i bpolasaí, i straitéis agus smaointeoireacht reachtaíochta, dlíthiúil agus taighde a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu;
- (c) comhpháirtíocht a chur san áireamh le sochaí shibhialta agus eagraíochtaí poiblí chun tábhacht agus tionchar a chinntiú;
- (d) a chuireann bonn eolais faoi obair fhoirne taighde, polasaí, dlíthiúil agus Dualgas Earnála-Poiblí an Choimisiúin, agus a obair idirnáisiúnta ar idirchultúrachas, ar chearta an duine agus ar chomhionannas;
- (e) tacú le hobair CÉCDC ar an gCreat Náisiúnta Pleanála 'Éire 2040 ár bPlean' go háirithe Cuspóir an Bheartais Náisiúnta 28 'Plean le haghaidh sochaí níos ilchineálaí agus níos uileghabhálaí go sóisialta a dhíríonn ar chomhionannas deiseanna agus cáilíocht beatha níos fearr do na saoránaigh go léir, trí imeascadh feabhsaithe agus trí rochtain níos fearr ar sheachadadh pobail inbhuanaithe agus soláthar seirbhísí a bhaineann leis sin'.

Riachtanais

Ní mór do thograí a dhéantar mar fhreagra ar an nglao seo feasacht a léiriú maidir le taighde agus polasaí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann cheana sa réimse seo. Chun forbairt a dhéanamh ar an taighde atá ann cheana, ba cheart do thograí achoimre a dhéanamh ar an gcaoi a fhorbróidh siad dearchtaí nua ar bhuncheistean agus/nó conas a thabharfaidh siad aghaidh ar fhianaise aimsithe nó ar bhearnaí i bpolasaí.

Beifear ag súil go rachadh na dámhachtaithe a n-éireoidh leo i gcomhairle go rialta le CÉCDC. Chuige seo:

- ainmneoidh an Coimisiún duine teagmhála sonraithe;
- ba chóir cuireadh a thabhairt don Choimisiún páirt a ghlacadh i, nó ainmnitheach a sholáthar d'aon struchtúr stiúrtha nó comhairleach atá á thionól chun tacú leis an tionscadal taighde;
- ba cheart don dámhachtaí rathúil sceideal cruinnithe a aontú leis an gCoimisiún;
- ní mór comhairle a lorg ón gCoimisiún maidir le haon fhoilseachán agus/nó scaipeadh na dtorthaí ón taighde.

Chomh maith le maoiniú a fháil chun taighde nuálaíoch a dhéanamh a bhfuil tionchar sa domhan agus go straitéiseach aici, bainfidh an dámhachtaí leas as an deis atá aige forbairt ghairmiúil shuntasach a dhéanamh agus é ag obair leis an CÉCDC

chun ár mandáid reachtúil maidir le hidirchultúrachas inár bhfeidhmeanna taighde, polasaí, dlíthiúil agus ceangaltais straitéiseacha bhaint amach.

Aschuir:

Déanfar athbhreithniú ar na tuairiscí deiridh faoi Théarmaí agus Coinníollacha na dámhachtana. Cuimsíonn sé seo athbhreithniú ag piaraí seachtracha agus athbhreithniú ag an ngníomhaireacht atá mar urraitheoir.

Aon fhaisnéis eile:

Achar ama:	15 mhí ó thús an tionscadail
Teorainn Mhaoinithe de réir Tionscadail	Uasmhéid €100,000 (lena n-airítear forchostais ag 25%)

Snáithe 1D: Cearta Socheacnamaíocha in Éirinn a chur chun cinn

Arna dtacú ag: Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (Comhaoinithe leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn)

Is é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ná institiúid náisiúnta na hÉireann um chearta an duine agus comhionannas. Is é an cuspóir atá againn ná cearta daonna agus comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn agus cultúr measa a thógáil maidir le cearta daonna, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha sa Stát. Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ar an 1 Samhain 2014, mar chomhlacht poiblí le sainordú faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014¹⁴. Tugann an tAcht réimse de chumhachtaí reachtúla don Choimisiún chun cearta daonna agus comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn. Tá feidhm reachtúil ar leith aige maidir le taighde.

Is iad na feidhmeanna reachtúla ginearálta atá ag an gCoimisiún mar a fhoráiltear in alt 10 den reachtaíocht ná:

- cearta an duine agus comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn,
- forbairt chultúr ina bhfuil meas ar chearta an duine, ar chomhionannas, agus ar thuiscint idirchultúrtha sa Stát a chur chun cinn,
- tuiscint agus feachtas maidir le tábhacht chearta an duine agus comhionannas sa Stát a chur chun cinn,
- dea-chleachtas i gcaidrimh idirchultúrtha a chur chun cinn, caoinfhulaingt agus glacadh le héagsúlacht sa Stát a chur chun cinn agus chomh maith le meas ar shaoirse agus ar dhínit gach duine, agus
- oibriú i dtreo treascairtí ar chearta an duine, leithcheal agus iompar mídhleathach a chur ar ceal.

Agus é ag cur i gcrích a mhandáid, tá sé de dhualgas ar an gCoimisiún páirt a ghlacadh i bhforbairt sochaí ina bhfuil:

- go bhfuil meas ann agus cosaint do chearta gach duine,
- go bhfuil meas ar dhínit agus luach gach duine,
- nach bhfuil cumas an duine a phoitéinsiúil a bhaint amach teoranta de bharr chlaontachta, leithcheala, neamairt nó iompair choiscthe,
- go bhfuil deis chothrom agus chomhionann ag gach duine páirt a ghlacadh i saol eacnamaíoch, polaitiúil, sóisialta agus cultúrtha an Stát, agus
- go bhfuil meas ag daoine ar a chéile, lena n-áirítear cineálacha daoine, bunaithe ar comhthuiscint ar an luach atá ag an éagsúlacht laistigh den tsochaí agus ar bhonn cóimheasa don chomhionannas agus do chearta an duine.

¹⁴ <https://www.ihrec.ie/about/ihrec-act-2014/>

Rannpháirtíocht CÉCDC i gciste taighde COALESCE 2018

Mar chuid den chuspóir seo chun bunachar fianaise a bhaineann go díreach le cearta daonna agus le comhionannas a chur le chéile, tá an Coimisiún ag súil le tairbhe a bhaint ón taighde COALESCE trí thacú leis an gciste taighde sa bhliain 2018. I Ráiteas Straitéise 2016-2018 ghlac an Coimisiún le sprioc chun 'Tuiscint ar an doroinnteacht a bhaineann le comhionannas agus le cearta daonna' (Sprioc 3). Tá an Coimisiún ag iarraidh dearcadh iomlánaíoch ar chearta daonna a chur chun cinn agus a thacú chun dul i ngleic leis an sprioc seo agus cuirfear béim ar leith ar chearta socheacnamaíocha. Ar an ábhar seo, síleann an Coimisiún gur chóir cearta socheacnamaíocha a chosaint faoi Bhunreacht na hÉireann. Aontaíonn an Coimisiún gur cheart stádas socheacnamaíoch a bheith ina fhoras cosanta faoin reachtaíocht comhionannais in Éirinn.

Ní mór go mbeidh baint dhíreach ag tograí le sainordú an Choimisiúin agus leis an sprioc áirithe seo (Sprioc 3) de chuid Ráiteas Straitéise 2016-2018 an Choimisiúin.

Tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún tograí a spreagadh sa lucht taighde a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid díobh:

- (a) tograí ina dtarraingítear ar smaointe nua agus ar fhorbairtí ildisciplíneacha i réimsí acadúla a bhaineann le comhionannas agus le cearta daonna agus béim ar leith ar chearta socheacnamaíocha;
- (b) cur le forbairt na nuálaíochta trasdisciplíneach trí bhearnaí i bpolasaí, i straitéis agus smaointeoireacht reachtaíochta, dlíthiúil agus taighde a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu;
- (c) comhpháirtíocht a chur san áireamh le sochaí shibhialta agus eagraíochtaí poiblí chun tábhacht agus tionchar a chinntiú;
- (d) tograí a bheidh mar bhonn eolais d'obair an Choimisiúin ar thaighde, ar pholasaí, ar an dlí agus obair fhoirne a oibríonn ar Dhualgais na hEarnála Poiblí, agus lena hobair idirnáisiúnta ar chearta daonna agus ar an gcomhionannas;
- (e) tacú le hobair CÉCDC ar an gCreat Náisiúnta Pleanála 'Éire 2040 ár bPlean' go háirithe Cuspóir an Bheartais Náisiúnta 28 'Plean le haghaidh sochaí níos ilchineálaí agus níos uileghabhálaí go sóisialta a dhíríonn ar chomhionannas deiseanna agus cáilíocht beatha níos fearr do na saoránaigh go léir, trí imeascadh feabhsaithe agus trí rochtain níos fearr ar sheachadadh pobail inbhuanaithe agus soláthar seirbhísí a bhaineann leis sin'.

Riachtanais

Ní mór do thograí a dhéantar mar fhreagra ar an nglao seo feasacht a léiriú maidir le taighde agus polasaí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann cheana sa réimse seo. Chun forbairt a dhéanamh ar an taighde atá ann cheana, ba cheart do thograí achoimre a dhéanamh ar an gcaoi a fhorbróidh siad dearchtaí nua ar bhuncheisteanas agus/nó conas a thabharfaidh siad aghaidh ar fhianaise aimsithe nó ar bhearnaí i bpolasaí.

Beifear ag súil go rachadh na dámhachtaithe a n-éireoidh leo i gcomhairle go rialta le CÉCDC. Chuige seo:

- ainmneoidh an Coimisiún duine teagmhála sonraithe;
- ba chóir cuireadh a thabhairt don Choimisiún páirt a ghlacadh i, nó ainmnitheach a sholáthar d'aon struchtúr stiúrtha nó comhairleach atá á thionól chun tacú leis an tionscadal taighde;
- ba cheart don dámhachtaí rathúil sceideal cruinnithe a aontú leis an gCoimisiún;
- ní mór comhairle a lorg ón gCoimisiún maidir le haon fhoilseachán agus/nó scaipeadh na dtorthaí ón taighde.

I dteannta leis an maoiniú a bhfaighidh an dámhachtaí chun taighde nuálach a dhéanamh a mbeidh tionchar mór agus straitéiseach aige ar an domhan, beidh sé/sí in ann deiseanna forbartha gairmiúla a thapú chun oibriú leis an IHREC de réir mar a chomhlíonann an Coimisiún lenár sainordú reachtúil ar chearta daonna agus ar an gcomhionannas inár bpolasaí agus taighde agus inár bhfeidhmiú maidir le rannpháirtíocht straitéiseach.

Déanfar athbhreithniú ar na tuairiscí deiridh faoi Théarmaí agus Coinníollacha na dámhachtana. Cuimsíonn sé seo athbhreithniú ag piaraí seachtracha agus athbhreithniú ag an ngníomhaireacht atá mar urraitheoir.

Achar ama:	15 mhí ó thús an tionscadail
Teorainn Mhaoinithe de réir Tionscadail	Uasmhéid €100,000 (lena n-airítear forchostais ag 25%)

Nóta: beidh an dámhachtain thuasluaite cómhaoinithe ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn agus Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Chomhionannais

Snáithe 1E: An Dámhachtain Taighde um Shláinte Ghnéis agus Thoirchis Ghéarchéime

Arna dtacú ag: Clár um Shláinte Ghnéasach agus um Thoirchis Ghéarchéime an FSS

Réamhrá

Is clár náisiúnta é an Clár um Shláinte Ghnéis & um Thoirchis Ghéarchéime (an Clár as seo amach) de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a bhfuil sé de chúram air an chéad straitéis ar sláinte ghnéasach agus ar fholláine a fhorbairt d'Éirinn, is í an Straitéis sin *An Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéasach 2015 - 2020*. Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo sláinte ghnéasach agus folláine phobal na hÉireann a fheabhsú agus na torthaí diúltacha a bhaineann leis an ngnéas, cuir i gcás toircheas neamhphleanáilte agus tarchur ghalar gnéas-tarchurtha agus VEID. Téitear i ngleic leis na haidhmeanna seo trí chlár a chur ar fáil chun na saincheistanna seo a leanas a fheabhsú: oideachas agus tacaíocht chun na cásanna seo a chosc; seirbhísí ar shláinte ghnéasach; agus caighdeán an eolais phoiblí a bhíonn mar bhonn eolais ar pholasaí agus ar sheachadadh seirbhísí. <http://sexualwellbeing.ie/about/corporate-publications>

Clár taighde um shláinte ghnéasach agus um thoirchis ghéarchéime

Cuirtear béim láidir ar phleanáil agus meastóireacht a bhíonn bunaithe ar fhianaise sa Chlár. Tá taighde agus aistriú eolais i gcroílár an chaoi ina n-eagraíonn an Clár a ghnó thar réimse limistéar éagsúil, lena n-áirítear planáil seirbhísí, maoiniú tionscadal ar leibhéal áitiúil, forbairt threoirlínte cleachtais agus feabhsú chaighdeán seirbhísí; agus feabhsú chaighdeán seirbhísí agus tús a chur le tionscnaimh choiscthe agus cumarsáide agus monatóireacht a dhéanamh orthu seo. Tá an corpas taighde agus na foilseacháin atá ann cheana ar fáil ag: <http://sexualwellbeing.ie/for-professionals/research>

Is é moladh de chuid *An Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéasach 2015-2020* 'leanúint ar aghaidh ag cur leis an mbunachar fianaise atá ann ar treochtaí nua a bhaineann le toirchis ghéarchéime agus le sláinte ghnéasach a thuiscint agus chun taighde nua a dhéanamh chun dul i ngleic leis na bearnaí eolais atá ann'.

Riachtanais

Táthar ag súil go mbainfidh an Clár tairbhe as an tacaíocht a thugann sé do chiste taighde COALESCE 2018 ag cur leis an mbunachar taighde atá bunaithe ar fhianaise a bhaineann le riachtanais *An Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéasach 2015-2020*.

Teastaíonn ón gClár tograí a lorg ón bpobal taighde, ag tarraingt ar smaointe nua agus forbairtí ildisciplíneacha i réimsí acadúla a bhaineann le toirchis ghéarchéime agus/nó sláinte ghnéasach, a fheiceann le dul i ngleic leis na bearnaí atá ann i smaointeoireacht trí chreatlacha nua a fhorbairt.

Siad na haidhmeanna atá ag an gClár, agus é ag tacú leis an scéim maoinithe taighde seo ná:

- Cinntiú go leanann an Clár a bheith ar an eolas faoi threochtaí agus fachtóirí atá ag teacht chun cinn maidir le toirchis ghéarchéime, ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha, gníomhaíocht ghnéasach agus úsáid coiscíní/frithghiniúnach, cinnteoireacht maidir le hatáirgeadh agus na seirbhísí sláinte gnéasaí.
- Cur le réimse an taighde a bhíonn coimisiúnaithe ag an gClár agus bearnaí eolais atá ann a líonadh.
- Taighde i limistéir na sláinte gnéis agus an bheartais um shláinte ghnéis, na cinnteoireachta gnéis agus an toirchis ghéarchéime a spreagadh agus a neartú a thuilleadh.
- Cinntiú go leanfar de bheith ag baint úsáide as an bpunann taighde atá ag an gClár agus go bhfuil sí mar chuid de na forbairtí atá ag teacht chun cinn sa réimse seo.
- Acmhainneacht acadúil agus saineolas i réimsí a bhaineann le hobair an Chláir a fhorbairt a thuilleadh.

Ba chóir go gcuirfeadh an ‘ghairm oscailte’ seo ar thograí taighde feidhm an Chláir agus an corpas fianaise atá aige cheana féin san áireamh. Ba chóir go ndíreodh sé ar pheirspictíochtaí nua nó ar bhearnaí eolais san fhianaise nó réimsí spéise ábhartha a shainaithint.

Aithníodh sa Chlár bearnaí eolais i riachtanais shláinte gnéasaí daoine ó na grúpaí seo a leanas: imircigh; daoine níos sine ná 50 bliain d’aois; daoine a úsáideann drugaí in-insteallta; príosúnaigh; agus oibrithe ghnéis. Cuirfear fáilte roimh iarratais fhéideartha na téamaí seo a iniúchadh ach de réir mar a luaitear thuas cuirfear fáilte roimh iarratais a fhiosraíonn réimsí oibre bainteacha eile.

Caithfidh tograí a bheith gaolmhar go díreach leis na riachtanais a bhfuil cur síos orthu thuas, fócas feidhmithe a bheith acu agus go mbeidh léargais nua ar phríomhcheisteanna mar thoradh orthu.

Éilíonn an Clár go léireoidh tograí a dhéantar mar fhreagra ar an ‘nglao oscailte’ le haghaidh tionscadal neamh-réamhshainithe feasacht ar thaighde atá ann cheana sa réimse agus go míneoidh siad conas mar a chuirfeadh an togra le taighde atá foilsithe cheana ag an gClár agus le taighde eile bainteach náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Riachtanais Iarratais

Ní mór d’iarratasóirí bheith in ann léiriú conas mar a fhorbróidh an taighde beartaithe an phunann scileanna taighde atá acu cheana agus conas mar a rachaidh sé i gcion ar a múinteoireacht nó a gcleachtais.

Thairis sin, ní mór d’iarratasóirí a léiriú cé chomh luachmhar is atá a dtionscadal do na pobail polasaí agus/nó seirbhísí. Féach ar rannán 4.2 chun sonraí a fháil faoi chostais incháilithe. CAITHFIDH na tionscadail maoinithe tosú dháta tosaithe an tionscadail agus bheith críochnaithe laistigh de 15 mhí.

Beifear ag súil go rachadh na dámhachtaithe a n-éireoidh leo i gcomhairle go rialta leis an gClár

Chuirge seo:

- ainmneoidh an Clár duine teagmhála sonraithe.
- ba chóir cuireadh a thabhairt don Chlár páirt a ghlacadh i, nó ainmnitheach a sholáthar d'aon struchtúr stiúrtha nó comhairleach atá á thionól chun tacú leis an tionscadal taighde.
- caithfear dul i gcomhairle leis an gClár maidir le seoladh agus scaipeadh na dtorthaí.

Aon fhaisnéis eile:

Achar ama	15 mhí ó thús an tionscadail
Teorainn mhaoinithe in aghaidh an tionscadail:	Uasmhéid €100,000 (lena n-airítear forchostais ag 25%)

Snáithe 1 F: Bealaí chun páirt a ghlacadh in iompraíocht fhrithshóisialta i measc daoine óga a thuiscint: Tosca riosca agus cosanta agus deiseanna i gcomhair idirghabháil luath agus cosaint a aithint

Arna dtacú ag: an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

Réamhrá

Cuireann Aonad Taighde agus Measúnachta (ATM) na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) fáilte roimh iarratais ar an staidéar taighde thuasluaite. Tarraingeofar ar anailís shubstaintiúil d'fhadsonraíocht ón staidéar *Ag Fás Aníos in Éirinn* (GUI), agus beidh sé mar aidhm ag an staidéar ár dtuiscint ar na conairí éagsúla atá ann do dhaoine óga páirt a ghlacadh in iompar frithshóisialta agus/nó fadhbanna a bheith acu leis na Gardaí a thuiscint; na fachtóirí riosca a bhaineann le bealaí chun na taithí agus torthaí seo; na tacaíochtaí agus na hidirghabhálacha a theastaíonn chun na torthaí seo a chosc; agus na fachtóirí cosanta a chuireann le torthaí níos fearr do dhaoine óga atá i mbaoil. Beidh breac-chuntas ar pholasaí reatha ar cheartas na hóige i gcomhthéacs na hÉireann mar chuid den staidéar seo agus mar bhonn eolais dó chomh maith; athbhreithniú cuimsitheach ar an litríocht idirnáisiúnta agus náisiúnta reatha ar na conairí atá ann do leanaí agus do dhaoine óga a bheith páirteach in iompar frithshóisialta agus a dteagmháil leis an gcóras ceartais choiriúil; agus athbhreithniú ar fhianaise na hidirghabhála éifeachtacha. Táthar ag súil go mbeidh an fhianaise agus na ceachtanna a bheidh mar thoradh ar an staidéar seo mar bhonn eolais d'fhorbairt fiontraíochta, tionscnamh agus straitéisí i gcomhair idirghabháil luath agus cosaint ***le cur i bhfeidhm i bpolasaí na hÉireann agus i gcleachtas.***

Tá an staidéar seo á maoiniú ag an RLGÓ faoi Evidence into Policy Programme (Clár Fhianaise i gCleachtas), clár taighde agus gníomhaíochtaí chun eolas a hidirghabháil chun fianaise taighde a bhaineann le polasaí a úsáid, glacadh léi agus tacaigh léi. Cuireann an clár seo, in éineacht le gníomhaíochtaí eile de chuid Aonaid Taighde agus Measúnachta, ceapadh polasaí atá bunaithe ar fhianaise chun cinn ionas go mbeidh torthaí níos fearr do leanaí agus do dhaoine óga. Tá sé mar aidhm ag Clár Fhianaise i gCleachtas tuiscint ar na buntáistí a bhaineann le ceapadh polasaí atá bunaithe ar fhianaise i measc raon leathan páirtithe leasmhara, trí aschur atá ar ardchaighdeán agus inrochtana a chruthú agus a scaipeadh.

Beidh an staidéar taighde seo á stiúradh ag an Aonad Taighde agus Measúnachta i gcomhpháirtíocht le Seirbhís na hÉireann um Cheartas i Leith na nÓg, oifig fheidhmeannach de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige agus na Roinne Dlí agus Cirt agus tá sé lonnaithe sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar Bhóthar Mespil. Maoiníonn an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige na Cláir Fianaise Taighde i bPolasaí agus i gCleachtas (CFPC) atá lonnaithe in Ollscoil Luimnigh agus a dhíríonn ar roinnt tionscadal a bhaineann le cóir i measc na n-óg. Beidh ar aon togra atá rathúil trí ghlaó an CTÉ na *conairí* atá ann do dhaoine óga a bheith páirteach in iompraíocht fhrithshóisialta a thuiscint. Téann sé seo leis an obair a dhéantar mar chuid de thionscadal na gClár Fianaise Taighde i bPolasaí agus i gCleachtas, ach ní an obair chéanna a bheidh i gceist, úsáidtear sonraí, fianaise agus modhanna éagsúla sa chlár; agus tarraingíonn sé ar eolas agus ar thaithí saineolaithe ar an gcóir i measc na n-óg ach go háirithe. Táthar ag súil go mbeidh an Phríomhthaighdeora agus/nó ball dá fhoireann (más cuí) i dteagmháil le ball foirne de chuid an Chláir Fhianaise Taighde i bPolasaí agus i gCleachtas, chun foghlaim agus taithí a roinnt de réir mar is cuí.

Tá cur síos gairid ar na comhlachtaí ábhartha ar fáil thíos.

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (www.dcy.gov.ie)

Bunaíodh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige mar aireacht iomlán tiomanta do ghnóthaí a bhaineann le leanaí agus leis an óige ar an 2 Bealtaine 2011. Tagann roinnt príomhlimistéar a bhaineann le polasaí agus le soláthair do leanaí, do dhaoine óga agus do theaghlaigh sa Roinn seo. Tá sé de chúram ar an Roinn seo raon tiomantas a léiriú i gClár an Rialtais agus sa *Chreat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga 2014-2020 – Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile a chur chun cinn* ([tá an creat ar fáil anseo](#)); mar aon le clár oibre uailmhianach d'athruithe i gcomhair leanaí agus seirbhísí teaghlaigh a stiúradh. Tá na heagraíochtaí seo a leanas faoi chúram na Roinne: TUSLA (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach), Údarás Uchtaithe na hÉireann, Campas Ionaid Choinneála Bhaile an Oibricigh agus Oifig an Ombudsman do Leanaí.

Tá Aonad Taighde agus Measúnachta de chuid na Roinne freagrach as riachtanais na Roinne maidir le taighde agus le fianaise maidir le príomhthosaíochtaí na Roinne agus an Rialtais a chomhlíonadh le tacú le ceapadh polasaí atá bunaithe ar fhianaise. Tá roinnt príomhfheidhmeanna ag an Aonad Taighde agus Measúnachta:

1. *Ag Fás Aníos in Éirinn* an staidéar náisiúnta fadaimseartha ar leanaí in Éirinn a mhaoirsiú, a bhainistiú agus tacaíocht a thabhairt leis;
2. Measúnú, lena n-áirítear tacú leis an Roinn ar ghealltanais an Rialtais maidir le Cód Caiteachais Phoiblí agus Ciogal Athbhreithnithe ar Chaiteachas (m.sh. Measúnuithe ar Luach ar Airgead).
3. A bheith ina aonad IGEES don Roinn
4. Sonraí, Staitisticí agus Faisnéis, lena n-áirítear le tacar táscaire BOBF
5. The Evidence into Policy Programme (Clár Fhianaise i gCleachtas), a sheachadann taighde a bhaineann le polasaí agus a chuireann idirghabháil eolais chun cinn le freastal ar riachtanais fhianaise na Roinne

6. Ag tacú le agus ag tabhairt comhairle d'aonaid pholasaí na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige agus freastal ar a riachtanais maidir le taighde, measúnú agus sonraí

Seirbhís na hÉireann um Cheartas i Leith na nÓg (<http://www.iyjs.ie/>)

Is oifig fheidhmeach í Seirbhís na hÉireann um Cheartas i Leith na nÓg agus í lonnaithe sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tá an tseirbhís freagrach as athruithe a bhaineann le ceartas i leith na n-óg a stiúradh agus a threorú. Oibríonn baill foirne ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus ón Roinn Dlí, Cirt agus Comhionannais ar an tseirbhís seo. Roinntear freagracht as Acht na Leanaí, 2001 idir an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Katherine Zappone, T.D. agus an tAire Stáit Dlí agus Cirt sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus freagracht speisialta air maidir le Comhionannas, Inimirce agus Lánpháirtíocht, David Stanton T.D.

- Tá an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige freagrach as Campas Ionaí Choinneála Bhaile an Oibricigh (Baile an Oibricigh), i mBaile an Oibricigh, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath. Tá an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige freagrach as gnóthaí a bhaineann le cúram leanaí de chuid Achta na Leanaí 2001 chomh maith.
- Fanann polasaí agus dlí maidir le cóir i measc na n-óg, lena n-áirítear cóir a chosaint/a laghdú/a aimsiú, imeachtaí coiriúla agus athstiúradh agus smachtbhannaí pobail (lena n-áirítear tionscadail phobail) faoi chúram an Aire Stáit Dlí agus Cirt sa Roinn Dlí agus Cirt. Tá an tAire Stáit Dlí agus Cirt sa Roinn Dlí agus Cirt freagrach as beartaíocht leis An Garda Síochána agus le Promhadh.

Tá sé mar aidhm ag Seirbhís na hÉireann um Cheartas i Leith na nÓg seachadadh seirbhísí ceartais don lucht óg a fheabhsú agus an ráta ciontaithe i measc na n-óg a laghdú. Tugtar aghaidh ar an dúshlán seo ag díriú ar athstiúradh agus ar athshlánú trí níos mó idirghabhálacha atá bunaithe ar an bpobal a úsáid agus idirghabhálacha a théann i ngleic le daoine óga a dhéanann cionn a chur chun cinn. Is phríomhfheidhm í timpeallacht shábháilte dhiongbháilte a chur ar fáil do leanaí atá faoi choinneáil agus a n-ath-imeascadh luath sa phobal a thacú chomh maith.

Tionscadal de chuid an Chláir Fhianaise Taighde i bPolasaí agus i gCleachtas (CFTPC) ar chóir i measc na n-óg

Is comhpháirtíocht straitéiseach é an Clár Fianaise Taighde i bPolasaí agus i gCleachtas ar chóir i measc na n-óg idir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Scoil Dlí, Ollscoil Luimnigh. Díritear ar chóir i measc na n-óg sa tionscadal seo agus oibrítear ar phríomhghnéithe an Phlean Gníomhaíochta ar Chóir i measc na nÓg (2014-2018) arna d'aithin Seirbhís na hÉireann um Cheartas i Leith na nÓg iad mar ghnéithe ina bhfeabhsóidh taighde ar éifeacht agus/nó éifeachtúlacht cláir polasaí agus/nó cleachtas. Déanann an Clár Fianaise Taighde i bPolasaí agus i gCleachtas taighde príomhúil, measúnú agus bíonn sé páirteach i ngníomhaíochtaí neartú na foirniúlachta le méid agus caighdeán na taighde a dhéantar in Éirinn a mhéadú, agus tacaíonn an taighde sin le forbairt polasaí agus le réiteach fadhbanna a bhaineann le cóir i measc na n-óg. Maoiníonn an Roinn Leanaí agus

Gnóthaí Óige an Clár Fianaise Taighde i bPolasaí agus i gCleachtas go príomha. Ach maoinítear gach gníomhaíocht taighde sa chlár ina haonar.

Riachtanais don Dámhachtain

Cuireann an t-Aonad Taighde agus Measúnachta de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, tríd an gClár Fhianaise i gCleachtas, fáilte roimh thograí faoina *Dámhachtain um Thaighde le haghaidh Polasaithe agus na Sochaí* do thionscadal taighde ina dtarraingeofar ar fhadsonraíocht ón staidéar *Ag Fás Aníos in Éirinn* (GUI) a bhfuil sé mar aidhm ag an staidéar ár dtuiscint ar na conairí éagsúla atá ann GUI do dhaoine óga páirt a ghlacadh in iompar frithshóisialta agus/nó fadhbanna a bheith acu leis na Gardaí a thuiscint; na fachtóirí riosca a bhaineann le bealaí chun na taithí agus torthaí seo; na tacaíochtaí agus na hidirghabhálacha a theastaíonn chun na torthaí seo a chosc; agus na fachtóirí cosanta a chuireann le torthaí níos fearr do dhaoine óga atá i mbaol.

Táthar ag súil go mbeidh an fhianaise agus na ceachtanna a bheidh mar thoradh ar an staidéar seo mar bhonn eolais d'fhorbairt fiontraíochta, tionscnamh agus straitéisí i gcomhair idirghabháil luath agus cosaint *le cur i bhfeidhm i bpolasaí na hÉireann agus i gcleachtas*. Scaipfidh Seirbhís na hÉireann um Cheartas i Leith na nÓg torthaí an staidéir chuig na páirtithe leasmhara is tábhachtaí.

Táthar ag súil go mbeidh anailís shubstantiúil de fhadsonraíocht ón staidéar *Ag Fás Aníos in Éirinn, an Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha ar Leanaí mar chuid den staidéar* seo. Féadfar tarraingt ar fianaise shonraí cuí eile atá ar fáil chomh maith. Táthar ag súil go mbeidh breac-chuntas ar pholasaí reatha ar cheartas na hóige i gcomhthéacs na hÉireann mar chuid den staidéar seo agus mar bhonn eolais dó chomh maith; athbhreithniú cuimsitheach ar an litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta reatha ar na conairí atá ann do leanaí agus do dhaoine óga a bheith páirteach in iompar frithshóisialta agus a dteagmháil leis an gcóras ceartais choiriúil; agus athbhreithniú ar fhianaise na hidirghabhála éifeachtacha.

Táthar ag súil go gcabhróidh an t-athbhreithniú ar an litríocht agus ar an bhfianaise le fócas fadanailís ar *Ag Fás Aníos in Éirinn* sonraí ó chohórt na leanaí (1998) a stiúradh. Lean *Ag Fás Aníos in Éirinn* forbairt an chohóirt seo ó nuair a bhí siad 9 mbliana d'aois, agus rinne athshuirbhéanna ag 13 bliana d'aois agus arís ag 17/18 mbliana d'aois. Bailíodh raon leathan sonraí thar cúpla réimse éagsúla ag gach de na céimeanna seo mar chuid de AFAÉ. Áirítear leo seo eolas ar chúlra déimeagrafach theaghlach an linbh (i.e. aicme shóisialta, oideachas na dtuismitheoirí, ioncam agus struchtúr an teaghlaigh); mar aon le faisnéis ar thaithí an duine óg ar scoil, a mheabhairshláinte agus a shláinte fhisiciúil, iompar soch-mhothúcháin agus folláine (lena n-áirítear iompar sóisialta), caidrimh le tuismitheoirí agus le comhpháirtithe, úsáid alcóil agus drugaí, thaithí ar imeachtaí diúltacha an tsaoil agus mar sin de. Bailítear sonraí ag 13 bliana d'aois agus ag 17 mbliana d'aois ar rannpháirtíocht in iompraíocht fhrith-shóisialta leanúnach agus ar fadhbanna leis na Gardaí. Bailíonn *Ag Fás Aníos in Éirinn* sonraí ón duine óg agus óna tuismitheoirí; agus bailítear sonraí ón múinteoir chomh maith ag 9 mbliana d'aois. Ba chóir go mbeidh sé mar aidhm ag an anailís fhadaimseartha ar na sonraí cuí conairí chuig na torthaí spéise, na tosca riosca a bhaineann leis na conairí agus na torthaí seo, lena n-áirítear na príomhphointí trasdula a aithint; mar aon le tosca cosanta a thacaíonn le daoine óga atá i mbaol.

Tá sé mar aidhm ag an staidéar seo tarraingt ar shonraí Ag Fás Aníos in Éirinn agus ar an litríocht/fianaise chuí:

Chun tosca a bhaineann le, agus conairí chuig, páirt a ghlacadh in iompraíocht fhrithshóisialta, fadhbanna a bheith ag daoine óga leis na Gardaí agus/nó teagmháil leis an gcóras coiriúil/córas um cheartas i leith na n-óg ag 17 mbliana d'aois, trí staidéar a dhéanamh ar raon leathan sonraí cuí na rannpháirtithe nuair a bhí siad 9 mbliana d'aois agus 13 bhliana d'aois.

Chun tosca cosanta/coisctheacha do leanaí/dhaoine óga atá i mbaol (a bhfuil tréithe acu atá cosúil leis an ngrúpa leanaí agus daoine óga ag 1) nach mbíonn páirteach in iompraíocht fhrithshóisialta agus nach mbíonn fadhbanna acu leis na Gardaí agus/nó teagmháil leis an gcóras coiriúil/córas um cheartas i leith na n-óg a aithint; agus chun na tosca a bhaineann le tacú le hiompar sóisialta i measc leanaí agus daoine óga go ginearálta a fhiosrú.

Chun na torthaí a tharraingt i gcomhair polasaí agus cleachtas - ar fhorbairt fiontraíochta d'idirghabháil luath agus don chosaint agus tacaíochtaí do leanaí/dhaoine óga atá i mbaol, agus/nó a dteaghlaigh, agus d'fhorbairt straitéisí éifeachtacha le leanaí/daoine óga a chur ar atreo gan páirt a ghlacadh in iompraíocht fhrithshóisialta agus cóir a dhéanamh.

Riachtanais Iarratais

Ní mór léiriú sa togra go bhfuil

- saineolas agus taithí ag an iarratasóir ar anailís a dhéanamh ar réimse a thacaíonn leis na cuspóirí thuasluaite, agus ar scileanna a bhaineann le hanailís chainníochtúil agus taithí ar fhadsonraíocht a úsáid ach go háirithe; agus
- eolas substainteach ar an litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta cuí a bhaineann le ceartas i leith na n-óg, ar pholasaí, ar reachtaíocht, ar chleachtas agus ar chlár.

Ní mór an t-eolas seo a léiriú i CV an Phríomhthiaighdeora (PT); trí bheirt mholtóirí a thabhairt do thionscadail taighde cosúla a rinneadh cheana féin; agus le hachomre ghairid ar na tionscadail a luaitear. Caithfidh an PT cinntiú go bhfuil dóthain taithí agus saineolais ag na baill foirne chun a ndualgais mar chuid den tionscadal a chur i gcrích, trí CV a chur ar fáil do bhaill foirne beartaithe leis an iarratas; nó an dearbhú seo a chur in iúl i scríbhinn chuig teagmhálaí na Roinne Leanaí agus Ghnóthaí Óige má tá sé beartaithe na baill foirne a roghnú i ndiaidh dámhachtana rathúla.

Ní mór do thograí léiriú eolas ar thuiscint ar na hidirghabhálaithe agus na saincheisteanna is mór ar na conairí atá ann chuig fadhbanna leis na Gardaí agus/nó an córas um cheartas i leith na n-óg agus/nó iompraíocht fhrithshóisialta. Caithfear an úsáid shubstainteach, ar shonraí Ag Fás Aníos in Éirinn agus na modhanna a úsáidfear chun na sonraí sin a anailísiú; agus aon fhoinsé sonraí eile, más cuí, a chur in iúl sa togra. Tá níos mó sonraí ar Ag Fás Aníos in Éirinn ar fáil thíos.

Ní mór aon impleacht eiticiúil nó cosanta sonraí a chur in iúl sa togra, agus aon saincheist a bhaineann leis An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an bealach ina rachfar i ngleic leis na saincheisteanna sin a leagan amach chomh maith. Ba cheart go gcuirfeadh an t-am a thógfaidh sé cur isteach chun rochtain a fháil ar Chomhaid Micreashonraí Ag Fás Aníos in Éirinn a chur san áireamh chomh maith.

Beifear ag súil go rachadh na dámhachtaithe a n-éireoidh leo i gcomhairle go rialta leis an Aonad Taighde agus Measúnachta, an tSeirbhís na hÉireann um Cheartas i Leith na nÓg, agus le foireann an Chláir Fhianaise Taighde i bPolasaí agus i gCleachtas. Chuige seo:

- Beidh teagmhálaí ón Aonad Taighde agus Measúnachta i dteagmháil leis an PT go rialta chun príomhphointí a phlé i rith an tionscadail.
- Beidh cruinniú tosaigh duine le duine ann ag tús an tionscadail idir an PT agus an bhfoireann taighde (más cuí), baill ainmnithe an Aonad Taighde agus Measúnachta agus Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i Leith na nÓg, chun líonraí cumarsáide, na torthaí beartaithe agus córas foilseacháin de chuid na Roinne Leanaí agus Ghnóthaí Óga a phlé.
- Reáchtálfar cruinniú eatraimh nuair a gheofar tuarascáil ar dhul chun cinn lár téarma.
- Féadfar cruinnithe eile a eagrú de réir mar is gá, ach táthar ag súil go n-eagrófar an líon is lú.
- Bunófar Grúpa Comhairleach Taighde chun monatóireacht a dhéanamh agus chun comhairle a thabhairt ar na gnéithe a bhaineann le taighde an Chláir Fhianaise i gCleachtas agus de réir mar is gá. Rachaidh teagmhálaí an ATM i dteagmháil leis an PT maidir le comhairle an Ghrúpa do thionscadail atá maoinithe ag CTÉ. Ainmneofar duine amháin den CFTPC a bheidh ar an nGrúpa Comhairleach don tionscadal seo.
- Tabharfaidh an PT faoi chumarsáid leis an teagmhálaí áirithe sin maidir le moilleanna nó athruithe a thagann chun cinn sa staidéar taobh istigh de choicís; i ndáil le táirgeadh aschur; nó ag aon phointe eile a chinneann an PT gur cheart teagmháil a dhéanamh le seachadadh pras an tionscadail a chinntiú.
- Ba chóir cuireadh a sheoladh chuig an Aonad Taighde agus Measúnachta nó Seirbhís na hÉireann um Cheartas i Leith na nÓg le bheith rannpháirteach nó duine a ainmniú le bheith rannpháirteach in aon struchtúr teorach nó comhairleach a chuirtear le chéile chun tacú leis an tionscadal taighde.
- Cuirfidh an PT an tAonad Taighde agus Measúnú ar an eolas agus rachaidh sé/sí i gcomhairle leis an teagmhálaí le bheith rannpháirteach i bpríomhimeachtaí i dtosach sula dtéann sé/sí chuig na baill foirne (más cuí); agus ní mór scaipeadh nó foilsiú pleananna a phlé leo chomh maith, lena n-áirítear aschuir thánaisteacha a bhaineann leis an taighde atá maoinithe ag an CTÉ. Caithfear an t-eolas seo a chur in iúl a luaithe agus is féidir agus níos mó ná 15 lá oibre [trí sheachtaine] roimh ré.

Ba chóir don PT dul i dteagmháil go rialta le teagmhálaí ainmnithe an CFTPC go gcuirfidís a chéile ar an eolas mar gheall ar an obair atá idir láimhe acu ar chlár/thionscadail agus a d'fhéadfadh a bheith tairbhiúil d'fhoghlaim an duine eile.

Aschuir

Glacann leis an PT air féin Tuarascáil Taighde a dhéanamh ar thorthaí, conclúidí agus tionchar an staidéir ar fhorbairtí polasaí féideartha. Caithfear go mbeidh achoimre feidhmiúcháin ann mar chuid den tuarascáil seo agus níor cheart go mbeidh an achoimre seo níos mó ná 20% d'fhad iomlán na tuarascála.

Beidh an Tuarascáil Taighde faoi réir phróiseas athbhreithnithe phiaraí, measúnú amháin ag athbhreithneoir inmheánach agus ceann amháin eile ag athbhreithneoir seachtrach. Táthar ag súil go mbeidh an PT in ann aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna a thagann chun cinn mar chuid den phróiseas athbhreithnithe seo sa tuarascáil deiridh agus cur síos a thabhairt don ATM ar an gcaoi a chuathas i ngleic leis an aiseolas seo.

Tá ‘Polasaí d’Fhoilseacháin Ghinearálta’ agus ‘Treoirlínte d’Údair’ ag an ATM. Cuirfear fáilte roimh an PT na hacmhainní seo a úsáid nuair atá an tuarascáil á cur le chéile aige. Caithfear na nithe seo a leanas a dhéanamh ach go háirithe:

Séanadh cuí a úsáid sna Treoirlínte;

Tacaíocht na Roinne Leanaí agus Ghnóthaí Óga a léiriú i scríbhinn agus ó bhéal, mar aon le lógó na Roinne Leanaí agus Ghnóthaí Óga a thaispeáint mar is cuí; i ngach píosa poiblíochta, lena n-áirítear leachtanna poiblí, agallaimh, foilseacháin chlóite agus ar líne, preas ráitis, suímh ghréasáin, agus taifid fhíseáin agus fhuaimne a bhaineann leis an taighde.

Is foilseachán suaitheanta de chuid na Roinne Leanaí agus Ghnóthaí Óga é faisnéis mhionsonraithe na taighde. Is 8-10 leathanach de chuid an fhoilseacháin é seo agus iad ar ard-chaighdeán agus ildaite i gcóip chrua. Oibreoidh an ATM leis an PT, ag baint úsáid leis an achoimre feidhmiúcháin, chun an fhaisnéis mhionsonraithe seo a dhréachtú. Tabharfar aitheantas d’eagraíocht óstála an PT.

Féadfar go n-iarrfar ar an PT nó ar bhall ainmnithe na foirne taighde suas le 3 taispeántas a dhéanamh do pháirtithe leasmhara na Roinne Leanaí agus Ghnóthaí Óga ar réamhthorthaí agus réamhthionchar agus/nó torthaí agus tionchar na taighde.

Seolfar cuireadh chuig an PT ach go háirithe freastal ar chruinniú leis an nGrúpa Comhairleach Taighde chun impleachtaí agus tograí i gcomhair idirghabhálacha agus tacaíochtaí atá bunaithe ar fhianaise a phlé. Cuirfear béim láidir sa chruinniú seo ar na tuairimí atá ann agus infheidhmeacht do chomhthéacs na hÉireann; is é seo an chéad chéim i dtorthaí taighde a thabhairt isteach i bpróiseas polasaí a chur le chéile.

Achar ama	12 mhí
Uasmhéid Maoinithe	Uasmhéid €90,000

Céard is 'Ag Fás Aníos in Éirinn' ann?

Is é Ag Fás Aníos in Éirinn an staidéar náisiúnta fadaimseartha ar leanaí. Déanann an staidéar seo scrúdú ar na fachtóirí a chuireann le, nó a bhaineann an bonn d'fholláine leanaí i dteaghlaigh na hÉireann sa lá atá inniu ann.

Cuireann sonraí Ag Fás Aníos in Éirinn le socrú polasaithe éifeachtacha agus sofhreagracha maidir le leanaí, agus le dearadh seirbhísí do leanaí agus dá dteaghlaigh.

Is staidéar rialtais é Ag Fás Aníos in Éirinn. Bhí Céim 1 den Staidéar (2006-2014) maoinithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an bPríomh-oifig Staidrimh. Tá an dara chuid den staidéar (2014-2019) ar siúl faoi láthair.

Céard iad na príomhghnéithe de Chéim 1 agus de Chéim 2 de Ag Fás Aníos in Éirinn?

Is éard atá i gceist le Ag Fás Aníos in Éirinn ná dhá chohórt, cohórt naíonán (earcaithe ag 9 mí d'aois) agus cohórt leanaí (earcaithe ag 9 mbliana d'aois).

Is éard atá i gceist le Ag Fás Aníos in Éirinn ná sé thonn bailithe sonraí, trí cinn acu leis an gcohórt naíonán (ag 9 mí, 3 bliana agus 5 bliana) agus trí cheann leis an gcohórt leanaí (ag 9 mbliana ag 13 bhliana agus 17 mbliana d'aois). Rinneadh suirbhé phoist nuair a bhí an grúpa leanaí 7/8 mbliana d'aois, agus tá taighde á dhéanamh ar an ngrúpa seo atá 9 mbliana d'aois faoi láthair.

Bailíonn Ag Fás Aníos in Éirinn sonraí ó fhaisnéiseoirí éagsúla, lena n-áirítear tuismitheoirí (idir chónaitheach agus neamhchónaitheach), múinteoirí, príomhoidí, agus na leanaí iad féin.

Tá comhaid mhicreashonraí gan tréithe pearsanta luaite ó Ag Fás Aníos in Éirinn ar fáil le tacú le taighde feidhmeach agus acadúil.

Conas is féidir teacht ar na sonraí?

Is féidir teacht ar dhá chineál comhaid sonraí i gCéim 1 de Ag Fás Aníos in Éirinn: Comhaid Micreashonraí Gan Tréithe Pearsanta Luaite agus Comhaid Micreashonraí do Thaighdeoirí.

Is tacar sonraí gan tréithe pearsanta luaite atá ar fáil go poiblí é an Comhad Micreashonraí Gan Tréithe Pearsanta Luaite (CMTPL). Ba chóir do thaighdeoirí ar mian leo teacht ar an CMTPL iarratas a dhéanamh chuig Cartlann Sonraí Eolaíochtaí Sóisialta na hÉireann (CSESÉ/ISSDA) ag www.ucd.ie/issda.

Is tacar sonraí níos mionsonraithe é na Comhaid Mhicreashonraí do Thaighdeoirí (CMT). Caithfidh an taighdeoir a bheith ceaptha mar Oifigeach Staidrimh ag an bPríomh-Oifig Staidrimh sular féidir leis/léi teacht ar an CMT, rud a chiallaíonn go bhfuil an taighdeoir faoi réir dhéine agus phionóis iomlána an Achta Staidrimh, 1993. Ba chóir do thaighdeoirí ar mian leo teacht ar an CMT iarratas a dhéanamh chuig an Roinn Gnóthaí Leanaí agus Gnóthaí Óige ag www.dcyv.ie.

Snáithe 1G: Dámhachtain um Thaighde i bPolasaí Maoinithe Bithéagsúlacht II: Riachtanais Airgeadais agus Pleanáil Straitéiseach

Arna dtacú ag: Páirceanna Náisiúnta agus Seirbhísí Fiadhúlra Cur Síos ar an Ábhar/Scóip

In ainneoin tuarascála ar chaillteanas bithéagsúlachta, níl dóthain maoinithe ar fáil do chaomhnú. Deirtear gurbh é easpa acmhainní airgeadais príomhchúis nach raibh Éire in ann spriocanna na Náisiúin Aontaithe maidir le meath bithéagsúlachta a chosc a bhaint amach le déanaí agus aithnítear go forleathan gur bacainn mhór í seo ar chaomhnú éifeachtach bithéagsúlacht ar fud an domhain agus in Éirinn. Tá an eipidéim seo d'easpa maoinithe i gcroílár na hearnála caomhnaithe ó lár na 2000í chun spriocanna Aichi de chuid 'Convention on Biological Diversity's (CBD) 2020' a bhaint amach. Mar fhreagra air seo, d'fhorbair an CBT acmhainn intíre ar slógadh straitéise ina gcaithfidh páirtithe tuarascáil a dhéanamh ar chaiteachas bithéagsúlachta agus pleananna straitéiseacha airgeadais a chur le chéile le cinntiú go mbaintear leas as acmhainní as na foinsí uile le pleananna gníomhacha bithéagsúlachta náisiúnta a chur i bhfeidhm go héifeachtúil.

Is dúshlán domhanda mór agus práinneach é an bhearna airgeadais do chaomhnú bithéagsúlachta a dhúnadh, agus caithfear taighde agus forbairt a dhéanamh sa réimse. Ach, níl mórán tuisceana againn ar leibhéal, dáileadh agus feidhmiú caiteachas maoiniú atá ar fáil don chaomhnú go stairiúil. Tá Éire ar cheann de na chéad tíortha sa domhan forbartha a rinne Athbhreithniú foirmiúil ar Chaiteachas Náisiúnta ar Bithéagsúlacht, chun sreabhadh airgeadais ar chaomhnú bithéagsúlachta a thomhais agus anois tá léiriú soiléir ann ar chaiteachas bithéagsúlachta ón earnáil phoiblí agus ón earnáil neamhbhrabúis. Meastar, i dtorthaí tosaigh an taighde a dhéanann caiteachas in earnáil phoiblí agus in earnáil neamhbhrabúis na hÉireann a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a rianú, gur caitheadh €247 milliún in aghaidh na bliana, go díreach nó go hindíreach ar bhearta a bhaineann le bithéagsúlacht idir 2010 agus 2015, agus gur caitheadh €1.48 billiún san iomlán le linn na sé bliana ([Morrison & Bullock, 2018](#)).

Is táscaire maith é airgeadas bithéagsúlachta a rianú ar dhul chun cinn náisiúnta agus idirnáisiúnta i dtreo gealltanais a rinneadh le cosc a chur ar mheath bithéagsúlachta, agus cuirtear measúnú ar fáil ar phatrúin a bhaineann le leithdháileadh agus le dáileadh airgeadais i gcoinne tosaíochtaí bithéagsúlachta. Cruthaítear sa léiriú soiléir seo de shruthanna airgeadais do chaomhnú bithéagsúlachta, a chuirtear ar fáil san Athbhreithniú ar Chaiteachas na hÉireann ar an mBithéagsúlacht, ardán i gcomhair níos mó taighde ar chur chuige níos straitéisí nó córasaí ar pleanáil airgeadais don chaomhnú agus anailís ar dheiseanna sa todhchaí chun airgeadais a ghríosú. Féadfaidh leis an BER faisnéis bhonnlíne a chur ar fáil chun níos mó taighde a éascú ar conas is féidir an uasmhéid dul chun cinn a dhéanamh chun spriocanna caomhnaithe a bhaint amach taobh istigh de bhuiséad teoranta, agus sa bhealach sin an maoiniú teoranta a dháileadh i mbealach straitéiseach. Díritear i dtaighde atá ag teacht chun cinn sa réimse seo ar éifeacht costais an chaomhnaithe agus ní measúnú ar riachtanais agus costais airgeadais amháin. Díritear ar bhrabús ón infheistíocht chun déanamh cinntí a mheasúnú agus ar úsáid straitéiseach acmhainní teoranta don chaomhnú.

Riachtanais

Agus aird ar an Tionscnamh Airgeadas Bithéagsúlachta (BIOFIN) atá á mhaoiniú ag Clár Forbraíochta na Náisiúnta Aontaithe (<http://www.biodiversityfinance.net/home>), féadfaidh go gcuimseodh na tograí taighde polasaithe na gnéithe seo a leanas agus iad eagraithe de réir tábhachta:

Measúnú ar Riachtanais Airgeadais

Costas caomhnaithe in Éirinn a mheas. Tá taighde ag teastáil le tógáil ar thorthaí Athbhreithniú ar Chaiteachas Náisiúnta ar Bhithéagsúlacht chun na riachtanais nó na costais iomlán a bhaineann leis na cuspóirí ar chaomhnú bithéagsúlachta a bhaint amach a aithint trí mheasúnú cuimsitheach, Measúnú ar Riachtanais Airgeadais (MRA). Tá na cuspóirí do MRA ar bhithéagsúlacht náisiúnta trialach faoi láthair agus is féidir roinnt modheolaíochta éagsúla a úsáid, lena n-áirítear buiséadú incriminteach, múnú stairiúil ar bhuiséadú, costáil bunaithe ar ghníomhaíochta, costáil bunaithe ar thorthaí. Is é costáil bunaithe ar thorthaí nó ar fheidhmiú an rogha cur chuige, ach ní mór taighde a dhéanamh chun an modh is oiriúnaí d'Éirinn a aithint. Teastaíonn níos mó taighde le feiceáil conas is féidir an MRA a chomhtháthú leis an gcreat agus le torthaí Athbhreithniú ar Chaiteachas na hÉireann ar an mBithéagsúlacht, leis an bpróiseas buiséadaithe náisiúnta agus le cuspóirí Phlean Gníomhaíochta na hÉireann ar an mBithéagsúlacht Náisiúnta. Is limistéar cleachtais atá ag teacht chun cinn atá san MERA agus moltar chomhoibriú grinn leis an bhfoireann BIOFIN ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta.

Sruthanna, riachtanais agus bearnaí airgeadais amach anseo chun bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a bhainistiú agus a chaomhnú

Anailís a dhéanamh ar riachtanais infheistíochta ionchais don bhithéagsúlacht amach anseo. Sonraítear caiteachas reatha agus san am atá caite ar an mbithéagsúlacht san Athbhreithniú ar Chaiteachas Náisiúnta ar Bhithéagsúlacht. Tá deiseanna breise ann le cur leis an anailís agus an bonnlíne faisnéise seo a chuireann an NBER ar fáil, i.e. an méid airgeadais a theastaíonn agus aon bhearna airgeadais atá ann a chainníochtú go mbeifear in ann na spriocanna náisiúnta maidir le bithéagsúlacht a bhaint amach. Ba chóir uirlisí airgeadais tionscail BIOFIN agus an uirlis Financial Needs Assessment Data a úsáid chun maoiniú don tionscadal sa todhchaí a mheas agus é sin bunaithe ar aschuir an BER.

Plean Straitéiseach Airgeadais: Straitéis ar acmhainn nádúrtha a ghríosú

Éifeacht an chaiteachais reatha a mheas agus measúnú cuimsitheach a chur ar fáil do na sruthanna airgeadais féideartha uile atá ann (m.sh. íocaíochtaí do sheirbhísí éiceachórais, fritháireamh bithéagsúlachta, slogaidí carbóin a athchóiriú, aistriú fíoscach, etc.), mar aon le díriú níos fearr ar na tomhais atá ann cheana féin don bhithéagsúlacht. Féadfar go mbeidh machnamh ar chúiseanna i bhfabhar agus i gcoinne sineirge a fhorbairt mar chuid den mheasúnú seo agus cuspóirí sóisialta agus eacnamaíochta trí mhaoiniú a bhaineann le seirbhísí éiceachórais, lena n-áirítear síneadh chun seirbhísí éiceachórais a rialú chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe ar nós caighdeán uisce, tuile agus oiriúnú i leith athrú aeráide. Ba chóir go dtógfar

ar mholtaí tábhachtacha de chuid an Athbhreithnithe ar Chaiteachas Náisiúnta ar Bhithéagsúlacht agus go gcuirfear cásanna staidéir ar nuálaíocht idirnáisiúnta agus dea-chleachtas san áireamh chomh maith. Beidh sé mar aidhm ag an measúnú seo straitéis a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna airgeadais atá ann, ag cur meicníochtaí oiriúnacha agus meicníochtaí a ghlactar go náisiúnta le chéile chun ceannach isteach tras-rannóga a bhaint amach.

Cur i bhfeidhm náisiúnta na straitéise beartaithe slógtha acmhainní

Cuir breithnithe ar fáil agus iad bunaithe ar fhianaise taighde le haghaidh cur i bhfeidhm moltaí a bhaineann le meicníochtaí maoiniúcháin ar bith a aithníodh maidir le gnéithe amhail riachtanais institiúideacha, dlíthe agus rialacháin, cánacha agus táillí, aithint tairseacha dlí, baint dreasachtaí a dhéanann díobháil do bhithéagsúlacht, tuarascálacha staidéir féidearthachta agus pleananna feidhmiúcháin breise, próisis deimhniúcháin, comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha, comhaontuithe deonacha, srl.

Athbhreithniú ar Pholasaí agus ar Institiúidí: Polasaí forbartha earnála a dhéanann dochar don timpeallacht agus don bhithéagsúlacht, pleanáil agus airgeadas

Cuireann an tAthbhreithniú ar Chaiteachas na hÉireann ar an mBithéagsúlacht measúnú cuimsitheach ar fáil do bhonn chaiteachas láithreach agus san am atá caite na hearnála poiblí agus neamhbhrabúis ar chaomhnú bithéagsúlachta, ag tabhairt léiriú ar na príomhshruthanna airgeadais do chaomhnú bithéagsúlachta ar fud na hÉireann. Ach, bíonn tionchar dearfach agus diúltach ag an bpolasaí reatha agus na creatlacha institiúideacha ar an mbithéagsúlacht agus ar sheirbhísí éiceachórais. Teastaíonn Athbhreithniú níos deimhne ar Pholasaí agus ar Institiúidí (ag teacht le leabhar oibre BIOFIN) chun na bacainní atá ann chun acmhainní do chaomhnú a ghríosú agus chun airgeadas a athchóiriú, déanfar polasaithe agus fóirdheontais a dhéanann dochar don bhithéagsúlacht a anailísiú chun an dúshlán atá ann in airgeadas a ghríosú agus le polasaí agus athchóiriú fíoscach timpeallachta a bhaint amach.

Aschuir:

Aon fhaisnéis eile:

Achar Ama	24 mhí
Luach na Dámhachtana	€100,000

Snáithe 1H: Oideachas agus cumarsáid geo-eolaíochta

Arna dtacú ag: Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann

Réamhrá

Tá Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (SGÉ) freagrach as comhairle agus eolas geolaíoch a chur ar fáil, agus as sonraí a fháil chun na críche seo. Cuireann sí réimse táirgí éagsúla ar fáil amhail léarscáileanna, tuarascálacha agus bunachair shonraí agus gníomhaíonn sí mar ionad eolais agus mar chomhpháirtí tionscadail i ngach aon ghné den gheolaíocht Éireannach. Baineann páirtí leasmhara sa saol acadúil, i dtionscal, sa rialtas agus lucht déanta polasaithe úsáid as sonraí SGÉ. Leagtar amach i Straitéis Taighde de chuid Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (SGÉ) a ghealltanais le taighde fheidhmeach i réimse acmhainní nádúrtha lena n-áirítear screamhuisce, fuinneamh geoiteirmeach, mianraí agus oidhreacht gheolaíochta a mhaoiniú www.gsi.ie/research.

Tá straitéis chumarsáide nua á forbairt ag SGÉ agus tá neart uirlisí cumarsáide agus oideachais á n-athdhearadh acu chomh maith (lena n-áirítear suíomh gréasáin nua a sheolfar i nDeireadh Fómhair 2017). Caithfear níos mó taighde a dhéanamh ar (i) conas a fhoghlaimíonn daoine (idir scoláirí agus an pobal i gcoitinne) agus conas a phróiseáiltear faisnéis, (ii) mheonta daoine i leith geolaíochta agus acmhainní nádúrtha agus (iii) an mbealach is fearr le gníomhaíochtaí an SGÉ, polasaí geolaíochta agus aschuir eolaíochta a chur in iúl, mar chuid de chlár an taighde.

Is éard is geolaíocht ann ach staidéar ar an Domhan ar a phróisis agus conas a chuireann siad isteach ar ár saolta. Clúdaítear réimse topaicí san ábhar seo ón gcaoi ar cruthaíodh an Domhan chuig úsáid ár n-acmhainní nádúrtha agus an tionchar a bhíonn ag an gcine daonna ar an Domhan sa lá atá inniu ann. Áirítear leis sin ár n-acmhainní nádúrtha cosúil le screamhuisce, acmhainní mianraí, amhábhair agus foinsí fuinnimh, a mheas, a thuiscint agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Bíonn tionchar ag an ngeolaíocht ar ár n-aigéin, aimsir agus atmaisféar. Tá sé riachtanach go dtuigtear córais an Domhain le cinntiú go mbainistíofar ár n-acmhainní i gceart sa todhchaí agus chun bearta maolaithe a chur le chéile i gcoinne contúirtí ar nós brúchtaí bolcánacha, creathanna talún, súnáimhe agus tuile. Is réimse taighde tábhachtach é meon an phobail i leith acmhainní nádúrtha chomh maith. Méadaíonn líon na n-ábhar a úsáidtear i gcónaí ach is beag an tuiscint atá ann ar an áit óna dtagann na hábhair sin nó conas a phróiseáiltear na hacmhainní sin (m.sh. céard atá i do ghuthán póca, cén t-ábhar atá i do theach nó i do charr?). Cé go bhfuiltear ag athchúrsáil níos mó acmhainní ar nós miotail agus Eilimintí Tearca an Domhain, tá daonáireamh an domhain ag méadú agus leis sin an t-éileamh atá ann ar tháirge teicneolaíochta agus fuinnimh chomh maith. Ní mór dúinn feachtas an phobail a fheabhsú ar cén áit óna dtagann na hacmhainní nádúrtha seo.

Tá níos mó eolais ag scoláirí anois ar an ngeolaíocht mar gheall ar athruithe a cuireadh i bhfeidhm ar churaclaim scoile. Ach, iarrtar ar Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann go minic níos mó faisnéise agus ábhar foghlama a chur ar fáil le tacú leis an gclár oideachais. Tá Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann ag súil le hábhair teagaisc agus oideachais a fhorbairt chun tacú leis an gcuraclam atá

ann cheana féin agus a fheabhsú, cuirfear na teicneolaíochtaí teagaisc nua san áireamh chomh maith agus na hábhair seo á bhforbairt.

Tá clár cumarsáide ginearálta á chur le chéile ag SGÉ faoi láthair chomh maith le cur leis na hábhair oideachais seo, cuirfear níos mó faisnéise ar fáil don phobal sa chlár seo. Tá sé mar aidhm ag an SGÉ agus na hábhair seo á gcur le chéile acu ach níos mó faisnéise a chur ar fáil do shaoránaigh ionas go mbeidh siad in ann cinntí eolacha a dhéanamh ar acmhainní nádúrtha na hÉireann agus ar ár riachtanais fhuinnimh sa todhchaí.

Tá Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann ag súil le tairbhe a bhaint as an tacaíocht a dtugann siad do chiste taighde COALESCE 2018 ag cur leis an mbunachar taighde a bhaineann leis an obair atá idir lámhe acu.

Teastaíonn ón SGÉ tograí a lorg ón bpobal taighde, ag tarraingt ar smaointe nua agus forbairtí tras-disciplíneacha i réimsí acadúla a bhaineann le hoideachas geolaíochta (bunscoile agus/nó iarbhunscoile) agus cumarsáid leis an bpobal. Ba chóir don tionscadal a bheith mar bhunachar eolais do (i) churaclam oideachais fhoirmiúil agus do (ii) chumarsáid leis an bpobal i gcoitinne a maidir le cúrsaí geolaíochta agus acmhainní nádúrtha ach go háirithe.

Forbróidh an taighde beartaithe moltaí atá bunaithe ar fhianaise don phobal i gcoitinne agus do ranna/gníomhaireachta an rialtais maidir le hoideachas agus cumarsáid gheolaíochta (tabhair faoi deara: ba chóir go mbeidh sé seo mar *bhonn eolais* struchtúr an ábhair agus na dteachtaireachtaí agus ní gá go mbeidh ábhar eolaíochta nó teicniúil mar chuid de) agus moltaí a dhéanamh ar an gcineál ábhar praiticiúla ar chóir iad a chur ar fáil don phobal agus don lucht teagaisc. Ba chóir go gcuimseodh an taighde seo:

- Athbhreithniú idirnáisiúnta ar mheicníochtaí foghlama, oideolaíocht agus stíleanna teagaisc/foghlama agus iad á gcur i bhfeidhm ar an ngeolaíocht agus measúnú ar na hathruithe a tháinig chun cinn sna patrúin seo mar gheall ar theicneolaíocht nua (don bhunscoil agus don iarbhunscoil).
- Athbhreithniú idirnáisiúnta ar dhea-cleachtas agus straitéisí chun cumarsáid a dhéanamh ar an ngeolaíocht leis an bpobal (ar acmhainní nádúrtha agus fuinneamh ach go háirithe);
- Straitéisí náisiúnta a fhorbairt (lena n-áirítear uirlisí cumarsáide) chun feachtas daoine ar an ngeolaíocht a ardú;
- Forbairt treoirlínte agus pleanáil do ghníomhaireachtaí eile agus ranna Rialtais eile a phleanáil le tacú le hoideachas agus le cumarsáid ar an ngeolaíocht. Ba chóir go dtacódh sé seo leis na struchtúir agus na gníomhaireachtaí atá ann sa réimse seo (m.sh. An Roinn Oideachais, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta¹⁵, Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil etc.)

Ba chóir na hathbhreithnithe seo a dhearbhu le staidéir shocheolaíocha agus síceolaíoch nuair is cuí. Ba chóir d'iarratasóirí machnamh a dhéanamh ar fheidhm an SGÉ (mar aon leis na comhpháirtíochtaí is mó atá aici le ranna agus gníomhaireachtaí an Rialtais), agus ar a ról a bheith mar bhonn eolais do pholasaí

¹⁵ www.ncca.ie

poiblí, mar aon lena eagraíochtaí bainteacha ar nós an CNCM, cumainn mhúinteoirí etc. Ba chóir go ndíreofar ar pheirspictíochtaí nua nó ar bhearnaí eolais san fhianaise nó réimsí spéise ábhartha a shainaithint sa taighde.

Caithfidh tograí a bheith gaolmhar go díreach leis na haidhmeanna a bhfuil cur síos orthu thuas, fócas feidhmithe a bheith acu agus go mbeidh léargais nua ar phríomhcheisteanna agus ar na moltaí ar polasaí/straitéiseacha a bheidh mar thoradh orthu. Táthar ag súil go dtabharfaidh saineolaithe i réimse an oideachais/oideolaíochta/na cumarsáide poiblí ar an eolaíocht faoin obair seo. Cuirfidh foireann an SGÉ ábhar agus saineolas ar an ngeolaíocht ar fáil.

Riachtanais

Ní mór d'iarraitasóirí bheith in ann léiriú conas mar a fhorbróidh an clár an phunann scileanna taighde atá acu cheana agus conas mar a rachaidh sé i gcion ar a múinteoireacht nó a gcleachtais.

Beifear ag súil go rachadh na dámhachtaithe a n-éireoidh leo i gcomhairle go rialta le SGÉ agus leis na comhpháirtithe tionscadail ainmnithe. Chuige seo:

- ainmneoidh SGÉ agus gníomhaireachtaí ábhartha eile/ENRanna duine teagmhála sonraithe de réir mar is cuí
- Ba chóir cuireadh a thabhairt do SGÉ páirt a ghlacadh i, nó ainmnitheach a sholáthar d'aon struchtúr stiúrtha nó comhairleach atá á thionól chun tacú leis an tionscadal taighde
- Caithfear dul i gcomhairle le SGÉ maidir le seoladh agus scaipeadh na dtorthaí
- Caithfear aitheantas iomlán a thabhairt do SGÉ sna foilseacháin agus aschuir go léir

Tá na dámhachtainí faoi réir na gceanglas tuairiscithe atá sonraithe i dTéarmaí agus Coinníollacha an chiste taighde COALESCE 2018.

Aon fhaisnéis eile

Achar ama:	Uasmhéid 24 mí ó thús an tionscadail
Teorainn mhaoinithe in agaidh an tionscadail:	Uasmhéid €100,000 (lena n-airítear forchostais ag 25%)

Snáithe 1I: Luach oidhreacht geolaíochta don tsochaí agus don eacnamaíocht a mheas agus a chur in iúl

Arna dtacú ag: Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann

Réamhrá

Tá Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (SGÉ) freagrach as comhairle agus eolas geolaíoch a chur ar fáil, agus as sonraí a fháil chun na críche seo. Cuireann sí réimse táirgí éagsúla ar fáil amhail léarscáileanna, tuarascálacha agus bunachair shonraí agus gníomhaíonn sí mar ionad eolais agus mar chomhpháirtí tionscadail i ngach aon ghné den gheolaíocht Éireannach. Baineann páirtí leasmhara sa saol acadúil, i dtionscal, sa rialtas agus lucht déanta polasaithe úsáid as sonraí SGÉ. Leagtar amach i Straitéis Taighde de chuid Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (SGÉ) a ghealltanas le taighde fheidhmeach i réimse acmhainní nádúrtha lena n-áirítear oidhreacht gheolaíochta a mhaoiniú www.gsi.ie/research.

Cé nach dtugann an pobal luach mór ar oidhreacht geolaíochta, cuireann sí go mór lenár ngeilleagar trí thurasóireacht (m.sh. Aillte an Mhothair, Boirinn, córas uaimhe na hÉireann, gníomhaíochtaí amuigh faoi aer). Tá trí Geopháirc Domhanda de chuid UNESCO in Éirinn¹⁶ (Boirinn agus Aillte an Mhothair, An Chósta Copair agus Na hUaimheanna Áirse Mharmair; an chéad Geopháirc Domhanda de chuid UNESCO atá trasteorann). Ní chruthaíonn na háiteanna seo go leor ioncaim ó chuairteoirí amháin ach is pointí fócais iad don phobal áitiúil agus do thionscadail oideachais. Ba chóir don tionscadal seo na buntáistí eacnamaíochta a bhaineann leis na Geopháirceanna Domhanda UNESCO mar gheall ar an lipéad 'Geopháirc', agus na buntáistí indéreacha a bhaineann leo chomh maith cosúil le sláinte agus folláine.

Is féidir luach roinnt suíomhanna geolaíochta a mheas ach is é aidhm an tionscadail seo meon an phobail i leith oidhreacht geolaíochta a thomhas chomh maith: An bhfuil luach leis (mar rud a chuireann leis an ngeilleagar áitiúil nó mar chuid dár n-oidhreacht)? An dtuigtear na próisis gheolaíochta? An bhfuiltear ar an eolas ar limistéir a d'fhéadfaí damáiste a dhéanamh orthu/a chreimeadh? An fiú é a chosaint faoi chóras monatóireachta foirmiúil? Más fiú, cé ar chóir dóibh monatóireacht a dhéanamh ar na limistéir seo? Ar chóir láithreacha geolaíochta a chur ar an scéim náisiúnta cosanta?

Bíonn cumarsáid ar luach ár n-oidhreacht geolaíochta ag brath ar thionscadail ad hoc faoi láthair agus ar mhargaíocht aonair nó áitiúil i gcomhair suíomh ar leith. Tá sé mar aidhm ag Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann straitéis náisiúnta a bhunú ina ndéanfar moltaí do ghrúpaí a bhfuil suíomhanna oidhreacht geolaíochta áitiúla á mbunú acu mar gheall ar an gcúnamh mór a dtugann oidhreacht geolaíochta dár ngeilleagar agus dár sochaí. Ba chóir go mbeidh comhoibriú leis na tacaíochtaí náisiúnta atá ann cheana féin (m.sh. an Comhairle Oidhreacht, NPWS, údaráis áitiúla, an Coimisinéir do Shoilse na hÉireann, Iontaobhas Comharthaí Fearann na hÉireann etc.)

Tá Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann ag súil le tairbhe a bhaint as an tacaíocht a dtugann siad do dhámhachtain taighde COALESCE 2018 ag cur leis an mbunachar taighde a bhaineann leis an obair atá idir lámhe acu.

¹⁶ <http://www.unesco.org/new/en/natural-sciences/environment/earth-sciences/unesco-global-geoparks/>

Teastaíonn ón SGÉ tograí a lorg ón bpobal taighde, ag tarraingt ar smaointe nua agus forbairtí tras-disciplíneacha i réimsí acadúla a bhaineann le hoidhreacht geolaíochta, geothurasóireacht, le heacnamaíochta agus le tionchar ar an tsochaí. Ba chóir don tionscadal díriú ar an luach don tsochaí agus don eacnamaíocht a bhaineann le hoidhreacht geolaíochta agus le Geopháirceanna Domhanda UNESCO.

Forbróidh an taighde beartaithe moltaí atá bunaithe ar fhianaise don phobal I gcoitinne agus do ranna/gníomhaireachta an rialtais maidir le Geopháirceanna, oidhreacht geolaíochta agus geothurasóireacht. Ba chóir go mbeidh aschuir an tionscadail mar bhonn eolais na dteachtaireachtaí i suíomhanna mar seo agus go mbeidh argóintí ar son nó i gcoinne cosanta náisiúnta ann chomh maith. Ba chóir go gcuimseodh an taighde seo:

- Athbhreithniú idirnáisiúnta ar dhea-chleachtas do bhainistíocht suíomhanna oidhreacht geolaíochta na hÉireann;
- Athbhreithniú idirnáisiúnta ar dhea-chleachtas don chumarsáid ar shuíomhanna oidhreacht geolaíochta agus Geopháirceanna le raon leathan úsáideoirí agus páirtithe leasmhara;
- Straitéisí cumarsáide a fhorbairt (lena n-áirítear uirlisí cumarsáide) chun feasacht daoine ar ár n-oidhreacht geolaíochta a ardú. Ba chóir go mbeidh gnéithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mar chuid de na straitéisí seo agus go mbeidh nasc idir na straitéisí nua agus na tacaíochtaí atá ann cheana féin;
- Forbairt treoirlínte agus pleanáil do ghníomhaireachtaí eile agus ranna Rialtais eile a phleanáil le tacú le hainmniú agus le monatóireacht ar shuíomhanna oidhreacht geolaíochta. Ba chóir go gcuirfidh siad seo leis na huirlisí agus na treoirlínte atá ann cheana féin (m.sh. uirlisí ón 'UNESCO Global Geopark LIFE project' ar dhea-chleachtas, staidéar ar mhapáil polasaí).
- Ba chóir don tionscadal seo na buntáistí eacnamaíochta a bhaineann leis na Geopháirceanna Domhanda UNESCO mar gheall ar an lipéad 'Geopháirc', agus na buntáistí indíreacha a bhaineann leo chomh maith cosúil le sláinte agus folláine'.

Ba chóir d'iarratasóirí machnamh a dhéanamh ar fheidhm an SGÉ (mar aon leis na comhpháirtíochtaí is mó atá aici le ranna agus gníomhaireachtaí an Rialtais), agus ar a ról a bheith mar bhonn eolais do pholasaí poiblí, mar aon le ról m.sh. An Chomhairle Oidhreacht, an tSeirbhís Pháirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, agus Údaráis Áitiúla. Ba chóir go ndíreofar ar pheirspictíochtaí nua nó ar bhearnaí eolais san fhianaise nó réimsí spéise ábhartha a shainaithint sa taighde.

Caithfidh tograí a bheith gaolmhar go díreach leis na haidhmeanna a bhfuil cur síos orthu thuas, fócas feidhmithe a bheith acu agus go mbeidh léargais nua ar phríomhcheisteanna agus ar na moltaí ar polasaí a bheidh mar thoradh orthu.

Riachtanais

Ní mór d'iarratasóirí bheith in ann taispeáint conas a chomhtháthóidh an taighde beartaithe an gheolaíocht le hoidhreacht/turasóireacht. Ní mór léiriú conas mar a fhorbróidh an clár an phunann scileanna taighde atá acu cheana agus conas mar a rachaidh sé i gcion ar a múinteoireacht nó a gcleachtais chomh maith.

Beifear ag súil go rachadh na dámhachtaithe a n-éireoidh leo i gcomhairle go rialta le SGÉ agus leis na comhpháirtithe tionscadail ainmnithe. Chuige seo:

- ainmneoidh SGÉ agus gníomhaireachtaí ábhartha eile/ENRanna duine teagmhála sonraithe de réir mar is cuí
- ba chóir cuireadh a thabhairt do SGÉ páirt a ghlacadh i, nó ainmnitheach a sholáthar d'aon struchtúr stiúrtha nó comhairleach atá á thionól chun tacú leis an tionscadal taighde
- caithfear dul i gcomhairle le SGÉ maidir le seoladh agus scaipeadh na dtorthaí
- caithfear aitheantas iomlán a thabhairt do SGÉ sna foilseacháin agus aschuir go léir

Tá na dámhachtainí faoi réir na gceanglas tuairiscithe atá sonraithe i dTéarmaí agus Coinníollacha an chiste taighde COALESCE 2018.

Aon fhaisnéis eile:

Achar ama:	Uasmhéid 24 mí ó thús an tionscadail
Teorainn mhaoinithe in aghaidh an tionscadail:	Uasmhéid €100,000 (lena n-airítear forchostais ag 25%)

AGUISÍN 2

Snáithe 2B: Glao ó Chúnamh Éireann ar Thograí Taighde

Forbhreathnú

Tá snáithe 2B maoinithe ag Cúnamh Éireann, clár an Rialtais maidir le comhoibriú forbartha thar lear, arna riar ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Is é fíс Chúnamh Éireann go mbeidh domhan inbhuanaithe agus cothrom ann, ina gcumhachtaítear daoine leis an mbochtaineacht agus an t-ocras a shárú ionas go mbeidh siad in ann a gcearta agus a gcumas a aithint. Tuigeann Cúnamh Éireann go gcaithfear cur leis an mbunachar faisnéise go leanúnach agus cinntiú go ndeartar cinntí, polasaithe agus cláir chun bochtaineacht agus leochaileacht a laghdú agus go mbíonn siad seo bunaithe ar fhianaise mhaith ar na nithe a oibríonn agus nach n-oibríonn, chun an fhís seo a fhíorú.

Tá trí phríomhchuspóir ag [Straitéis Taighde](#) (2015-19) de chuid Chúnamh Éireann:

1. Tógáil ar fhianaise nua agus atá ann cheana féin ar thosaíochtaí Chúnamh Éireann chun bochtaineacht a laghdú
2. Cumarsáid agus glacadh polasaí a bhaineann le taighde a mhaoiníonn Cúnamh Éireann agus taighde eile a neartú
3. Pleanáil níos fearr a dhéanamh do thaighde forbartha i dtíortha páirtithe agus níos mó taighde forbartha a dhéanamh iontu agus cur isteach chun níos mó taighde a dhéanamh iontu

Cuspóir

Dearadh Snáithe2B chun taighde forbartha a chothú agus a fhorbairt in Éirinn agus i dtíortha chomhpháirtithe incháilithe¹⁷ mar fhreagra ar dhúshlán sóisialta amháin ná níos mó a shonraítear sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Dearadh an Snáithe chun chuir chuige idirdhisciplíneacha a spreagadh chun eolas a chruthú a mbeidh foghlaim dhian agus shuntasach mar thoradh orthu, ag féachaint le hathruithe a chur i bhfeidhm ag leibhéal sóisialta i dtíortha chomhpháirtithe.

Cuibhreannais Taighde Thuaidh-Theas

Cuirtear fáilte roimh iarratais ó thaighdeoirí seanbhunaithe a bhfuil taithí shoiléir acu ar an bhforbairt in institiúid taighde incháilithe in Éirinn, agus ag stiúradh cuibhreannais a raibh institiúid taighde i dtír chomhpháirtithe incháilithe amháin ar a laghad mar chuid de. Ní mór conas a thógfar cumas taighde i dtíortha chomhpháirtithe an deiscirt a léiriú sna tograí.

Fócas Téamach

Ní mór cumas comhchoiteann an chuibhreannais le dul i ngleic le príomhdhúshlán a bhaineann le sprioc amháin nó níos mó de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, agus eolas nua a chruthú a gcuirfidh le tosaíochtaí polasaithe de chuid Chúnamh

¹⁷ Vítneam an Phalaistín; aon tír san Afraic.

Éireann. Caithfear tograí a chur isteach faoi cheann amháin de na ceannteidil seo a leanas, nó díriú ar **Mhodh Sheachadta Nuálaí (Módúlachta)** i gceann amháin nó níos mó de na ceannteidil théamacha seo a leanas:

- **Talmhaíocht, Bia agus Cothú**
- **Athrú aeráide**
- **Inscne**
- **Coinbhleacht agus Leochaileacht**
- **Oideachas**
- **Sláinte**
- **Comhionannas agus Cuimsiú**

Cuspóirí Snáithe 2B

- Chun deiseanna a chur ar fáil do chomhpháirtithe nua idir taighdeoirí in Éirinn agus taighdeoirí i dtíortha chomhpháirtithe incháilithe eile, bunaithe ar an taighde is fearr agus é ag teacht le ceann amháin nó níos mó de na limistéir théamacha a liostáiltear thuas.
- Chun forbairt cumas taighde le tíortha chomhpháirtithe an deiscirt a éascú trí chomhpháirtithe le taighdeoirí Éireannacha, agus an cumas seo a úsáid le bheith rathúil in Horizon2020 agus/nó FP9.
- Tionchar ar bheartas forbartha domhanda a ghiniúint, go háirithe laistigh de phobal beartais na tíre comhpháirtíochta
- Cuir tuilleadh taighde de chuid chóras taighde na hÉireann leis an gClár Oibre ar Fhorbairt Inbhuanaithe
- Cur chuige atá bunaithe ar thaighde atá bunaithe ar dhúshlán a chur chun cinn agus cumas náisiúnta agus comhoibríochta sa réimse seo a spreagadh ionas go mbeidh tionchair dhearfacha ann do dhaoine bochta agus do dhaoine leochaileacha mar thoradh ar an gcur chuige seo.

Comhaontú Taighde

Is coinníoll do mhaoiniú i gcomhair gach tionscadal faoin tsraith seo go gcruthaítear comhaontú taighde idir an bpríomhinstitiúid in Éirinn agus an institiúid (na hinstitiúidí) sa tír chomhpháirtíochta. Rialóidh an comhaontú seo an caidreamh idir an príomhinstitiúid agus an institiúid (na hinstitiúidí) chomhpháirtithe agus beidh nósanna imeachta agus prótacail chomhaontaithe ar thuairisciú, aistriú airgid, gnéithe eitice agus údaracht mar chuid den chomhaontú seo. Nóta: ní liosta cuimsitheach an liosta gnéithe thuasluaite.

Nótaí breise:

- Rialóidh nádúr na saincheisteanna i limistéar téamach áirithe (nó trasthéamach) aschuir, torthaí agus tionchair áirithe a sheachadfaidh gach cuibhreannas.
- Ní mór go leagtar amach i ngach iarratas conas a bhunófar cur chuige straitéiseach ar scaipeadh agus ar thionchar an pholasaí ón tús, lena n-áirítear

na páirtithe leasmhara agus na conairí cumarsáide a aithint, ag teacht le cuspóir de chuid Chúnamh Éireann chun glacadh taighde i bpolasaí a mhéadú.

- Mar aon leis na riachtanais thuairiscithe chaighdeánach a leagtar amach sna Téarmaí agus Coinníollacha seo, beidh ar iarratasóirí rathúla faoin tsraith seo freastal ar chruinniú déthaobhach amháin le Cúnamh Éireann in aghaidh na bliana agus ar ócáid scaipthe níos mó ag deireadh an tionscadail (ag a mbeidh foireann/páirtithe leasmhara de chuid Chúnamh Éireann chomh maith).
- Cothófar píblíne d'iarratasóirí féideartha amach anseo trí chomh-mhaoiniú le clár '*New Foundations*' de chuid na comhairle, cuirfear líonrú níos lú agus deontais le cur le hacmhainn ar fáil faoin gclár seo ionas go mbeifear in ann tógáil orthu agus cuir isteach ar *Snáithe 2B de COALESCE*.
- Molann Cúnamh Éireann do dhaoine a bheidh páirteach i bhforbairt in Éirinn agus dóibh siúd ar mhaith leo iarratas a dhéanamh faoin nglao seo ballraíocht a dhéanamh leis an DSA in Éirinn. Is é The Development Studies Association of Ireland (www.dsaireland.org) an chéad chumann in Éirinn do thaighdeoirí agus do chleachtóirí a oibríonn i réimse na forbartha idirnáisiúnta. Is é príomhchuspóir an DSAI cur le cumas taighde i réimse staidéar ar an bhforbairt in Éirinn tríd a ghrúpaí staidéir théamacha, mar aon le sraith imeachtaí bliantúla - lena n-áirítear comhdháil náisiúnta, ceardlann iarchéime, seimineáir théamacha agus scoil shamhraidh. Is é aidhm an DSAI an bhearna atá ann idir taighde forbartha, polasaí agus cleachtas a chomhlíonadh trí pháirt a thabhairt do thaighdeoirí, comhairleoirí agus cleachtóirí ag na himeachtaí seo.

AGUISÍN 3

Nósanna Imeachta agus Critéir Mheasúnaithe

Déanfar gach iarratas a chuirtear isteach ar an Scéim a mheasúnú ar bhonn iomaíoch trí phróiseas a bhfuil dhá chéim leis. Beidh athbhreithniú piaraí cianda mar chuid de Chéim 1 an mheasúnaithe. Seolfar na hiarratais i gcomhair measúnú cianda mar chuid den phróiseas athbhreithnithe phiaraí. Rachaidh gearrliosta d'iarratais ar aghaidh chuig Céim 2 agus déanfaidh bord measúnaithe idirnáisiúnta measúnú orthu agus roghnóidh an bord sin na tograí a bhfaighidh maoiniú.

Is é príomhchuspóir an BIM ná teacht suas le rangú *cáilíochtúil* ar na hiarratais. Rangóidh an BIM na hiarratais ar bhonn an eolais a cuireadh ar fáil agus tabharfaidh sé breithiúnas foriomlán ar an gcaighdeán. Tá gach ball den BIM faoi réir Chód Iompraíochta comhaontaithe.

Déanfar meastóireacht ar iarratais de réir an phróisis cúig chéim seo a leanas:

1. Cáilitheacht agus comhlíonadh na dTéarmaí agus Coinníollacha;
2. Meastóireacht trí athbhreithniú piaraí
3. Meastóireacht roimh an gcruinniú ag baill an BIM ar iarratais atá ar an ngearrliosta;
4. Cruinniú den BIM (más gá) chun rangú cáilíochtúil a dhéanamh ar gach iarratas agus a oiriúnacht le haghaidh maoiniú a chinneadh; agus,
5. Aiseolas d'iarratasóirí incháilithe.

Beidh cinneadh na Comhairle i dtaobh cibé an mbronnfar deontas faoin Scéim seo críochnaitheach. Cuirfear an toradh in iúl d'iarratasóirí i scríbhinn agus cuirfear aiseolas gan ainm a lua leis ar fáil do gach iarratasóir incháilithe. Tá an Bord Feidhmiúcháin na Comhairle coiscthe ó thorthaí an chomórtais a phlé ar an teileafón.

Critéir Mheastóireachta

Leagtar amach an critéar meastóireachta do gach snáithe thíos.

Critéar Meastóireachta SNÁITHE 1		
Critéar Meastóireachta	Sonraí	Marc/100
Cáilíocht an Togra	Oiriúnacht choincheap agus chuspóirí an togra i dtaca le haidhmeanna na scéime, lena n-áirítear:	45
	- féidearthacht an taighde beartaithe a bheith mar bhonn eolais do pholasaí agus/nó cleachtas taobh istigh den Toradh Straitéiseach Náisiúnta (NSO) roghnaithe <u>nó</u> de théama snáithe comhpháirtí; - féidearthacht an tionscadail cur le forbairt taighde sa limistéar amach anseo. Cuimsitheacht agus cáilíocht an chuir chuige atá le glacadh lena n-áirítear: ➤ modheolaíocht taighde; ➤ bainistíocht sonraí; ➤ smaoineamh ar shaincheisteanna eiticiúla agus iad a bhaineann le gnéas-inscne; agus ➤ teorainneacha an chuir chuige atá le glacadh. Taithí agus saineolas ábhartha an iarratasóra maidir leis an tionscadal beartaithe lena n-áirítear bheith in ann léiriú go bhfuil cumas cruthaithe aige/aici an obair a dhéanamh go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta.	
Polasaí ar chomhoibriú agus ar thionchar	Fianaise ar chomhoibriú tras-earnála mar chuid den togra lena n-áirítear: ➤ comhpháirtithe polasaí deimhnithe ➤ comhleanúnachas, creidiúnacht an chomhoibrithe, lena n-áirítear gnéithe nuálacha ➤ cómhaoiniú ó chomhpháirtithe* ➤ acmhainní eile atá tiomanta ag comhpháirtithe tras-earnála	25
Féidearthacht an cur i bhfeidhm agus bainistíocht ar an tionscadal beartaithe	Féidearthacht phlean an tionscadail lena n-áirítear an amlíne. Bainistiú beartaithe an tionscadail lena n-áirítear cumas príomhaschuir a chur ar fáil in am, cur síos soiléir ar gharspriocanna, féidearthacht agus oiriúnacht amscálaí indéantacht na n-amlíní.	20
Costas Beartaithe agus Luach ar Airgead	Leithdháileadh cuí acmhainní agus luach ar airgead léirchruithaithe lena n-áireofar cur síos iomlán ar chostais, an bonn cirt atá leis na costais seo agus plean chun a chinntiú go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as acmhainní.	10

*Níl sé seo riachtanach do Snáithe 1B-1F toisc go bhfuil an snáithe maoinithe nó chomh-mhaoinithe ag comhpháirtí polasaí cheana féin

Critéar Meastóireachta Snáithe 2A		
Critéar Meastóireachta	Sonraí	Marc/100
Cáilíocht an Togra	Oiriúnacht choincheap an togra i dtaca le haidhm na scéime, lena n-áirítear iad seo a leanas: - Tábhacht an tionscadail bheartaithe agus an méid a chuirfidh sé leis an réimse taighde nó leis an ábhar taighde ar leith. - Cur chuige ildisciplíneach agus an bhaint atá ag an gcur chuige seo leis an SDG a ndéileáiltear leis sa togra. Cuimsitheacht agus cáilíocht an chuir chuige atá le glacadh lena n-áirítear: ➤ modheolaíocht taighde; ➤ bainistíocht sonraí; ➤ smaoineamh ar shaincheisteanna eiticiúla agus iad a bhaineann le gnéas-inscne; agus ➤ teorainneacha an chuir chuige atá le glacadh. Taithí agus saineolas ábhartha na n-iarratasóirí maidir leis an tionscadal beartaithe lena n-áirítear bheith in ann léiriú go bhfuil cumas cruthaithe acu an obair a dhéanamh go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta.	45
Chomhoibriú agus tionchar	Féidearthacht forbairt bhreise cumais (mar shampla, cuibhreannais a thógáil ar thionscadail idirdhisciplíneacha le FP9) Fianaise ar chomhoibriú trasearnála mar chuid den togra lena n-áirítear: ➤ comhpháirtithe neamh-oideachasúil deimhnithe ➤ comhleanúnachas, creidiúnacht an chomhoibrithe, lena n-áirítear gnéithe nuálacha ➤ cómhaoiniú ó chomhpháirtithe ➤ acmhainní eile atá tiomanta ag comhpháirtithe tras-earnála	25
Féidearthacht an cur i bhfeidhm agus bainistíocht ar an tionscadal beartaithe	Féidearthacht phlean an tionscadail lena n-áirítear an amlíne. Bainistiú beartaithe an tionscadail lena n-áirítear cumas príomhaschuir a chur ar fáil in am, cur síos soiléir ar gharspriocanna, féidearthacht agus oiriúnacht amscálaí.	20
Costas Beartaithe agus Luach ar Airgead	Leithdháileadh cuí acmhainní agus luach ar airgead léirchruithaithe lena n-áireofar cur síos iomlán ar chostais, an bonn cirt atá leis na costais seo agus plean chun a chinntiú go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as acmhainní.	10

Critéar Meastóireachta Snáithe 2B		
Critéar Meastóireachta	Sonraí	Marc/100
Cáilíocht an Togra, lena n-áirítear an tionchar atá ag an bpolasaí	Oiriúnacht choincheap an togra i dtaca le haidhm na scéime, lena n-áirítear iad seo a leanas: - Tábhacht an tionscadail bheartaithe agus an méid a chuirfidh sé leis an téama roghnaithe de chuid Chúnamh Éireann - Féidearthacht an tionscadail cur le forbairt polasaí domhanda amach anseo agus i dtír/dtíortha páirtithe ach go háirithe Cuimsitheacht agus cáilíocht an chuir chuige atá le glacadh lena n-áirítear: ➤ modheolaíocht taighde; ➤ bainistíocht sonraí; ➤ smaoineamh ar shaincheistean eiteiciúla agus iad a bhaineann le gnéas-inscne; agus ➤ teorainneacha an chuir chuige atá le glacadh. Taithí agus saineolas ábhartha na n-iarratasóirí maidir leis an tionscadal beartaithe lena n-áirítear bheith in ann léiriú go bhfuil cumas cruthaithe acu an obair a dhéanamh go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta.	45
Comhoibriú agus Toilleadh	Féidearthacht an tionscadail tacú le taighde níos fearr i dtíortha páirtithe Féidearthacht an tionscadail cur leis an gcomhpháirtíocht dhomhanda thuaidh-theas ag díriú ar iarratais do FP9 agus/nó deiseanna maoinithe idirnáisiúnta eile amach anseo Fianaise ar fheidhmiú pholasaí trasearnála nó chomhpháirtithe sochaí shibhialta	25
Féidearthacht an cur i bhfeidhm agus bainistíocht ar an tionscadal beartaithe	Féidearthacht phlean an tionscadail lena n-áirítear an amlíne. Ba chóir go mbeidh na gnéithe trasnáisiúnta seo a leanas mar chuid den bhainistíocht atá beartaithe don tionscadal cumas príomhaschuir a chur ar fáil in am; cur síos soiléir ar gharspriocanna; agus féidearthacht agus oiriúnacht amscálaí.	20
Costas Beartaithe agus Luach ar Airgead	Leithdháileadh cuí acmhainní agus luach ar airgead léirchruithaithe lena n-áireofar cur síos iomlán ar chostais, an bonn cirt atá leis na costais seo agus plean chun a chinntiú go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as acmhainní ar bhonn trasnáisiúnta.	10

AGUISÍN 4

Treoir maidir leis an Diminsean Gnéis-Inscne in Inneachar Taighde

Réamhrá

Déanann sárthaighde lánbhreithniú ar dhiminsin fhéideartha an ghnéis bhitheolaíoch agus na hinscne sóisialta mar eochairthróga anailíseacha mínitheacha. Mura dtugtar aghaidh ar saincheistean ábhartha an ghnéis agus na hinscne nó mura ndéileáiltear i gceart leo, beidh torthaí an taighde neamhiomlán agus d'fhéadfaidís bheith claonta. Ní mór lánbhreithniú a dhéanamh ar an diminsean gnéis-inscne in inneachar taighde maidir leis na dámhachtainí go léir de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn agus beidh sé seo ina riachtanas freisin le haghaidh maoiniú Deiseanna Nua 2020.

Cuirtear an t-eolas thíos ar fáil chun cuidiú le hiarratasóirí an dearbhú maidir leis an diminsean seo a chomhlánú san iarratas¹⁸. Tógtar seo ón bhFoireann Uirlisí Inscne i dtaighde a bhíonn á mhaoiniú ag an AE, rud a bhfuil sé mar chuspóir aici uirlisí praiticiúla a thabhairt don phobal taighde chun gnéithe inscne a chomhtháthú ina dtaighde, lena n-áirítear comhdheiseanna do mhná agus d'fhir agus an diminsean gnéis-inscne sa taighde, cás a chabhróidh le sárthaighde dá bharr. Féach freisin <http://genderedinnovations.stanford.edu/> le haghaidh samplaí de chás-staidéir in Eolaíocht, Sláinte & Leigheas, Innealtóireacht agus Comhshaol.

Achoimre ar an tSraith Straitéisí 'Toolkit Gender in EU-funded research'

An bhailíocht is fearr is féidir sa taighde: Aimsítear caighdeán agus bailíocht níos airde nuair a ghlactar le cur chuige atá gnéas-íogair agus inscne-íogair i dtaca le hinneachar an taighde. Má chuireann taighde na difríochtaí idir fir agus mná sa phobal taighde san áireamh, beidh na torthaí níos ionadaíche. Ní dhéanann catagóirí ginearálta amhail 'daoine', 'othair' nó 'úsáideoirí' idirdhealú idir fir agus mná.

D'fhéadfadh sé tarlú go soláthródh taighde bunaithe ar chatagóirí dá leithéid páirt-chonclúidí bunaithe ar pháirtshonraí. Mar shampla, ba chóir do chóireáil nua do d'ailse chéche othair fhireanna a chur san áireamh, d'fhonn pictiúr iomlán a fháil. Díríonn an chuid is mó den taighde le samhail ainmhíocha ar fhireannaigh ag fágáil na mbaineannach amach (Zucker et al., 2010; Marts et al., 2004). Ní féidir le taighde ar imirce eacnamaíocha dearcadh na bhfear amháin a chur san áireamh más mian leis an bpobal imirceach ar fad a thuiscint.

Conas diminsean féideartha na hinscne agus na himpleachtaí don taighde atá ar siúl agat a bhreithniú

Smaointe taighde agus hipitéisí: Ní mór anailís a dhéanamh ar ábharthacht ghnéas agus inscne maidir leis an ábhar agus laistigh de agus caithfear an méid eolais atá ar fáil ina thaobh a mheas. Féadfar leas a bhaint as taighde a rinneadh roimhe sin agus ar an litríocht ata ann cheana agus hipitéisí á bhfoirmliú. Déanta na fírinne, tá méadú rianúil ag teacht ar an eolas atá ar fáil faoi shaincheistean an ghnéis agus na hinscne le blianta fada anuas agus féadfar leas a bhaint as mar ábhar tagartha spéisiúil chun hipitéisí nua le haghaidh taighde amach anseo a thógáil.

¹⁸ http://www.yellowwindow.be/genderinresearch/downloads/YW2009_GenderToolKit_Module1.pdf

Dearadh tionscadail agus modheolaíocht taighde: Bíodh is go bhfuil difríochtaí idir modheolaíochtaí taighde, bíonn siad go léir ag iarraidh (gnéithe den) réaltacht a léiriú. Nuair a bhaineann an réaltacht seo le daoine, ba chóir go ndéanadh aon mhodheolaíocht idirdhealú idir na gnéasanna agus dálaí na bhfear agus na mban a chur san áireamh ar an mbonn céanna. Dá bhrí sin, tá grúpaí amhail ‘saoránaigh’, ‘othair’, ‘tomhaltóirí’, ‘íospartaigh’ nó ‘páistí’ ró-ghinearálta mar chatagóirí.

Feidhmiú an taighde

Ní mór d’uirlis***bailithe sonraí*** (amhail ceistneoirí agus seicliostaí agallaimh) a bheith inscne-íogair, teanga inscne-neodrach a úsáid agus bheith in ann réaltachtaí difriúla na bhfear agus na mban a bhrath. Cuideoidh sé seo chun laofacht inscne a sheachaint. Mar shampla, ní bhíonn na freagraí atá le soláthar ag ‘ceann an teaghlach’ bailí de riachtanas do gach ball den teaghlach.

Anailís sonraí: Sa chuid is mó den taighde a bhaineann le hábhair daonna, déantar sonraí a dhí-chomhbhailiú de réir gnéis mar chúrsa gnáthaimh, agus bheifeá ag súil go loighciúil go gcuirfeadh sé sin anailís de réir gnéis ar fáil. Ach go dtí seo, ní hé seo a tharlaíonn de ghnáth. Má thógtar gnéas mar athróg lárnach ar bhonn córasach agus má dhéantar athróg eile a anailísiú i dtaca leis (m.sh. gnéas agus aois, gnéas agus ioncam, gnéas agus soghluaisteacht, gnéas agus saothar), cuirfidh sé seo léargais shuntasacha úsáideacha ar fáil. Bealach maith eile chun an tionchar is mó a chinntiú ná ról a thabhairt do ghrúpaí d’úsáideoirí deiridh atá cothromaithe ó thaobh inscne i rith an taighde.

Céim an scaipthe – tuairisciú sonraí: Ní leor sonraí ar leith i dtaca le gnéas agus inscne a bhailiú má fhágtar ar lár iad as na torthaí foilsithe. Ba chóir gnéas-inscne a chuimsiú i bhfoilseacháin ‘phríomhshrutha’ toisc go mbaineann an athróg seo gach píoc chomh mór le gnáthréaltacht an lae is a bhaineann aon athróg eile a ndéantar staidéar uirthi. Is féidir breithniú a dhéanamh ar ghníomhartha scaipthe sonraithe (foilseacháin nó imeachtaí) le haghaidh cinntí gnéis agus inscne. Ba chóir institiúidí agus ranna a dhíríonn ar inscne a chuimsiú sna spriocghrúpaí ar a scaipfear na torthaí. Ba chóir go n-úsáidfí teanga inscne-neodrach i bhfoilseacháin.

SEICLIOSTA LE HAGHAIDH GNÉIS AGUS INSCNE IN ÁBHAR TAIGHDE

Céim na Smaointí Taighde:

- Má tá daoine i gceist mar ábhair thaighde, an bhfuil anailís déanta ar ábharthacht an ghné gnéas-inscne don topaic thaighde?
- Muna mbaineann an taighde go díreach le daoine, an bhfuil an caidreamh difreáilte a d’fhéadfadh a bheith ag fir agus mná le hábhar an taighde soiléir go leor?
- An bhfuil athbhreithniú déanta agat ar litríocht agus foinsí eile a bhaineann le difríochtaí gnéis-inscne i réimse an taighde?

Céim an togra:

- An gcinntíonn an mhodheolaíocht go n-imscrúdófar difríochtaí (féideartha) gnéis-inscne: go mbaileofar sonraí arna ndifriú de réir gnéis agus inscne agus go

ndéanfar anailísiú orthu i rith timthrialla an taighde agus go mbeidh siad mar chuid den fhoilseachán deiridh?

- An dtugann an togra míniú follasach cuimsitheach ar chonas a láimhseálfar saincheistean na gnéis-inscne (m.sh i bpacáiste oibre ar leith)?
- Ar cuireadh san áireamh go bhféadfadh aschuir agus tionchair an taighde ar fhir agus ar mhná a bheith difreáilte?

Céim an taighde:

- An bhfuil na ceistneoirí, suirbhéanna, grúpaí fócais srl ceaptha chun difríochtaí maidir le gnéas agus/nó inscne i do shonraí a d'fhéadfadh a bheith ábharthach a aimsiú?
- An bhfuil na grúpaí atá páirteach sa tionscadal (m.sh. samplaí, grúpaí tástála) cothromaithe ó thaobh inscne? An ndéantar anailís ar shonraí de réir athróige an ghnéis? An ndéantar anailís ar athróga ábhartha eile i dtaca le gnéas?

Céim an Scaipthe:

- An soláthraíonn na hanailísí staitisticí, táblaí, figiúirí agus tuairiscí a dhíríonn ar na difríochtaí ábhartha ó thaobh gnéis agus inscne a tháinig chun cinn i rith an tionscadail?
- An bhfuil na hinstiúidí, ranna agus irisí a dhíríonn ar inscne i measc na spriocghrúpaí ar a scaipfear na torthaí, maraon leis na hirisí taighde príomhshrutha? Ar chuir tú foilseachán nó imeacht ar leith ar chinntí a bhaineann le gnéas-inscne san áireamh?

AGUISÍN 5

Clár Oibre ar Fhorbairt Inbhuanaithe na NA

Sa bhliain 2015 leag na Náisiúnta Aontaithe 17 sprioc amach ag súil le **deireadh a chur leis an mbochtaineacht, an pláinéad a chosaint agus rath a chinntiú do chách** mar chuid de chlár oibre nua ar fhorbairt inbhuanaithe. Tá cuspóirí éagsúla ag gach sprioc le baint amach sna 15 bhliain amach romhainn. Tá na spriocanna uile liostáilte thíos agus cur síos gairid ar an ábhar a bhaineann siad leis. Tá roinnt cuspóirí áirithe agus casta ag gach Sprioc. Táthar ag súil go nglacfaidh gach duine páirt sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: rialtais, an earnáil phríobháideach, an tsochaí shibhialta agus gnáthdhaoine.

Tá níos mó faisnéise ar fáil ar <https://www.un.org/sustainabledevelopment/sustainable-development-goals/>, agus is féidir Réiteach na NA a léimh ar http://www.un.org/ga/search/view_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E



Sprioc 1: Deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus gach foirm den bhochtaineacht ar fud an domhain

Chonacthas go leor chun cinn ar bhochtaineacht a laghdú ón mbliain 1990. Ach, maireann duine as cúigear i réigiúin i mbéal forbartha ar níos lú ná \$1.90 in aghaidh an lae, agus tá na milliúnaí ann a mhaireann ar bheagán níos mó ná an méid bheag sin, agus daoine eile atá i mbaol a bheith bocht arís. Tá sé mar aidhm ag an sprioc seo bochtaineacht agus éagothroime a laghdú agus deireadh a chur le dearbh-bhochtaineacht.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/poverty/>

Sprioc 2: Deireadh a chur leis an ocras, slándáil bia a chinntiú, cothú a fheabhsú agus talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn

Tá duine amháin as naonúr (815 milliún) gannchothú sa domhan. Féadfaidh leis an earnáil bhia agus thalmhaíochta réitigh a chur ar fáil d'fhorbairt, agus tá an earnáil seo an-tábhachtach chun deireadh a chur le hocras agus le **bochtaineacht**. Déantar machnamh ar na bealaí ina bhfásaimid, a roinnimid agus a n-ithimid ár mbia sa Sprioc seo.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/hunger/>

Sprioc 3: Saol sláinte agus folláine a chur chun cinn ag gach aois

Bíonn saol sláinte agus folláine a chur chun cinn ag gach aois riachtanach d'fhorbairt inbhuanaithe. Dírítear ar an mbaol atá ann do leanaí agus do mhná atá ag iompar clainne **VEID/SEIF, maláire agus galair eile a tholghadh a laghdú.**

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/health/>

Sprioc 4: Oideachas ionchuimsitheach ar chaighdeán cothrom a chinntiú agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chinntiú do chách

Is é bonn le haghaidh saol daoine a fheabhsú agus forbartha inbhuanaithe oideachas atá ar ardchaighdeán a fháil. Dírítear ar oideachas riachtanach a chinntiú do chách agus do leanaí ach go háirithe.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/education/>

Sprioc 5: Comhionannas inscne a bhaint amach agus gach bean agus cailín a chumhachtú

Ní cearta daonna bunúsach amháin é comhionannas inscne, agus is bonn riachtanach é do dhomhan síochánta, rathúil agus inbhuanaithe. Bainfidh geilleagair, sochaí agus an cine daonna go ginearálta uile tairbhe as rochtain chothrom d'oideachas, do chúram sláinte, d'obair mhaith agus ionadaíocht i bpróisis cinnteoireachta a bhaineann le cúrsaí polaitíochta agus eacnamaíochta a chur ar fáil do mhná agus do chailíní.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/gender-equality/>

Sprioc 6: Soláthar, bainistíocht inbhuanaithe agus sláintíocht uisce a chinntiú do chách

Tá rochtain ar uisce slán riachtanach don domhan ar mhaith linn a bheith inár gcónaí ann. Cé go bhfuil dóthain uisce ann le freastal ar riachtanais daonáireamh an domhain, faigheann na milliúin duine bás gach bliain ó ghalair a bhaineann le soláthar, sláintíocht agus sláinteachas neamhleor uisce.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/water-and-sanitation/>

Sprioc 7: Rochtain ar fhuinneamh inacmhainne, iontaofa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha a chinntiú do chách

Bíonn fuinneamh i gcroílár gach dúshlán agus deis mhór a bhíonn ar an domhan inniu. Is príomhchuspóir é líon fuinneamh carbóin a úsáidtear a laghdú chun spriocanna fadtréimhse aeráide a bhaint amach.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/energy/>

Sprioc 8: Fás geilleagrach leanúnach, ionchuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn agus lánfhostaíocht agus obair thorthúil agus mhaith a chur chun cinn do chách

Maireann thart ar leath daonáireamh an domhain ar thart ar US\$2 in aghaidh an lae. San iomarca áiteanna ní chinntíonn post go mbeifear in ann bochtaineacht a sheachain. Tá sé mar aidhm ag an sprioc seo polasaithe eacnamaíochta agus sóisialta a dhíríonn ar dheireadh a chur le bochtaineacht a athchóiriú.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/economic-growth/>

Sprioc 9: Bonneagar seasmhach a thógáil, tionsclaíocht ionchuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn agus nuálaíocht a chothú

Infheistíochtaí i mbonneagar – iompar, uisciú, fuinneamh agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide – tá siad seo uile riachtanach chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach agus chun pobail éagsúla a chumhachtú. Táirgiúlacht agus ioncam a mhéadú, agus ní mór infheistiú i mbonneagar sula mbeidh feabhas i dtorthaí a bhaineann le sláinte agus le hoideachas.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/infrastructure-industrialization/>

Sprioc 10: Éagothroime i dtíortha agus idir tíortha a laghdú

Aontaítear go forleathan nach bhfuil fás geilleagrach amháin in ann bochtaineacht a laghdú mura bhfuil an fás sin éagothroime agus mura bhaineann na trí réim d'fhorbairt inbhuanaithe leis – eacnamaíoch, sóisialta agus timpeallachta.

Cé gur laghdaíodh éagothroime ioncaim idir tíortha, méadaíodh éagothroime sna tíortha sin.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/inequality/>

Sprioc 11: Cinntiú go bhfuil cathracha agus lonnaíochtaí daonna éagothroime, sábháilte, seasmhach agus inbhuanaithe

Téitear i ngleic le go leor dúshlán i gcathracha -- cuir i gcás brú tráchta, easpa seirbhísí bunúsacha, easpa tithíochta imleoire agus bonneagar atá ag meath -- agus is féidir na dúshláin seo a shárú go mbeidh na cathracha in ann leanúint ar aghaidh ag fás, agus ag úsáid acmhainní i mbealach níos fearr agus ag laghdú truailliú agus bochtaineacht ag an am céanna.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/cities/>

Sprioc 12: Cinntiú go bhfuil na patrúin a bhaineann le tomhaltas agus le táirgeadh inbhuanaithe

Is éard atá ann i dtomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe ach éifeacht acmhainne agus fuinnimh agus bonneagar inbhuanaithe a chur chun cinn, agus rochtain do sheirbhísí bunúsacha, do phoist ghlasa agus mhaithe agus caighdeán maireachtála níos fearr a chur ar fáil do chách. Díritear ar uisce, bia agus fuinneamh a thairgeadh agus a úsáid go hinbhuanaithe.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/sustainable-consumption-production/>

Sprioc 13: Dul i ngleic le hathrú aeráide agus a thionchar go láithreach¹⁹:

Tá tionchar diúltach ag athrú aeráide ar gach tír ar gach mór-roinn faoi láthair. Cuireann athrú aeráide isteach go mór ar gheilleagar náisiúnta, ar shaolta, ar phobail agus ar thíortha sa lá atá inniu ann agus beidh sé seo níos measa fiú amach anseo. Ghlac tíortha leis an [gComhaontú Pháras](#) ag an 21ú Comhdháil na bPáirtithe (nó COP) isteach i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide (UNFCCC) i bPáras ar an 12 Nollaig 2015. D'aontaigh na tíortha uile le hoibriú le chéile chun an méadú ar theocht domhanda a theorannú a choinneáil níos nó ná

¹⁹ Is é Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide an príomh-fhóram idirnáisiúnta agus |idir-rialtais ar fhreagracht domhanda ar athrú aeráide a chur le chéile.

2 chéim Celsius, agus ag tabhairt aghaidh ar na rioscaí contúirteacha atá ann, iarracht a dhéanamh an méadú sin a choinneáil ag 1.5 chéim Celsius.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/climate-change-2/>

Sprioc 14: Na haigéin, na farraigí agus acmhainní mara a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe i gcomhair forbartha inbhuanaithe

Is iad aigéin an domhain – agus an teocht, an cheimic, na sruthanna agus an saol a bhaineann leo – a theorann córais dhomhanda ionas go mbeidh an cinnte daonna in ann maireachtáil ar an Domhan. **Is príomhghné í bainistíocht chúramach ar an acmhainn riachtanach domhanda seo ar thodhchaí inbhuanaithe.**

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/oceans/>

Sprioc 15: Éiceachórais thrastíre a chosaint, a athneartú agus úsáid inbhuanaithe a chur chun cinn, coillte a bhainistiú go hinbhuanaithe, dul i ngleic le fairsingiú fásaigh, agus díghrádú talaimh a stopadh agus a chúlú agus stop a chur le cailleadh bithéagsúlachta

Dífhoraoisiú agus fairsingiú fásaigh – dhá rud ar chuthaigh gníomhaíochtaí daonna agus athrú aeráide iad – is dúshlán mhóra iad ar an bhforbairt inbhuanaithe agus chuir siad isteach ar shaolta agus ar shlite beatha na milliún duine agus iad ag troid in aghaidh bochtaineachta.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/biodiversity/>

Sprioc 16: Sochaí atá síochánta agus ionchuimsitheach d'fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, rochtain ar an gceart a chur ar fáil do chách agus institiúidí éifeachta, freagracha agus ionchuimsitheacha a thógáil ag gach leibhéal

Tá Sprioc 16 de chuid na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe tiomanta do chur chun cinn sochaí atá síochánta agus ionchuimsitheach d'fhorbairt inbhuanaithe, rochtain ar an gceart a chur ar fáil do chách agus institiúidí éifeachta agus freagracha a thógáil ag gach leibhéal.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/peace-justice/>

Sprioc 17: Feidhmiú Comhpháirtíochta Domhanda le haghaidh Forbartha Inmharthana a neartú agus an chomhpháirtíocht a athnuachan

Teastaíonn comhpháirtíocht idir rialtais, idir an earnáil phríobháideach agus an tsochaí shibhialta chun clár oibre ar fhorbairt inbhuanaithe rathúil a chur chun cinn. Tógtar ar phrionsabail agus ar luachanna sna comhpháirtíochtaí ionchuimsitheacha seo, agus ar spriocanna atá ag an dá taobh a gcuirtear daoine agus an pláinéad i gcroílár agus atá de dhíth ag leibhéal domhanda, réigiúnach, náisiúnta agus áitiúil. Caithfear gníomh a dhéanamh láithreach chun cumhacht trilliún dollar d'acmhainní príobháideacha a scaoileadh, agus ansin a ghríosú agus a atreorú, chun na cuspóirí a bhaineann le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/globalpartnerships/>

AGUISÍN 6

Acmhainní ar Phleananna Bainistíochta Sonraí agus ar Phrionsabail FAIR

- [Clár H2020 \(2016\) Treoirlínte ar Bhainistíocht Sonraí FAIR in Horizon 2020](#)
- [Clár H2020 \(2016\) Treoirlínte ar Rochtain Oscailte ar Fhoilseacháin Eolaíocha agus Sonraí Taighde in Horizon 2020.](#)
- [OpenAire](#) - Tionscadal OpenAIRE2020
- [Prionsabail FAIR maidir le sonraí FORCE 11](#)
- [ROAR](#) - Registry of Open Access Repositories (Clárlann de Stórtha Rochtana Oscailte)
- [OpenDoar](#) - Directory of Open Access Repositories (Eolaire de Stórtha Rochtana Oscailte)
- [Clárlann de Stórtha Sonraí Taighde](#)



IRISH RESEARCH COUNCIL
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn